

# LGMA
# **Tuarascáil Bhliantúil**
# 2022

LGMA
Local Government
Management Agency

# Ár bhFís

I gcomhréir le húdaráis áitiúla, lárionad barr feabhais i gcomhpháirt a bheidh sa GBRÁ agus tabharfaidh sí ceannaireacht do chineálacha cuir chuige earnála a fhéachfaidh le seirbhísí poiblí eiseamláireacha a fhorbairt agus a chur ar fáil ar bhonn níos leithne ag an leibhéal áitiúil Ár Ráiteas Misin Fócas a thabhairt do ghníomhaíochtaí le go seachadfaí eispéireas custaiméara ar ardchaighdeán d'údaráis áitiúla, agus tús áite tugtha d'fhorbairt agus do chur chun cinn dea-chleachtais maidir le polasaithe, córais agus cuir chuige earnála nuair atáthar ag dul i ngleic leis na dúshláin ghnó atá roimh údaráis áitiúla

# Ár Ráiteas Misin

Fócas a thabhairt do ghníomhaíochtaí le go seachadfaí eispéireas custaiméara ar ardchaighdeán d'údaráis áitiúla, agus tús áite tugtha d'fhorbairt agus do chur chun cinn dea-chleachtais maidir le polasaithe, córais agus cineálacha cuir chuige earnála nuair atáthar ag dul i ngleic leis na dúshláin ghnó atá roimh údaráis áitiúla

# Clár Ábhair


| | | |
|---|---|---|
| Buaicphointí dúinn i mbliana | | 4 |
| **1** | Machnamh ar an mbliain atá imithe tharainn | 6 |
| **2** | Cuspóirí, Luachanna | 8 |
| **3** | Struchtúr, Rialachas agus Bainistiú | 10 |
| **4** | Cruinnithe Coiste CBCC 2022 | 19 |
| **5** | Nuálaíocht, | 23 |
| **6** | Eolas | 25 |
| **7** | Abhcóideacht agus Rialtas Áitiúil | 31 |
| **8** | An Earnáil a Chumasú | 39 |
| **9** | Seirbhísí Seachadta | 43 |
| **10** | Ár nImeachtaí – Daoine a Thabhairt le Chéile chun Líonrú agus Foghlaim | 52 |

**Aguisín 1** -Tuarascáil Bhliantúil um Luach Saothair ó Iasachtaí leis an bPobal 2022 55

**Appendix 2** -Cuntais Airgeadais GBRÁ 61


LGMA
Local Government
Management Agency

# Buaicphointí dúinn sa bhliain 2022

**4** Thuarascáil Taighde a foilsíodh

**52.8%** Feidhmíocht Éifeachtúlachta Fuinnimh na hEarnála Poiblí bainte amach ó bhonnlíne 2009

Ghlac fostaithe GBRÁ **141** áit ar **60** cúrsa oiliúna.

**36** Comórtas Earcaíochta, **37** Tosaitheoir lena n-áirítear **8** nlasacht **91** Seisiún Cóitseála le **29** bhFostaí

**Tionóladh 6** chruinniú boird agus **23** chruinniú fochoiste

**12** sparánacht d'Oifigigh Soláthair

CBCC - **36** aighneacht faoi bhráid **10** Roinn

**Chuaigh 76** Cruinniú Coiste CBCC i mbun plé le **81** Páirtí Leasmhara difriúla

Seoladh **Beartas Lár Bailte ar dTús** agus Bunaíodh Oifig Náisiúnta Lár Bailte ar dTús laistigh den GBRÁ

Rinne gach Údarás Áitiúil a uasghrádú chuig **Garsprioc 7** de Chóras Bainistíochta Airgeadais Agresso

Rinneadh **Seimineár Bliantúil Dea-Chleachtais CNMI a óstáil** le linn Sheachtain na Nuálaíochta

**56,000** páiste a bhain leas as an Tionscnamh Bí i do Léitheoir Seoigh i Rith an tSamhraidh de chuid na Leabharlann

**300** ball foirne teicniúla agus riaracháin breise faofa agus maoinithe ag RTRAO

**10** gcruinniú Líonra Oifigeach AD

Breis agus **1,300** post san earnáil rialtais áitiúil a fógraíodh ar Local Gov Jobs.ie

**Síolchistiú €300,000** ó Éire Shláintiúil chun an Straitéis Folláine a neadú ag leibhéal áitiúil

Ceardlanna Comhordaithe ar Chosaint Leanaí le haghaidh **55** Oifigeach Idirchaidrimh um Chosaint Leanaí

**Cuireadh 6,625** tionscadal bóithre a bhí **6,000km ar fad i gcrích**

NPPR - rinneadh **18 milliún** a phróiseáil in 2022

**100+** duine ag freastal ar Chomhdáil AD

Teach Cónaithe a Thairiscint - **224** Duine a bhain tairbhe as Cosaint Shealadach in **73** ionad réadmhaoine

# 1 Machnamh ar an mbliain atá imithe tharainn

## Cathaoirleach



**Is cúis áthais dom Tuarascáil Bhliantúil na bliana 2022 a chur faoi bhráid an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta thar ceann Ghníomhaireacht Bainistíochta an Rialtais Áitiúil.**

Tugann an Tuarascáil Bhliantúil seo cuntas cuimsitheach ar ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta le linn 2022 agus ar obair na bhfostaithe go léir chun freastal ar riachtanais earnáil an rialtais áitiúil. Léirítear sna buaicphointí dá dtagraítear ar na leathanaigh roimhe seo an réimse leathan seirbhísí agus tacaíochtaí a chuireann an Ghníomhaireacht ar fáil i gcónaí d'earnáil an rialtais áitiúil.

Le linn na bliana, lean an Ghníomhaireacht ar aghaidh ó thaobh an tsamhail seachadta seirbhíse comhroinnte a chur i bhfeidhm. I mbliana, seoladh an Beartas um Lár Bailte ar dTús agus bunaíodh an Chéad Oifig Náisiúnta um Lár Bailte ar dTús laistigh den GBRÁ. Tacaíonn an Grúpa Comhairleach Náisiúnta Maoirseachta (NOAG) agus an CBCC leis an Oifig Náisiúnta. Ba iad na cuspóirí tosaíochta don Oifig in 2022 ná Líonra Oifigeach Athnuachana Baile a bhunú, ina rianófaí dul chun cinn ar fhorbairt na bPleananna um Lár Bailte ar dTús do na 26 láthair náisiúnta phíolótacha agus forbairt an Phlean Forfheidhmithe Bliantúil um Lár Bailte ar dTús.

Lean GBRÁ ar aghaidh ó thaobh tacú leis na príomhréimsí, is é sin, Tithíocht, Tógáil agus Pleanáil le linn 2022 i gcomhar le hOifig Chomhordú an tSoláthair Tithíochta. Chuir an tAonad um Sholáthar Tithíochta Foilmhe Éigeandála (an Úcráin) ceannaireacht agus tacaíocht ar fáil maidir leis an bhfreagairt ar ghéarchéim dhaonnúil na hÚcráine, go háirithe maidir le cóiríocht do dhídeanaithe ón Úcráin, ionaid fáiltithe éigeandála agus comhordú gníomhaireachtaí stáit/ freagairtí pobail trí struchtúir na bhfóram pobail.

Leanadh ar aghaidh leis an obair ar aistriú seirbhísí uisce ó údaráis áitiúla go hUisce Éireann tar éis críoch a chur le cainteanna faoi choimirce an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre agus foilsiú an Chreata um Sheachadadh Seirbhísí Uisce sa Todhchaí i mí an Mheithimh.


Ó Iúil go Nollaig 2022, chuaigh Grúpa Oibre a rinne ionadaíocht thar ceann na hEarnála i mbun teagmhála le hUisce Éireann agus d'fhorbair siad Máistir-Chomhaontú um Chomhoibriú agus Comhaontú Seirbhísí Tacaíochta a ghabhann leis.

Lean GBRÁ ar aghaidh ó thaobh tacú leis an suíomh Gréasáin www.localgovernmentjobs.ie agus fógraíodh breis agus 1,300 post in earnáil an rialtais áitiúil le linn 2022. Tugadh gearrliostú treoirlínte chun críche freisin, agus scaipeadh iad ar an earnáil, agus rinne an GBRÁ éascaíocht ar oiliúint maidir le gearrliostú do chleachtóirí AD. Chomhordaigh GBRÁ feachtas poist rialtais áitiúil sna meáin shóisialta freisin chun an earnáil a chur chun cinn mar fhostóir a bhfuil tóir air agus chun margaíocht a dhéanamh ar fholúntais.

Leanadh ar aghaidh leis an bhforbairt ar Mo Leabharlann Oscailte le bliain anuas agus faoi dheireadh na bliana, bhí an tseirbhís ar fáil in 32 leabharlann ar fud 18 n-údarás áitiúil. Bhí an t-aiseolas ón bpobal thar a bheith dearfach agus léiríonn sé go bhfuil méadú tagtha ar úsáid na leabharlann sin a chuireann an tseirbhís ar fáil agus go bhfuil raon níos leithne custaiméirí á mealladh acu. Rinneadh dul chun cinn leis an obair ar an Straitéis Forbartha Leabharlann Náisiúnta nua i rith na bliana.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil leis an GBRÁ as a gcuid oibre agus tacaíochta i rith na bliana agus aitheantas a thabhairt don chaoi ar éirigh leis an nGníomhaireacht seirbhís a sholáthar don earnáil ar bhonn comhleanúnach gairmiúil. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Paul Dunne, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, as a thacaíocht leanúnach agus go háirithe as a cheannaireacht. Ba mhaith liom buíochas agus moladh a thabhairt do na fostaithe freisin, na meithleacha agus na coistí go léir agus foireann iomlán GBRÁ as a gcuid seirbhíse agus tiomantais don earnáil agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhbhaill Boird as a dtacaíocht. Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl don Aire agus dá Roinn as a dtacaíocht leanúnach don Ghníomhaireacht.

Agus muid ag féachaint romhainn maidir le 2023 agus ina diaidh sin, tá GBRÁ tiomanta do leanúint lena cuid oibre maidir le tacú le hearnáil an rialtais áitiúil agus nuálaíocht agus barr feabhais a chur chun cinn i dtaca le seachadadh seirbhísí. Táimid tiomanta fós i dtaca le hobair i gcomhar le húdaráis áitiúla agus le páirtithe leasmhara náisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá roimh an earnáil agus chun na torthaí is fearr agus is féidir a sholáthar do na pobail ar a mbímid ag freastal.



**Tom Enright**
*Cathaoirleach an Bhoird*

# Príomhoifigeach Feidhmiúcháin



**Bhí bliain dhúshlánach agus ghnóthach eile ag an nGníomhaireacht In 2022. D'fhill ár bhfostaithe ar obair san oifig ar bhonn céimnithe ó Eanáir 2022 agus thug an Ghníomhaireacht ár mbeartas píolótach isteach i dtaobh obair chumaisc, le tacaíocht ó chóras iarratais ar líne.**

D'éirigh go han-mhaith leis an rolladh amach píolótach agus tá sé de rún againn beartas foirmiúil i dtaobh obair cumaisc a chur i bhfeidhm an bhliain seo chugainn. D'oibrigh an Ghníomhaireacht freisin i gcomhar le foirne AD ar fud earnáil an rialtais áitiúil chun tacaíocht agus treoir a sholáthar maidir le cur i bhfeidhm beartas agus nósanna imeachta i dtaobh obair chumaisc.

D'oibrigh Oifig Chomhordú an tSoláthair Tithíochta le húdaráis áitiúla chun a bPleananna Soláthair Thithíochta a ullmhú bunaithe ar na spriocanna soláthair thithíochta sóisialta agus inacmhainne ilbhliantúla i gcomhair 2022 go 2026. Chomhordaigh foireann Oifig Chomhordú an tSoláthair Tithíochta an cás gnó freisin chun tacú le hacmhainní breise chun tithe sóisialta agus inacmhainne a sholáthar in údaráis áitiúla, rud a d'fhág gur ceadaíodh breis agus 300 post teicniúil agus riaracháin breise agus cuireadh maoiniú ar fáil dóibh.

Bunaíodh an tAonad um Sholáthar Tithíochta Foilmhe Éigeandála (an Úcráin) sa GBRÁ in 2022 chun tacú leis an bhfreagairt náisiúnta ar ghéarchéim na hÚcráine. Is éard is aidhm don aonad comhordú a dhéanamh ar athchóiriú ionad réadmhaoine folamh lena n-úsáid mar chóiríocht dóibh siúd atá ag teitheadh ón Úcráin. Ina theannta sin, bhí ról lárnach ag an Láraonad Sonraí chun an córas Teach Cónaithe a Thairiscint a bhunú d'fhonn cur ar chumas an phobail ionaid réadmhaoine a ghealladh le húsáid i measc dídeanaithe ón Úcráin.

Cuireadh tús freisin le rolladh amach na Tairsí Pleanála Náisiúnta ar Líne in 2022 agus is féidir leis an bpobal in 12 údarás áitiúil iarratais phleanála a chlárú agus a chur isteach ar líne anois. Tá nuashonruithe ar dhul chun cinn iarratas pleanála ar fáil d'iarratasóirí go leictreonach freisin. Leanfaidh an Ghníomhaireacht ar aghaidh ó thaobh rolladh amach na tairsí chun go mbeidh sí ar fáil do na húdaráis áitiúla go léir in 2023.

Imeacht bliantúil tábhachtach inár bhféilire is ea Seachtain na Nuálaíochta agus i mbliana dhírigh an Ghníomhaireacht ar sheimineár Bliantúil Dea-Chleachtais an Choimisiúin Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (CNMI) agus d'óstáil sí ceardlann i bpearsan inár spás nuálaíochta nua-athchóirithe i dTeach an Fhionnuisce 'The Spark'.

Tá fíoráthas ar an GBRÁ an mol nuálaíochta a chur ar fáil do gach údarás áitiúil le haghaidh cruinnithe agus ceardlanna tionscadail.

D'oibrigh an Ghníomhaireacht i gcomhar le húdaráis áitiúla freisin chun deais sho-úsáidte a fhorbairt chun ceanglais an Achta um Fhaisnéis faoin Difríocht Pá idir na hInscní, 2021 a chomhlíonadh agus chuir sé seo ar chumas na n-údarás áitiúil go léir a dTuarascálacha ar an Difríocht Pá idir na hInscní le haghaidh 2022 a chur ar fáil faoin spriocdháta i gcomhair dheireadh na bliana. Lean an Fhoireann TFC ar aghaidh ó thaobh obair le húdaráis áitiúla agus rolladh amach uasghráduithe ar Check the Register agus Ireg i rith na bliana.

D'fhorbair an Lárionad um Sholáthar Straitéiseach Rialtais Áitiúil i gcomhar le hOifigí Fiontair Áitiúla agus Oifigigh Soláthair na n-údarás áitiúil an chéad treoir Ghnáth-Bhéarla ar Sholáthar Poiblí. Is éard is aidhm don treoir dhigiteach fiontair bheaga agus mheánmhéide a spreagadh chun páirt a ghlacadh i gcomórtais soláthair phoiblí chun earraí agus seirbhísí a sholáthar don earnáil phoiblí.

'Rud nua' eile ba ea tuarascáil an Rialtais Áitiúil ar Fheasacht, Rannpháirteachas agus Meon Seirbhíse, a d'ullmhaigh foireann taighde an GBRÁ, chun leibhéal feasachta an phobail ar sheirbhísí údaráis áitiúil a thomhas agus a anailísiú. Áirítear i dtuarascálacha taighde eile a rinne Aonad Taighde an GBRÁ Daonáireamh 2022 Méadú Daonra, leagtha amach de réir Údarás Áitiúil agus Príomhtháscairí Feidhmíochta Gníomhaithe ar Son na hAeráide de chuid an Rialtais Áitiúil – i gComhthéacs Éireannach. Tá athbhreithniú ar Phríomhtháscairí Feidhmíochta Gníomhaithe idirnáisiúnta ar fáil sna Príomhtháscairí Feidhmíochta Gníomhaithe ar Son na hAeráide agus mar thoradh air sin tá liosta de 121 táscaire féideartha maidir le Gníomhú ar Son na hAeráide atá le meas i gComhthéacs Éireannach.

Tá tús curtha ag an ngníomhaireacht le hobair ar ár bPlean Corparáideach nua le haghaidh 2023-2025 a thabharfaidh deis don Ghníomhaireacht leanúint ar aghaidh ó thaobh soláthar a dhéanamh d'údaráis áitiúla agus dár bpáirtithe leasmhara go léir.

Tá fíoráthas orm aitheantas a thabhairt don tacaíocht ónár mBord, ónár gCoistí, agus ónár bhfostaithe, ní fhéadfaí éachtaí na Gníomhaireachta a bhaint amach dá n-uireasa. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár gCathaoirleach, an tUas. Tom Enright, le comhaltaí an Bhoird agus lenár gcomhghleacaithe sa Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta as a dtacaíocht leanúnach le linn 2022.



**Paul Dunne**
*Príomhoifigeach Feidhmiúcháin*

# 2 Cuspóirí

| | |
|---|---|
| 1 | Seirbhísí den chéad scoth a sholáthar do rialtas áitiúil |
| 2 | Tacú le forbairt agus cur i bhfeidhm beartas rialtais |
| 3 | Tacú le rialtais áitiúla chun a gcuspóirí gnó a bhaint amach |
| 4 | Ionadaíocht a dhéanamh ar son earnáil an rialtais áitiúil ar leibhéal náisiúnta |
| 5 | Timpeallacht oibre oscailte agus mealltach a chur chun cinn agus bheith ina fhostóir a bhfuil tóir air |
| 6 | Bheith mar lárionad feabhais sna réimsí atá faoi bhráid chomhairle an LGMA |
| 7 | Tacú le dea-rialachas agus é a threisiú |

# Luachanna

## DÍRITHE AR RIALTAIS ÁITIÚLA

Cuirfidh an GBRÁ rialtas áitiúil ag croílár ár ngníomhaíochtaí.

## STRAITÉISEACH

Díreoidh an GBRÁ ar phleanáil straitéiseach 3-5 bliana a thairiscint, ag tabhairt faoi dhúshláin agus faoi dheiseanna a bheidh romhainn.

## CEANNAIREACHT

Déanfaidh an GBRÁ údaráis áitiúla a threorú agus oibreoidh sí leo agus le páirtithe leasmhara eile chun athruithe dearfacha a chur i bhfeidhm d'earnáil an rialtais áitiúil.

## COMHOIBRITHEACH

Cuirfidh an GBRÁ meon comhoibritheach chun cinn.

## NUÁLACH

Glacfaidh an GBRÁ smaointe nua, cleachtais nua agus teicneolaíochtaí nua chuici féin d'fhonn earnáil an rialtais áitiúil a chur chun cinn agus a fhorbairt ar bhealach fadbhreathnaitheach.

## FREAGRACH

Beidh an GBRÁ freagrach agus cuntasach as gach cinneadh a dhéanann sí.

## DAOINE

Beidh meas ag an GBRÁ ar ár bhfostaithe agus ar dhaoine ar iasacht agus déanfaidh sí a dícheall chun lucht oibre a fhorbairt atá ionchuimsitheach, solúbtha, eolach agus acmhainneach.

# 3 Struchtúr, Rialachas agus Bainistiú

## Dea-Rialachas a chur chun cinn

### Cód Cleachtais le haghaidh Comhlachtaí Stáit a rialú: Iarscríbhinn maidir le Cothromaíocht Inscne, Éagsúlacht, agus Ionchuimsitheacht

Amhail an 31 Nollaig 2022, bhí triúr (30%) comhaltaí ar mhná iad agus seachtar (70%) comhaltaí ar fhir iad ar an mBord, agus ní raibh aon phost folamh. Idir Eanáir 2022 agus Deireadh Fómhair 2022, bhí 4 (40%) bhean agus 6 (60%) fhear ar an mBord.

Is iad Cumann Bainistíochta Contae agus Cathrach agus an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (RTRAO) a dhéanann ballraíocht a rialú trí ionadaithe a ainmniú don Bhord. Ainmníonn an CBCC ochtar ionadaithe agus ainmníonn RTRAO beirt ionadaithe. Tá sé de rogha ag RTRAO an tríú hionadaí a ainmniú, agus go bhfuil sé de rogha ag an Aire freisin comhalta seachtrach Boird a ainmniú.

Tarraingíonn an GBRÁ comhdhéanamh inscne an Bhoird anuas agus iad i mbun comhráite leis an CBCC agus RCAL agus comhaltaí Boird nua á n-ainmniú. Aithníonn an GBRÁ tábhacht na héagsúlachta lena n-áirítear éagsúlacht inscne agus na buntáistí a thugann sé seo don eagraíocht. Tá an POF agus na fostaithe faoi réir Chód Iompraíochta agus ní mór dóibh cloí leis na ceanglais reachtúla go léir, is é sin an tAcht um Stádas Comhionann, 2000, an tAcht um Chomhionannas, 2004 agus an tAcht um Míchumas 2005, lena chinntiú go bhfuil an timpeallacht oibre saor ó leatrom bunaithe ar bhallraíocht de Phobal an Lucht Siúil, cine, náisiúntacht, dath nó bunús eitneach, reiligiún nó creideamh, aois, míchumas, gnéaschlaonadh, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh nó inscne i dtaca le fostaíocht agus oiliúint cheirde nó gairmoiliúint.

Leanann an GBRÁ de chultúr luachanna a fhorbairt atá lárnach maidir le cothromaíocht inscne, éagsúlacht agus ionchuimsiú a chur chun cinn i measc a lucht saothair.

### Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

Bunaíodh Bord GBRÁ faoin Ordú um Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (Bunú), 2012. Leagtar amach feidhmeanna an Bhoird in Alt 17 agus Alt 18 den Ordú Bunaithe. Tá an Bord freagrach don Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus téann sé i mbun an taisc seo trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh ar gach saincheist gnó tábhachtach. Is iad an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) agus an fhoireann bainistíochta shinsearach atá freagrach as an GBRÁ a bhainistiú ó lá go lá chomh maith le hí a rialú agus a threorú. Ní mór don POF agus don fhoireann bainistíochta shinsearach an treo straitéiseach leathan atá leagtha síos ag an mBord a leanúint agus ní mór dóibh a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach comhalta den Bhord ar na príomhghníomhaíochtaí agus ar na príomhchinntí a bhaineann leis an eintiteas, agus ar aon rioscaí suntasacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Feidhmíonn an POF mar idirghabhálaí díreach idir an Bord agus lucht bainistíochta GBRÁ.

### Freagrachtaí an Bhoird

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach i dTéarmaí Tagartha an Bhoird ina bhfuil Sceideal na gCúrsaí atá forchoimeádta go sonrach do chinneadh an Bhoird freisin. I measc na nithe buana gur féidir an Bord a mheas tá:

- An tuairisc is déanaí ón POF
- Dearbhú leasa
- Tuarascálacha ó choistí
- Tuarascálacha Airgeadais
- Clár Rioscaí
- Cúrsaí rialachais

Ceanglaíonn alt 18(a) den Ordú um Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (Bunú), 2012 ar Bhord an GBRÁ cuntais chearta a choimeád ar ioncam agus caiteachas uile na Gníomhaireachta, agus ar fhoinsí an ioncaim sin agus ar ábhar an chaiteachais sin, agus ar maoin, creidmheasanna agus dliteanais na Gníomhaireachta.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, tá ceanglas ar Bhord an GBRÁ:

- Polasaithe cuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta.
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama.
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin má tá sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh sé air ag feidhmiú; agus
- A bheith in ann a rá ar cloíodh le caighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe, faoi réir aon imeacht ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasaíochta shásúla a choinneáil a nochtann, le cruinneas réasúnta ag aon tráth, a staid airgeadais agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 18(a) den Ordú um Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (Bunú), 2012. Is é an Bord atá freagrach as sláine agus cothabháil na faisnéise corparáidí agus airgeadais ar shuíomh gréasáin GBRÁ.

Tá an Bord freagrach as an bplean agus an buiséad bliantúil a fhaomhadh. D'fhaomh an Bord Buiséad 2022 ar an 23 Meán Fómhair 2021 agus Plean Corparáideach 2020-2022 ar an 28 Samhain 2019.

Tá an Bord freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an Bord go dtugann ráitis airgeadais GBRÁ léargas fíor agus cothrom ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais GBRÁ amhail an 31 Nollaig 2022.

## Sceideal Cúrsaí GBRÁ

I measc na bhfreagrachtaí sonracha atá ag comhaltaí Boird tá:

- Sócmhainní GBRÁ a chosaint trí bhearta réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.
- Sócmhainní a dhiúscairt agus a chur ar scor dar luach breis agus €70,000.
- Éadálacha suntasacha a fhaomhadh ar fiú breis agus €100,000.
- Faomhadh téarmaí conarthaí móra (atá os cionn €100,000).
- Faomhadh Buiséad Bliantúla agus Pleananna Corparáideacha.
- Faomhadh Tuarascálacha Bliantúla agus cuntais.
- Comhlíonadh ceanglas reachtúil agus riaracháin maidir le ceapadh, líon, grádú, agus coinníollacha ceapacháin na bhfostaithe go léir, lena n-áirítear luach saothair agus aoisliúntas, a fhaomhadh.
- Infheistíochtaí móra agus tionscadail chaipitil a cheadú
- A chinntiú go bhfuil leibhéil údaráis tarmligthe, beartas cistíochta agus beartais um bainistíocht riosca i bhfeidhm agus go gcloítear leo.
- Go gcoimeádfar leabhair chuntais chearta a nochtfaidh le cruinneas réasúnta ag aon tráth staid airgeadais GBRÁ agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais alt 18(a) den Ordú Bunaithe 2012.
- Ceapachán, luach saothair agus measúnú ar fheidhmíocht an Phríomhfheidhmeannaigh, agus ar phleanáil comharbais, don Phríomhfheidhmeannach, de réir bheartas an rialtais.
- Go ndéanfar measúnú cothrom sothuigthe ar sheasamh GBRÁ agus a Tuarascáil Bhliantúil agus cuntais á gcur faoi bhráid an Aire.
- Cloí le gach oibleagáid reachtúil a bhaineann leis an GBRÁ. Sa chás go dtugann comhaltaí Boird aonair faoi deara neamhchomhlíonadh i leith aon oibleagáid dá leithéid, ba chóir dóibh é sin a chur in iúl dá gcomhaltaí Boird láithreach d'fhonn an cheist a chur ina cheart. Ba cheart neamhchomhlíonadh a chur in iúl don Aire ábhartha agus Rúnaí an Bhoird a chur ar an eolas faoin ngníomh seo freisin.
- Breithiúnas neamhspleách a thabhairt ar shaincheisteanna straitéise, feidhmíochta, acmhainní, príomhcheapacháin agus caighdeáin iompair.
- Leasuithe suntasacha ar shochair phinsin an Phríomhfheidhmeannaigh agus na bhfostaithe.
- Cuirfidh an Cathaoirleach in iúl don Aire ábhartha má tá riar scileanna ar leith de dhíth ar an mBord.
- De réir alt 3.9 den Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, táthar ag súil le freastal 100% ar chruinnithe Boird.

## Na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí agus um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí

Ceanglaítear ar phearsanra sinsearach GBRÁ, ar chomhaltaí Boird agus ar aon sealbhóir poist ainmnithe san eagraíocht ráitis bhliantúla a chur isteach de réir na nAchtanna seo.

## Nochtuithe Cosanta

Níor cuireadh aon nochtadh cosanta faoi bhráid an GBRÁ le linn 2022.

## Soláthar Corparáideach

Tá gníomhaíocht soláthair GBRÁ ar fad treoraithe ag na Treoirlínte agus Beartais um Sholáthar Poiblí arna bhfoilsiú ag an Roinn Airgeadais. Baineann GBRÁ leas as creataí soláthair a bunaíodh faoin tSeirbhís Náisiúnta Soláthair do sheirbhísí lena n-áirítear stáiseanóireacht, leictreachas agus gás. Cloíonn nósanna imeachta soláthair inmheánacha leis an dea-chleachtas molta lena n-áirítear leithscaradh dualgas, tuairisciú rialta bainistíochta agus córas chun caiteachas a údarú. Faoi Nósanna Imeachta Soláthair GBRÁ, éilítear ceadú ón mBord do gach caiteachas os cionn na tairsí comhaontaithe.

## Tuarascáil Bhliantúil ar Fhuinneamh GBRÁ 2022

Tá 34,002 troigh cearnach de spás oifige ag oifigí GBRÁ i mBaile Átha Cliath 8 thar dhá fhoirgneamh. Tá gá le tuairisciú bliantúil ar shonraí fuinnimh ó chomhlachtaí poiblí faoi IR 426 de 214 (agus roimhe sin faoi IR 542 de 2009). Chuir an GBRÁ tús lena húsáid fuinnimh a thuairisciú in 2009 (an Bhonnlíne) agus úsáid á baint as an gCóras M&R ar líne (arna fhorbairt ag an SEAI agus an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil).

Go dtí seo, tá an Ghníomhaireacht tar éis 52.8% a choigilt i gcomparáid leis an mbonnlíne (2009) mar a foilsíodh é i Tuarascáil Bhliantúil an SEAI 2021 ar Fheidhmíocht Éifeachtúlachta Fuinnimh san Earnáil Phoiblí. Léiríonn sé seo gur sháraigh an GBRÁ an ráta bonnlíne éifeachtúlachta agus gur bhain sí sprioc 2022 amach.

## Struchtúr an Bhoird

Tá an Bord comhdhéanta de 10 comhalta (ochtar Príomhfheidhmeannach údaráis áitiúil arna n-ainmniú ag Comhairle an Bhoird agus suas le ceathrar ainmnithe ag an Aire). Bíonn Príomhfheidhmeannaigh arna n-ainmniú do Bhord GBRÁ ina mbaill d'Fheidhmeannas an CBCC ag an am céanna. Tríd is tríd, maireann ceapacháin an Aire ar feadh tréimhse trí bliana.

Tugann an tábla ar chúl an leathanaigh sonraí faoi cheapacháin chomhaltaí an Bhoird agus na cruinnithe ar ar fhreastail siad:

### Bord GBRÁ - Dáta Ceapacháin agus Taifead Tinrimh ag Cruinnithe Boird 2022

| Ball | Post | Nótaí | Freastalta | I dteideal freastal orthu |
|---|---|---|---|---|
| **Iníon J Maguire** | POF, Comhairle Contae na Mí | Ainmnithe 10/20 | 5 | 5 |
| **An tUasal Keegan** | POF, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath | Feidhmeannach CBCC 10/14 | 5 | 6 |
| **An tUasal T Lucey** | POF, Comhairle Contae Chorcaí | Feidhmeannach CBCC 05/14 | 5 | 6 |
| **An tUasal B McGrath** | POF, Comhairle Cathrach na Gaillimhe | Ainmnithe 10/20 | 5 | 6 |
| **Iníon C Byrne** | POF, Comhairle Contae Chill Chainnigh | Ainmnithe 10/20 | 3 | 3 |
| **An tUasal M Walsh** | POF, Údaráis Áitiúla Phort Láirge | Feidhmeannach CBCC 10/18 | 5 | 5 |
| **An tUasal E Cummins** | POF, Comhairle Contae Ros Comáin | Ainmnithe 10/20 | 4 | 5 |
| **Iníon M Hurley** | Rúnaí Cúnta, RTRAO | Ainmnithe 09/20 | 1 | 2 |
| **Iníon S Neary** | Príomhchomhairleoir, RTRAO | Ainmnithe 06/19 | 3 | 6 |
| **An tUasal T Enright** | POF, Comhairle Contae Loch Garman | Ainmnithe 10/20 | 4 | 6 |
| **Iníon F Quinn** | Rúnaí Cúnta, RTRAO | Ainmnithe 05/23 | 2 | 4 |
| **An tUasal F Curran** | POF, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin | Ainmnithe 10/22 | 1 | 1 |
| **An tUasal P Daly** | Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh | Ainmnithe 10/22 | 1 | 1 |
| **An tUas. J MacGrath** | Comhairle Contae Thiobraid Árann | Ainmnithe 10/22 | 1 | 1 |

**Chuir an Bord an cúig choiste seo a leanas ar bun:**

## Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca

Tá an Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca (CIR) comhdhéanta de chúigear comhaltaí arna gceapadh ag an mBord, ar comhaltaí neamhspleácha neamhfheidhmiúcháin iad go léir agus comhalta amháin ar a laghad a bhfuil taithí ábhartha airgeadais le deireanas aige/aici. Is é ról an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca (CIR) ná tacú leis an mBord maidir lena fhreagrachtaí i dtaobh saincheisteanna riosca, rialaithe agus rialachais agus dearbhú bainteach leis seo.

Tá an CIR neamhspleách ó bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Cinntíonn an Coiste go háirithe go ndéantar monatóireacht ghníomhach neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchta. Tuairiscíonn an CIR tuairisc chuig an mBord tar éis gach cruinniú agus go foirmiúil i scríbhinn gach bliain.

**Tharla ceithre chruinniú den Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca i rith 2022. Is iad a chomhalta ná:**

| Ball | Post | Freastalta | I dteideal freastal orthu |
|---|---|---|---|
| **An tUasal M Walsh (Cathaoirleach)** | POF, Údaráis Áitiúla Phort Láirge | 3 | 3 |
| **An tUasal E O'Sullivan** | POF, Comhairle Contae Muineacháin | 0 | 3 |
| **An tUasal A Connolly** | Oifigeach Neamhphoiblí | 4 | 4 |
| **An tUasal J McKeon** | Ceannasaí Airgeadais, Comhairle Contae Longfoirt | 1 | 2 |
| **Iníon H Cunningham** | Ceannasaí Airgeadais, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin | 4 | 4 |
| **An tUasal B McGrath** | POF, Comhairle Cathrach na Gaillimhe | 1 | 2 |
| **M J MacGrath** | POF, Comhairle Contae Thiobraid Árann | 1 | 1 |
| **Iníon F Lawless** | Stiúrthóir Seirbhíse, Comhairle Contae na Mí | 1 | 1 |



# Coiste um Bainistiú Athruithe

Tá an Coiste um Bainistiú Athruithe comhdhéanta de 10 bPríomhfheidhmeannach údaráis áitiúil, ainmní amháin ó RTRAO, agus beirt Cheannasaithe AD. Tá Cathaoirleach an Choiste um Bainistíocht Athruithe ina chomhalta de Bhord GBRÁ. Cabhraíonn an Coiste um Bainistiú Athruithe le Bord an GBRÁ chun rialú agus maoirsiú a dhéanamh ar conas mar a chuireann an GBRÁ Straitéis IR agus AD agus nithe gaolmhara i bhfeidhm.

Ina theannta sin, tacaíonn an Coiste leis an mBord trí chomhairle a thabhairt ar conas an straitéis a chur in oiriúint do riachtanais ghnó údarás áitiúil atá ag teacht chun cinn.

**Tharla sé chruinniú den Choiste um Bainistiú Athruithe le linn 2022. Is iad a chomhalta ná:**

| Ball | Post | Freastalta | I dteideal freastal orthu |
|---|---|---|---|
| **An tUasal T Enright (Cathaoirleach)** | POF, Comhairle Contae Loch Garman | 4 | 6 |
| **Iníon C Byrne (Leaschathaoirleach)** | POF, Comhairle Contae Chill Chainnigh | 3 | 3 |
| **An tUasal F Curran** | POF, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin | 2 | 5 |
| **An tUasal P Daly** | Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh | 3 | 6 |
| **Iníon A Doherty** | POF, Comhairle Cathrach Chorcaí | 6 | 6 |
| **Iníon A Farrelly** | POF, Comhairle Contae Fhine Gall | 5 | 6 |
| **An tUasal M Lydon** | POF, Comhairle Contae Shligigh | 5 | 5 |
| **Iníon J Maguire** | POF, Comhairle Contae na Mí | 4 | 6 |
| **An tUasal J McLaughlin** | POF, Comhairle Contae Dhún na nGall | 4 | 6 |
| **An tUasal D McLoughlin** | POF, Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas | 1 | 1 |
| **Ms T O'Donovan** | Ceannasaí Bainistíochta Acmhainní Daonna, Comhairle Contae Chorcaí | 5 | 6 |
| **Iníon E Quinlivan** | POF Cúnta – Seirbhísí Corparáideacha, Claochlú agus Acmhainní Daonna, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath | 6 | 6 |
| **Iníon E Reeves** | Príomhoifigeach, an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta | 3 | 6 |

## Coiste Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)

Tá an Coiste Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide comhdhéanta de thriúr Príomhfheidhmeannach ar údaráis áitiúla, ainmní Boird amháin, ceathrar Oifigeach Ceannasaí Córais Faisnéise (OCCF), Ceannasaí Airgeadais amháin, ionadaí amháin de chuid Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais (OPOFR), Príomhoifigeach Faisnéise amháin ó RTRAO agus beirt ionadaithe ó GBRÁ. Tá Cathaoirleach an Choiste TFC ina chomhalta de Bhord GBRÁ.

Is é rol an Choiste TFC ná:

- Dearbhú a thabhairt don Bhord go bhfuil an obair atá ar siúl ar thionscadail rialtais áitiúil aonair cruthaithe ó thaobh Ailtireachta, TFC agus Caighdeán de.
- Obair i gcomhar le tionscadail ghnó rialtais áitiúil lena chinntiú go gcloíonn na cláir TFC gaolmhara le cuir chuige Ailtireachta ina n-iomláine agus go n-úsáideann siad Caighdeáin Chomhaontaithe le haghaidh Cumarsáide agus Idir-inoibritheachta.
- Comhairle agus treoir a thabhairt maidir le TFC in aon tionscnamh gnó nua, conas is féidir leis na comhpháirteanna TFC obair le chéile agus gnó mar is gnách ar siúl agus deimhin a dhéanamh de go gcuirtear deireadh le tionscnaimh TFC níos sine i dtráth.
- Comhairle theicniúil a thabhairt maidir le tús áite a thabhairt do Thionscnaimh rialtais áitiúil agus dúshlán a thabhairt maidir leis an leas is fearr agus is féidir a bhaint as réitigh theicneolaíochta ar fud na hearnála.
- A bheith ina phointe cóimheasa ailtireachta comhchoiteann, bunaithe ar chleachtas reatha, do gach córas TFC ar fud an rialtais áitiúil.

**Tharla sé chruinniú den Choiste TFC le linn 2022. Is iad a chomhalta ná:**

| Ball | Post | Freastalta | I dteideal freastal orthu |
|---|---|---|---|
| **An tUas. E Cummins (Cathaoirleach)** | POF, Comhairle Contae Ros Comáin | 6 | 6 |
| **Iníon N McHugh*** | ACE, GBRÁ | 3 | 3 |
| **An tUas. E Hunt** | ACE, GBRÁ | 4 | 6 |
| **An tUas. S. Brady** | CCF, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin | 6 | 6 |
| **An tUas. C O'Hare** | HIS, Comhairle Contae Muineacháin | 6 | 6 |
| **An tUas. M O'Donoghue** | Ceannasaí Oibríochtaí, Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais (OPOFR) | 4 | 6 |
| **Iníon K. Quinn** | Ceannasaí Airgeadais i gcomhair TFC, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath | 4 | 6 |
| **An tUas. M Bilauca** | Príomhoifigeach Faisnéise, RTRAO | 4 | 6 |
| **An tUas. T. Ryan** | POF, Comhairle Contae an Chabháin | 1 | 1 |
| **An tUasal F Curran** | POF, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin | 1 | 1 |
| **An tUas. S Mullarkey** | A/Ceannasaí Airgeadais IS agus Claochlú Digiteach, Comhairle Contae Ros Comáin | 5 | 6 |
| **An tUas. R Hopkins** | Leas-Chathaoirleach Nua Ghrúpa HIS | 2 | 2 |
| **An tUas. E O'Loughlin** | ACE, GBRÁ | 2 | 2 |

**Is é An tUas. Eugene Cummins an Cathaoirleach nua a ceapadh i Nollaig 2022 go dtí Meán Fómhair 2022 agus chuaigh Noeleen McHugh ar scor ón GBRÁ i mí Aibreáin 2022.*

## Coiste Airgeadais

Tá 4 POF ar údaráis áitiúla ar an gCoiste Airgeadais. Is é rol an Choiste Airgeadais ná:

- Roimh an 30 Meitheamh gach bliain, paraiméadair an bhuiséid don chéad bhliain eile a mholadh.
- Roimh an 30 Meán Fómhair gach bliain, dréachtbhuiséad don chéad bhliain eile a mholadh agus cionroinnt na muirear ar gach údarás áitiúil, bunaithe ar an mBeartas Muirearaithe ceadaithe.
- Na Ráitis Airgeadais Iniúchta a mholadh don Bhord
- Na himpleachtaí a mheas ó thaobh an tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag an straitéis ar an mBeartas Muirearaithe/ar Bhuiséadú.
- Athbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh ar staid airgeadais na Gníomhaireachta

Tá Cathaoirleach an Choiste ina chomhalta de Bhord GBRÁ.

**Tionóladh ceithre chruinniú den Choiste Airgeadais le linn 2022. Is iad a chomhalta ná:**

| Ball | Post | Freastalta | I dteideal freastal orthu |
|---|---|---|---|
| **An tUas. B McGrath (Cathaoirleach)** | POF, Cathair na Gaillimhe | 3 | 4 |
| **Iníon J Maguire** | POF, Comhairle Contae na Mí | 4 | 4 |
| **Iníon AM Delaney** | POF, Comhairle Contae Uíbh Fhailí | 4 | 4 |
| **An tUasal M Lydon** | POF, Comhairle Contae Shligigh | 2 | 4 |

## Grúpa Maoirseachta Athchóirithe na hEarnála Poiblí (GMAEP)

Ar an gCoiste GMAEP tá Cathaoirleach GBRÁ, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin GBRÁ, Cathaoirleach an CBCC, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Chorcaí, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Ard-Rúnaí na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, Ard-Rúnaí Cúnta na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus ionadaí seachtrach ón Earnáil Tráchtála.

Is é ról an Choiste GMAEP ná clár athchóirithe agus éifeachtúlachta an rialtais áitiúil a stiúradh chomh maith le monatóireacht a dhéanamh air agus tuairisciú faoi. Tá Cathaoirleach an Choiste GMAEP ina chomhalta de Bhord GBRÁ.

**Tharla trí chruinniú den Choiste GMAEP le linn 2022. Cuireadh cruinniú Nollaig 2022 siar. Is iad a chomhalta ná:**


| Ball | Post | Freastalta | I dteideal freastal orthu |
|---|---|---|---|
| **An tUas. O. Keegan, (Cathaoirleach)** | POF, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath | 3 | 3 |
| **An tUasal T Lucey** | POF, Comhairle Contae Chorcaí & Cathaoirleach CBCC | 1 | 3 |
| **An tUasal B McGrath** | POF, Comhairle Cathrach na Gaillimhe & CBCC (Leas-Chathaoirleach) | 3 | 3 |
| **Iníon J Maguire** | POF, Comhairle Contae na Mí | 2 | 3 |
| **An tUas. J. Harford** | Ionadaí na hEarnála Tráchtála | 3 | 3 |
| **An tUas. P. Dunne** | CE, LGMA | 3 | 3 |
| **Iníon M Hurley*** | Iar-Ard-Rúnaí Cúnta, an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta | 1 | 2 |
| **An tUasal G. Doyle** | Cúnta, an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta | 0 | 3 |
| **Iníon F Quinn** | Ard-Rúnaí Cúnta, an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta | 1 | 1 |

**I Márta 2022, chuaigh Mary Hurley ar scor agus tháinig Iníon Fiona Quinn, Ard-Rúnaí Cúnta, isteach ina háit.*


## Táillí & Speansais

Níor íocadh aon táille ná speansas bliantúil le comhaltaí Boird nó Coiste ar fostaithe de chuid GBRÁ nó údaráis áitiúla iad, maidir le freastal ar chruinnithe Boird nó Coiste le linn 2022.

## Struchtúr Rialachais an GBRÁ




## Tacú le Comhlachas um Bainistiú Contaetha agus Cathracha



## Seirbhísí Corparáideacha / Acmhainní Daonna

**36**

**Comórtais Earcaíochta san Iomlán**
36 (583 iarratas 208 Agallamh)

**60**

**Cúrsaí Oiliúna a reáchtáladh**
60 Cúrsa oiliúna agus d'fhreastail 141 fostaí orthu

**72**

**Cuireadh 72 seisiún cóitseála intí i gcrích le** fostaithe le linn 2022

**33**

**Lucht fágála scoile**

**2**

**Céimithe**

**8**

**Arduithe Céime**

**37**

**Tosaitheoirí Nua**
37 (8 n-iasacht)

**4**

**Cúnamh Oideachais**

**8**

**Daoine ag dul ar scor**

Reáchtáil Club Sóisialta an GBRÁ roinnt imeachtaí le haghaidh fostaithe i rith na bliana lena n-áirítear:

- Feabhra - Quiz Emoji Lá Fhéile Vailintín
- Márta – Dúshlán Céimeanna Lá an Chromchinn agus Quiz Lá Fhéile Pádraig
- Aibreán – Comórtas Grianghraf an Earraigh
- Bealtaine - Beárbaiciú an tSamhraidh
- Meán Fómhair – Maidin Caife ar mhaithe leis an Ospís
- Quiz Oíche Shamhna i mí Dheireadh Fómhair
- Mí na Nollag – Cóisir na Nollag

D'fhill fostaithe ar obair lonnaithe san oifig ar bhonn céimnithe ó Eanáir 2022. Forbraíodh córas iarratais ar líne chun éascaíocht a dhéanamh ar thionscnamh Beartais agus Nós Imeachta i dtaobh Obair Cumaisc a tugadh isteach i Meán Fómhair 2022.

### Clár Cúnaimh d'Fhostaithe

- Lean an Clár Cúnaimh d'Fhostaithe GBRÁ de shraith sheachtainiúil seisiúin folláine ar líne a reáchtáil d'fhostaithe a raibh ábhair amhail codladh, meabhairshláinte, folláine agus tuismitheoireacht idir chamáin iontu.
- Reáchtáladh tionscnaimh i dtaobh Bia Sláintiúil le linn mhí Aibreáin
- Reáchtáil GBRÁ na himeachtaí Folláine i bpearsan seo a leanas
    - Ceardlann aireachais - Meitheamh
    - Imeacht Meabhairshláinte le Brent Pope - Deireadh Fómhair
    - Ceiliúradh Díbheálaí - Deireadh Fómhair
    - Ranganna aclaíochta - mí na Nollaig.

## Foireann um Shlándáil Faisnéise

Reáchtáil Fochoiste Cibearshlándála na gníomhaireachta dhá sheimineár don earnáil rialtais áitiúil maidir le pleanáil leanúnachais gnó agus freagairt ar chibirionsaithe, agus painéalaithe ón earnáil phoiblí agus ón earnáil phríobháideach ag glacadh páirt sa dhíospóireacht.

Reáchtáil an Ghníomhaireacht 11 fheachtas oiliúna trína ardán ar líne d'fhostaithe i rith na bliana, mar aon le feachtas ionsaí fioscaireachta ionsamhlaithe míosúil lena chinntiú go raibh Slándáil Faisnéise chun tosaigh in intinn na bhfostaithe.

Rinneadh athbhreithniú leanúnach ar an bplean Leanúnachais Gnó lena chinntiú go raibh an doiciméad ag teacht le timpeallacht oibre dhinimiciúil na Gníomhaireachta.

Chuir an GBRÁ le Caighdeáin Bhonnlíne an Lárionaid Náisiúnta Cibearshlándála (LNC) maidir le chomhlachtaí san Earnáil Phoiblí agus ghlac sé páirt i Líonra um Fhreagairt Chomhordaithe an LNC, a chuimsíonn Ranna agus gníomhaireachtaí ón rialtas láir agus áitiúil.



# 4 Cruinnithe Coiste CBCC 2022

| Úsáid Talún agus Iompar (LUTS) | Líon na gcruinnithe | Cruinniú iomlánach |
|---|---|---|
| Feidhmeannas CBCC* | 11 | 0 |
| CCMA* | 11 | 0 |
| Coiste Tithíochta, Tógála agus Úsáide Talún CBCC (TTUT) | 10 | 0 |
| An Coiste CBCC um Ghníomhú ar Son na hAeráide, Iompair agus Líonraí (GSAIL) | 6 | 1 |
| Coiste Airgeadais CBCC | 6 | 0 |
| ***Coiste CBCC um Gnó, Fiontair, Nuálaíocht agus Athnuachan Eacnamaíochta na mBailte Móra/ Uirbeacha | 10 | 1 |
| Coiste Corparáideach CBCC | 6 | 0 |
| **Coiste Forbartha Tuaithe, Pobail, Cultúir agus Oidhreachta an CBCC (FTPTCO) | 9 | 1 |
| Coiste Uisce, Bainistíochta Dramhaíola, Comhshaoil agus um Pleanáil Éigeandála (UBDCPE) an CBCC | 7 | 1 |

*Thionóil Feidhmeannas an CBCC agus an CBCC cruinnithe speisialta freisin maidir le Freagairt na hEarnála ar Ghéarchéim Dhaonnúil na hÚcráine agus cúrsaí Uisce Éireann chomh maith lena gcruinnithe míosúla foirmiúla - chun nithe a bhfuil tábhacht náisiúnta leo a chur chun cinn go práinneach.*

*I ndiaidh chruinniú cinn bliana an CBCC i mí Dheireadh Fómhair 2022, d'athraigh an Coiste a ainm chuig Coiste Forbartha Tuaithe, Pobail, Cultúir agus Oidhreachta an CBCC.*

*I ndiaidh chruinniú cinn bliana an CBCC i mí Dheireadh Fómhair 2022, d'athraigh an Coiste a ainm chuig Coiste Gnó, Fiontair, Turasóireachta, Nuálaíochta agus Athnuachana Uirbeach/Bailte an CBCC.*



# Obair Chomhoibritheach

Tá rannpháirtíocht chomhoibríoch agus obair chomhpháirtíochta lárnach d'éiteas agus d'obair sheacht gcoiste an CBCC. I gcaitheamh 2022, cuireadh obair chun cinn i gcomhar le príomhpháirtithe leasmhara ar fud réimse leathan earnálacha lena n-áirítear Ranna Rialtais, gníomhaireachtaí agus lear mór eagraíochtaí tábhachtacha agus éagsúla eile. Tá na príomhpháirtithe leasmhara a ndeachaigh gach coiste i dteagmháil leo in 2022 ar fáil thíos.

Chomh maith le dul i mbun plé leis na páirtithe leasmhara seo, ainmníodh comhaltaí na gcoistí freisin chuig Tascfhórsaí Náisiúnta agus Grúpaí Maoirseachta, Grúpaí Oibre Earnála agus Foghrúpaí i gcaitheamh na bliana. Rinne comhaltaí an choiste ionadaíocht freisin thar ceann na hearnála rialtais áitiúil ar go leor grúpaí stiúrtha/tascfhórsaí trasearnála rialtais.

## Coiste Tithíochta agus Tógála

| Ranna Rialtais | Gníomhaireachtaí/Comhlachtaí Stáit/ Seirbhísí Comhroinnte | Eagraíochtaí Eile |
|---|---|---|
| • An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (RTRAO)<br>• An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ)<br>• An Roinn Coimirce Sóisialaí (RCS)<br>• An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC)<br>• Roinn an Taoisigh<br>• An Roinn Dlí agus Cirt | • An Roinn Tithíochta<br>• Comhairle na hÉireann um Thithíocht Shóisialta<br>• Rialtóir Chomhlacht Ceadaithe Tithíochta<br>• Gníomhaireacht Forbartha Talún<br>• Oifig Náisiúnta an Tionscadail um Rialú Foirgníochta<br>• Ionad Seirbhísí Comhroinnte Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta<br>• Clár na hÉireann um Dídeanaithe<br>• Housing First<br>• Oifig an Rialálaí Pleanála<br>• An tÚdarás Náisiúnta Míchumais<br>• Seirbhís Phríosúin na hÉireann | • Housing First<br>• Measúnú agus Bainistíocht Riosca Ciontóirí Gnéis<br>• ENRanna (Eagraíochtaí Neamhrialtasacha)<br>• Seirbhísí Cóiríochta um Chosaint Idirnáisiúnta (IPAS)<br>• Comhairle Dídeanaithe na hÉireann |

## An Coiste um Gníomhú ar son na hAeráide, Iompar agus Líonraí

| Ranna Rialtais | Gníomhaireachtaí/Comhlachtaí Stáit/ Seirbhísí Comhroinnte | Eagraíochtaí Eile |
|---|---|---|
| • An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC)<br>• An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (RTRAO)<br>• An Roinn Iompair (RI)<br>• an Roinn Gnóthaí Pobail agus Forbartha Tuaithe (RPFT) | • An Garda Síochána<br>• Met Éireann<br>• An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC)<br>• Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP)<br>• Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI)<br>• Bonneagar Iompair Éireann (BIÉ)<br>• An Oifig um Bainistiú Bóithre<br>• An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (ÚSB)<br>• Oifigí Réigiúnacha um Ghníomhaithe ar son na hAeráide (ORGSAnna) | • Leathanbhanda Náisiúnta Éireann (NBI)<br>• An Comhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide<br>• Comhfhóram Úsáideora na nÚdarás Áitiúil Fóntas (JULA)<br>• Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann |

## Coiste Airgeadais

| Ranna Rialtais | Gníomhaireachtaí/Comhlachtaí Stáit/ Seirbhísí Comhroinnte | Eagraíochtaí Eile |
|---|---|---|
| • An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (RTRAO)<br>• Seirbhís Iniúchóireachta an Rialtais Áitiúil agus Airgeadas Rialtais Áitiúil<br>• An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (RFTF) | • An Coimisiúin Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (CNMI)<br>• Oifig Luachála<br>• Na Coimisinéirí Ioncaim<br>• Oifig Soláthair Rialtais<br>• An Foras Riaracháin | • Árachas IPB |

## An Coiste um Gnó, Fiontair, Turasóireacht, Nuálaíocht agus Athnuachan Eacnamaíochta na mBailte Móra/ Uirbeacha

| Ranna Rialtais | Gníomhaireachtaí/Comhlachtaí Stáit/ Seirbhísí Comhroinnte | Eagraíochtaí Eile |
|---|---|---|
| • An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (RFTF)<br>• An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (RTRAO)<br>• An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (RTCEGSM)<br>• An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (RFTP)<br>• An Roinn Dlí agus Cirt<br>• An Roinn Gnóthaí Eachtracha<br>• An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC) | • An Coimisiúin Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (CNMI)<br>• Oifig Fiontair Áitiúil<br>• Fiontraíocht Éireann<br>• An Ghníomhaireacht Forbartha Tionscail<br>• Baile Átha Cliath Cliste<br>• An Fóram um Chathracha Cliste Uile-Éireann<br>• Coimisiún Forbartha an Iarthair<br>• Oifigí Réigiúnacha um Ghníomhaithe ar son na hAeráide (ORGSAnna)<br>• An Cumann Náisiúnta um Ionaid Fiontair Pobail | • Cumann Chomhlachais Tráchtála na hÉireann<br>• An Foras Riaracháin |

## Coiste Corparáideach

| Ranna Rialtais | Gníomhaireachtaí/Comhlachtaí Stáit/ Seirbhísí Comhroinnte | Eagraíochtaí Eile |
|---|---|---|
| • An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (RTRAO)<br>• An Roinn Dlí agus Cirt<br>• An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ)<br>• An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA)<br>• An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (RTCEGSM)<br>• An Coimisinéir Teanga | • An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (CCOP)<br>• Oifig an Ombudsman<br>• An tÚdarás Náisiúnta Míchumais<br>• Cartlann Náisiúnta Damhsa na hÉireann | |

<table>
<tr><th colspan="3">An Coiste Forbartha Tuaithe, Pobail, Turasóireachta, Cultúir agus Oidhreachta de chuid CBCC (FTPTCO)</th></tr>
<tr><th>Ranna Rialtais</th><th>Gníomhaireachtaí/Comhlachtaí Stáit/ Seirbhísí Comhroinnte</th><th>Eagraíochtaí Eile</th></tr>
<tr><td>
<ul>
<li>An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (RFTP)</li>
<li>An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (RTCEGSM)</li>
<li>An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ)</li>
<li>An Roinn Sláinte</li>
<li>An Roinn Dlí agus Cirt</li>
<li>An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (RTRAO)</li>
<li>An Roinn Gnóthaí Eachtracha</li>
<li>An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC)</li>
<li>Roinn an Taoisigh</li>
</ul>
</td><td>
<ul>
<li>An Chomhairle Ealaíon</li>
<li>Fáilte Éireann</li>
<li>Spórt Éireann</li>
<li>Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS)</li>
<li>An Oifig Náisiúnta um Fhéinmharú a Chosc (ONFC)</li>
<li>An Chomhairle Oidhreachta</li>
<li>An Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialach (NESC)</li>
<li>Éire Ildánach</li>
<li>Líonra Eisiúna LEED ECFE</li>
<li>Líonra Seandálaithe na nÚdarás Áitiúil</li>
<li>Líonra Músaem na nÚdarás Áitiúil</li>
<li>Coimisiún Forbartha an Iarthair</li>
<li>Oifigí Réigiúnacha um Ghníomhaithe ar son na hAeráide (ORGSAnna)</li>
</ul>
</td><td>
<ul>
<li>Caitheamh aimsire amuigh faoin spéir TÉ</li>
<li>An Foras Riaracháin</li>
</ul>
</td></tr>
</table>

<table>
<tr><th colspan="3">An Coiste Uisce, Bainistíochta Dramhaíola, Comhshaoil agus um Pleanáil Éigeandála</th></tr>
<tr><th>Ranna Rialtais</th><th>Gníomhaireachtaí/Comhlachtaí Stáit/ Seirbhísí Comhroinnte</th><th>Eagraíochtaí Eile</th></tr>
<tr><td>
<ul>
<li>An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC)</li>
<li>An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (RTRAO)</li>
<li>An Roinn Cosanta (RC)</li>
<li>An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM)</li>
<li>An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA)</li>
<li>An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (RFTP)</li>
<li>An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (RFTF)</li>
</ul>
</td><td>
<ul>
<li>Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP)</li>
<li>An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC)</li>
<li>Uisce Éireann (UÉ)</li>
<li>An Coimisiún um Rialáil Fóntais (CRU)</li>
<li>Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (ÚSBÉ)</li>
<li>An Stiúrthóireacht Náisiúnta um Bainistíocht Dóiteáin agus Éigeandála</li>
<li>An Oifig Náisiúnta do Cheadanna Bailithe Dramhaíola</li>
<li>Clár Uisce Údaráis Áitiúil</li>
<li>Oifigí Pleanála um Bainistiú Dramhaíola Réigiúnach</li>
<li>Príomhúdaráis Réigiúnacha Forfheidhmiúcháin Dramhaíola</li>
<li>Sábháilteacht Uisce na hÉireann</li>
<li>An tIonad Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí</li>
<li>An Oifig Náisiúnta um Sheoladh Trasteorann</li>
</ul>
</td><td>
<ul>
<li>An Post</li>
<li>Grúpa Seirbhísí Uisce Poiblí um Bunathrú Chun Feabhais</li>
<li>Foireann Comhcheannaireachta</li>
<li>Grúpaí Comhaontaithe Seirbhíse Náisiúnta agus Réigiúnach</li>
<li>An grúpa um Plean Seirbhíse Bliantúil agus um Buiséad</li>
<li>An Coiste um Bainistiú Athruithe</li>
<li>Cumann Bainistíochta Dramhaíola na hÉireann (CBDÉ)</li>
<li>Líonra an Aontais Eorpaigh um Chur i nGníomh agus um Fhorfheidhmiú Dhlí na Timpeallachta (IMPEL)</li>
<li>Met Éireann</li>
<li>An Garda Síochána</li>
<li>Garda Cósta na hÉireann</li>
</ul>
</td></tr>
</table>

# 5 Nuálaíocht,

## Nuálaíocht agus Oifig Bainistíochta Cláir (OBC)

### Straitéis Nuálaíochta

Leanadh ar aghaidh leis an obair chun Straitéis Nuálaíochta GBRÁ a chur i gcrích. Cuireadh leis an ngrúpa d'ionadaithe Nuálaíochta na nÚdarás Áitiúil, agus rinne an GBRÁ gach gné den Nuálaíocht a bhí ar siúl aici a phoibliú go rialta. Lean an OBC ar aghaidh ó thaobh idirghníomhaíochtaí ráithiúla a óstáil leis an ngrúpa seo le linn 2022 agus reáchtáladh seisiúin fócais inar roinneadh cás-staidéir údaráis áitiúil leis an ngrúpa.

Lean foireann Nuálaíochta GBRÁ de shuíomh eislín "Nuálaíochta" a fhorbairt, suíomh a úsáidtear chun ábhar a chur in iúl agus a roinnt le grúpa ionadaithe nuálaíochta na n-údarás áitiúil. Is féidir le gach ceann de na 31 údarás áitiúil rochtain a fháil ar an suíomh eislín a sholáthraíonn nuashonruithe seachtainiúla, nuacht, agus ardán d'údaráis áitiúla chun smaointe agus tionscadail a roinnt le comhghleacaithe nuálaíochta ar fud na hearnála. Cuireann an bunachar sonraí nuálaíochta leis an suíomh eislín seo freisin, rud a ligeann d'údaráis áitiúla tionscadail nuálacha a uaslódáil ina n-údarás áitiúil, agus ligeann sé dóibh tionscnaimh nuálacha eile a chuardach ag an am céanna a thionscain nó a chríochnaigh údaráis áitiúla eile.

### an tSeachtain Nuálaíochta Náisiúnta

Reáchtáladh Seachtain Náisiúnta Nuálaíochta an RCPA sa tseachtain dar tús an 24 Deireadh Fómhair 2022. D'óstáil go leor údaráis áitiúla imeachtaí áitiúla chun nuálaíocht a chur chun cinn. Dhírigh GBRÁ ar dhá phríomhimeacht; seimineár Bliantúil Dea-Chleachtais an CNMI ar an 25 Deireadh Fómhair, agus ceardlann i bpearsan i spás nuálaíochta 'The Spark' ar an 3 Samhain in oifigí GBRÁ i dTeach an Fhionnuisce, a bhí á héascú ag Innovate Island.

An 25 Deireadh Fómhair – Le tacaíocht ó Chomhairle Contae Chill Chainnigh agus Oifig na nOibreacha Poiblí, rinne OBC GBRÁ Seimineár Bliantúil Dhea-Chleachtais an CNMI a óstáil i gCaisleán Chill Chainnigh. B'imeacht faoi thrácht é an t-imeacht seo sa tSeachtain Nuálaíochta Náisiúnta. Bhí daoine ag freastal i bpearsan ar an imeacht seo agus craoladh beo é freisin. D'oscail an tAire Malcolm Noonan, DHLGH an t-imeacht a thug ardán d'eiseamláirí an dea-chleachtais ar fud réimsí éagsúla amhail gníomhú ar son na haeráide, claochlú digiteach, agus rannpháirteachas saoránach laistigh d'údaráis áitiúla.

I measc na dtionscadal ar tarraingíodh aird orthu bhí:

- Comhairle Cathrach Chorcaí – Lárionad Anailíse um Comhroinnt Faisnéise Rialtas na hÉireann a bhunú
- Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh – CCTV, Cosaint Sonraí, agus an Conair chun Nuálaíochta
- Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath – Dlús a Chur le hÚsáid Drón i measc na n-Údarás Áitiúil
- Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin – Tógáil le Roinnt
- Comhairle Contae Thiobraid Árann – Lárionad Sármhaitheasa an Aonaigh um Fhuinneamh Inbhuanaithe
- Comhairle Contae Liatroma – Liatroim Nasctha
- GBRÁ – Géarchéim Dhaonnúil na hÚcráine – Freagairt na nÚdarás Áitiúil

An 3 Samhain – Rinne Innovate Island éascaíocht ar cheardlann phearsanta le hionadaithe nuálaíochta na n-údarás áitiúil i spás nuálaíochta 'The Spark' in oifigí GBRÁ. Bhí an t-imeacht, "Nuálaíocht na 3 I: Inrochtana, Insroichte, Indéanta" dírithe ar chabhrú le hionadaithe údarás áitiúil a straitéis nuálaíochta a fhorbairt.

Chuaigh an t-imeacht seo i ngleic le teoiric na nuálaíochta trí sheisiúin ar straitéis, modhanna, agus iniúchadh fadhbanna, agus chuathas i ngleic leis an mbealach chun an teoiric sin a chur i bhfeidhm go praiticiúil, trí sheisiúin phraiticiúla a rinne scagadh ar fhíorfhadhb a fhrámú, a idéú agus a bhailíochtú. Ba cheardlann thar a bheith idirghníomhach í seo ina raibh rannpháirteachas iontach ó na hionadaithe earnála.

### Ciste Nuálaíochta um Sheirbhísí Poiblí 2022

Bhainistigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe Ciste Nuálaíochta na Seirbhíse Poiblí 2022. Bhí méideanna idir €25,000 agus €60,000 ar fáil. Roinneadh an ciste iomlán dar luach €725,000 ar 17 dtionscadal. D'éirigh go han-mhaith le hearnáil an rialtais áitiúil maidir le 44% den chiste iomlán a bhí ar fáil a aimsiú, arbh ionann é agus €320,000. Chuidigh OBC GBRÁ ó thaobh ceisteanna a fhreagairt agus tacú le hiarratais.

Leagtar sonraí an tionscadail ardleibhéil amach thíos:

| Teideal an Tionscadail | An Eagraíocht | An Méid a bronnadh |
|---|---|---|
| **Lárionad Anailíse um Comhroinnt Faisnéise Rialtas Áitiúil na hÉireann a bhunú** | Comhairle Cathrach Chorcaí | €60,000 |
| **Liatroim Nasctha** | Comhairle Contae Liatroma | €50,000 |
| **BETAhood** | Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath | €38,000 |
| **Ionaid Fág Anseo Chliste** | Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge | €45,000 |
| **Cur chuige orgánach nua maidir le glúineach bhiorach a chóireáil agus a rialú ach úsáid a bhaint as leasúchán miocróbach mar mhalairt ar úsáid lotnaidicídí** | Comhairle Contae Dhún na nGall | €47,000 |
| **Bainistíocht Sócmhainní Bóithre Cumhachtaithe ag Intleacht Shaorga** | Comhairle Contae an Lú | €50,000 |
| **Tithíocht atá Réidh don Aeráid** | Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath | €30,000 |

## 'The Spark'

Rinneadh athchóiriú ar spás nuálaíochta 'The Spark' i dTeach an Fhionnuisce agus cuireadh ar fáil é d'earnáil an rialtais áitiúil i gcomhair ceardlanna tionscadail. Tá OBC GBRÁ ar fáil chun tacú le húdaráis áitiúla ar mian leo an áis a úsáid.

## PMO

Lean Oifig Bainistíochta Cláir GBRÁ den obair chun uirlisí agus tacaíochtaí breise a fhorbairt chun cur le seachadadh éifeachtach na dtionscadal tríd an eagraíocht. Seachadadh sraith iomlán teimpléad, doiciméadú treorach agus lámhleabhair OBC.

I measc na dtionscnamh athchóirithe ar a ndearnadh dul chun cinn agus a fuair tacaíocht ón PMO le linn 2022 bhí:

- Tógáil le Roinnt
- Ceadúnú Substaintí Contúirteacha
- Tús Áite do Lár an Bhaile
- Ríomhphleanáil
- Localgov.ie.
- Catalóg Seirbhísí an Rialtais Áitiúil.
- Córas Clárúcháin Toghthóirí an Rialtais Áitiúil.
- Oifig Fiontair Áitiúil CRM
- Acmhainní Uisce Nádúrtha LA.
- An Córas Náisiúnta um Faisnéis Bainistíochta Timpeallachta.
- Córas TFC Tithíochta agus Tionscadail um Bainistiú Sócmhainní

## Tuarascáil Seirbhísí Comhroinnte

Chríochnaigh agus d'eisigh an PMO athbhreithnithe ar "Tuarascáil Seirbhísí Comhroinnte an Rialtais Áitiúil", inar soláthraíodh achoimre ardleibhéil ar stádas, struchtúr, costáil agus pleananna sa todhchaí do na seirbhísí comhroinnte. Sainaithníodh sa Tuarascáil 41 comhsheirbhís atá ag feidhmiú faoi láthair agus costas breis agus €20m in aghaidh na bliana ar earnáil an rialtais áitiúil i gceist leo. Tá 21 de na seirbhísí comhroinnte sin á mbainistiú ag GBRÁ, agus tá na 20 seirbhís eile á mbainistiú ag príomhúdarás aonair faofa nó ag struchtúir réigiúnacha, lena mbaineann 17 n-údarás áitiúla éagsúla.

# 6 Eolas

## Buaicphointí Taighde

D'fhoilsigh GBRÁ an chéad tuarascáil ar Fheasacht, Rannpháirteachas agus Meon an Rialtais Áitiúil

Áiríodh sna tuarascálacha taighde a foilsíodh athbhreithniú ar réamhshonraí Daonáirimh agus cur i láthair ar Chás-Staidéir Nuálaíochta Tithíochta.

Foilsíodh an dara ceann i sraith de thuarascálacha coimisiúnaithe um Ghníomhú ar son na hAeráide chun tacú le forbairt Príomhtháscairí Feidhmíochta Gníomhaithe ar Son na hAeráide.

Leanadh le tacaíocht a thabhairt do bhailiú sonraí CNMI in 2022 chomh maith le forbairt táscairí earnála nua ó thaobh gníomhú ar son na haeráide.

## Seirbhís do Chustaiméirí

**Seirbhísí Rialtais Áitiúil: Feasacht, Rannpháirteachas agus Meon**

Foilsíodh an chéad tuarascáil ó GBRÁ a dhírigh ar leibhéil seirbhíse ó thaobh feasachta, rannpháirteachais agus meoin in Aibreáin 2022. Léirítear sna torthaí go bhfuil formhór an phobail feasach ar chuid de na seirbhísí a chuireann údaráis áitiúla ar fáil, ach is iondúil nach mbíonn daoine óga baileach chomh heolach sin. Bhí aistriú an-suntasach i dtreo láithreáin ghréasáin agus na meán sóisialta a úsáid le haghaidh eolais agus rannpháirteachas, treocht ar chuir an phaindéim dlús leis.

Maidir leis an úsáid, ba iad boscaí bruscair agus athchúrsáil an dá sheirbhís ba mhinice a úsáideadh agus tháinig páirceáil phoiblí agus mótarcháin sna sála orthu sin. Bhain go leor daoine úsáid as áiseanna fóillíochta áitiúla amhail páirceanna, clóis súgartha, páirceanna spóirt, spásanna oscailte, agus seirbhísí leabharlainne, agus bhí an-tóir ar áiseanna áitiúla spóirt/fóillíochta agus ar chlár na dtoghthóirí.

Cé go raibh na freagróirí dearfach faoi leibhéil rochtana ar sheirbhísí, bhí siad ag iarraidh go mbeadh feabhas ar an mbealach a rachadh údaráis áitiúla i mbun cumarsáide leis an bpobal.

Baineadh úsáid as grúpaí fócais le fiosrú cén fáth ar lú an seans go mbainfeadh daoine idir 25 agus 55 bliain d'aois úsáid as leabharlanna. B'úsáideoirí leabharlainne iad go léir agus iad óg ach d'aithin siad go raibh an tréimhse seo dá saol an-ghnóthach.

Mar sin féin, bhí tionchar ag tuairimíocht faoi stoc leabharlainne, seirbhísí, agus uaireanta oscailte ar fhormhór na gcúiseanna i dtaobh easpa rannpháirteachais seachas taithí phearsanta ar úsáid leabharlann le déanaí. Nuair a cuireadh an liosta fairsing seirbhísí atá ar fáil sna leabharlanna ina láthair tháinig athrú tuairime orthu.

Foilsíodh na torthaí achoimre i nGaeilge agus tá an dá thuarascáil ar fáil ar shuíomh Gréasáin an GBRÁ:

local-government-services-awareness-engagement-and-sentiment.pdf (lgma.ie)

seirbhisi-rialtais-aitiuil-feasacht-rannphairteachas-agus-meon-achoimre-feidhmiuchain.pdf (lgma.ie)



# Tacaíocht Taighde

## Comhad Lárnach Aighneachtaí

I gcaitheamh na bliana, cuireadh 40 aighneacht faoi bhráid 10 roinn nó gníomhaireacht rialtais éagsúla.

***Tábla 1:*** *Na haighneachtaí a rinne coistí CBCC le linn 2022*

| Aighneachtaí | Tithíochta, Foirgníochta agus Úsáide Talún (TFUT) | Gnó, Fiontair, Nuálaíocht agus Athnuachan Eacnamaíochta na mBailte Móra/ Uirbeacha | An Coiste Forbartha Tuaithe, Pobail, Turasóireachta, Cultúir agus Oidhreachta (FTPTCO) | Gníomhú ar son na hAeráide, Iompar agus Líonraí (GSAIL) | An Coiste Uisce, Bainistíochta Dramhaíola, Comhshaoil agus um Pleanáil Éigeandála (UBDCPE) | Corparáideach | Airgeadas | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| RTRAO | 2 | | | | 5 | 1 | 5 | 13 |
| DECC | | | | | | | | 0 |
| DAFM | | | | | | | | 0 |
| DCEDIY | | | 1 | | | | | 1 |
| RT | | | | | | | | 0 |
| RFTP | | | 2 | 1 | | | | 3 |
| RFTF | | | | | | | | 0 |
| DOT | | | | 1 | | | | 1 |
| DEPR | | | | | | 2 | | 2 |
| JOC | 4 | | 1 | 3 | | | | 8 |
| GCC | 1 | | | | 6 | | | 7 |
| AO | | | | | | | | 0 |
| CAC | | | | | | | | 0 |
| ABP | | | | | | | | 0 |
| CRU | | | | | 1 | | | 1 |
| CCAC | | | | 1 | | | | 1 |
| BSL | | | | | | | | 0 |
| ÚSB | | | | | | | | 0 |
| AGS | | | | | | | | 0 |
| SIPO | | | | | | | | 0 |
| FR | | | | | | | | 0 |
| NHAC | 2 | | | | | | | 2 |
| TEGRPB | 1 | | | | | | | 1 |
| **Iomlán** | **10** | **0** | **4** | **6** | **12** | **3** | **5** | **40** |

# Tuarascálacha Taighde

### Daonáireamh 2022 Méadú Daonra, leagtha amach de réir Údarás Áitiúil: Athbhreithniú ar Réamhshonraí

D'ullmhaigh Aonad Taighde an GBRÁ an tuarascáil seo agus tá athbhreithniú ar fáil inti ar na réamhshonraí a d'eisigh an Phríomh-Oifig Staidrimh chun iniúchadh a dhéanamh ar na sonraí taobh thiar den fhás ar an daonra ó 4,761,865 duine in 2016 go 5,123,536 duine in 2022 de réir ceantar údaráis áitiúil.

Dhá chomhpháirt a bhí i gceist leis an méadú daonra seo, méadú nádúrtha 47% ar an daonra toisc go raibh líon na mbreitheanna níos mó ná líon na mbásanna, agus méadú 53% ar ghlanimirce. Mar sin féin, ceileann na figiúirí náisiúnta na difríochtaí móra idir údaráis áitiúla éagsúla, ó thaobh líon na ndaoine breise sa limistéar, an ráta fáis, agus comhpháirteanna an fháis sin.




### Príomhtháscairí Feidhmíochta Gníomhaithe ar Son na hAeráide de chuid an Rialtais Áitiúil – i gComhthéacs Éireannach

Tógann an tuarascáil seo ar fhoilseachán 2021 inar sainaithníodh na príomhghnéithe agus na príomhphrionsabail atá le cur sa mheá agus príomhtháscairí feidhmíochta gníomhaithe ar son na haeráide á bhforbairt. Sa tuarascáil seo, rinneadh athbhreithniú idirnáisiúnta ar phríomhtháscairí feidhmíochta gníomhaithe ar son na haeráide atá ann cheana féin agus sainaithníodh liosta de 121 táscaire féideartha le breithniú i gcomhthéacs na hÉireann. Dhírigh na táscairí ar oiriúnú agus ar mhaolú araon i bhfianaise an cheanglais ar gach údarás áitiúil Pleananna Gníomhaithe ar son na hAeráide cúig bliana a ullmhú a chuimsíonn an dá ghné i dtaca le gníomhú ar son na haeráide.

Ullmhaíodh an tuarascáil thar ceann Choiste an CBCC um Ghníomhú ar Son na hAeráide, Iompar agus Líonraí Aeráide agus rinne comhaltaí Ghrúpa Oibre PTF um Ghníomhú ar son na hAeráide an Rialtais Áitiúil maoirseacht uirthi.




### Comhpháirtithe Taighde

D'oibrigh Aonad Taighde GBRÁ i gcomhpháirtíocht leis an bhForas Riaracháin chun nuálaíocht i dtithíocht a iniúchadh, agus foilsíodh tuarascálacha comhlántacha dá bharr.

### Cás-staidéir maidir le Nuálaíocht Tithíochta Údaráis Áitiúil

Bhailigh Aonad Taighde GBRÁ, thar ceann Thithíocht, Foirgníocht agus Úsáid Talún an CBCC, 27 cás-staidéar ó 17 n-údarás áitiúla éagsúla a thug léiriú ar shamplaí nuálaíochta. Ba é an aidhm a bhí leis cineálacha éagsúla nuálaíochta a thaifeadadh. Áiríodh leo sin athruithe ar phróisis riaracháin, cineálacha cur chuige nua maidir le soláthar seirbhísí, comhairle nó treoir, agus an glacadh le teicneolaíochtaí nua. Rangaíodh naoi gcinn acu mar nuálaíochtaí 'próisis', ba nuálaíochtaí 'seirbhíse' iad 9 gcinn acu, ba nuálaíochtaí teicneolaíochta 7 gcinn acu agus ba nuálaíochtaí rialála iad 2 cheann.

Ar an iomlán, léiríodh nuálaíochtaí suntasacha, agus forbraíodh go leor díobh chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin nua mar thoradh ar an bpaindéim.




### Nuálaíocht i Seirbhísí Tithíochta: Cás-staidéir; Ceachtanna ó shamplaí de chleachtas nuálaíoch

Roghnaigh tuarascáil an Fhorais Riaracháin cúig cinn de na cás-staidéir a bhailigh GBRÁ i gcomhair iniúchadh níos doimhne.
Rinneadh athbhreithniú litríochta ní ba leithne agus cuireadh agallamh ar fhoireann na n-údarás áitiúil chun sonraí a nochtadh faoi 'Lámhleabhar an Tionónta a Athshamhlú' (Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin); 'Úsáid Theicneolaíocht Cheamara 360' (Comhairle Contae Mhuineacháin); 'Íocaíocht Cíosa trí Aip do Chustaiméirí' (Comhairle Contae Ros Comáin); 'Coigeartú méide do Thionóntaí Breacaosta' – (Comhairle Contae na Mí); agus 'Tairseach Iarratas ar Thithíocht Inacmhainne' (Comhairle Contae Fhine Gall).

Is é tátal na tuarascála go bhfuil sé soiléir go bhfuiltear sa tóir ar chleachtas nuálaíoch laistigh de na Ranna Tithíochta lena mbaineann, chun cleachtais nua a thabhairt isteach agus na cinn atá ann cheana a leasú.



# Láraonad Sonraí

Leanadh ar aghaidh leis an obair chun an Láraonad Sonraí a fhorbairt i rith 2022. Fostaíodh 4 bhall foirne breise le sainscileanna i dtaobh sonraí, rud a thug líon na mball foirne go 7. Dhírigh an t-aonad ar bheartais, nósanna imeachta agus teicneolaíochtaí inmheánacha a fhorbairt chun tacú le réitigh bailithe sonraí agus anailíse a fhorbairt d'fhonn aghaidh a thabhairt ar riachtanais anailíse earnála in ord tosaíochta.

## Ardán Teicneolaíochta, Beartais Foirne agus Sonraí

Rinne an ALS infheistíocht i bhforbairt intí maidir le hardán teicneolaíochta chun soláthar a dhéanamh do riachtanais anailíse sonraí leanúnacha agus beartaithe i gcomhair tionscadail ainmnithe san earnáil. Cumasaíonn an t-ardán sonraí a bhailiú go héasca trí mheicníochtaí éagsúla (Comhéadan Feidhmchláir, uaslódáil comhad, foirm ghréasáin/suirbhé) go sábháilte, cumasaíonn sé bogearraí saincheaptha a fhorbairt níos tapúla ar bharr croí-fheidhmiúlacht chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha tionscadail, rud a thógtar i líonra Lárionaid Sonraí an GBRÁ ina ndéantar na sonraí a bhailítear a stóráil agus a bhainistiú go sábháilte. Cuireann sé sraith bogearraí anailíse atá ar thús cadhnaíochta sa mhargadh agus uirlisí forbartha gaolmhara san áireamh a chuidíonn leis an ALS a chumasú chun raon réitigh sonraí a tháirgeadh go tapa.

I gcomhar le Líonra na nOifigeach Cosanta Sonraí agus le haturnaetha an GBRÁ, d'fhorbair an ALS sraith doiciméid dhlíthiúla agus beartais forbartha a thacaíonn le cleachtais shlána i dtaobh sonraí agus a éascaíonn rannpháirtíocht níos tapúla ar thionscadail a bhaineann le sonraí ar fud na n-údarás áitiúil is tríocha, lena n-áirítear fógraí príobháideachais i bhfoirm teimpléid, beartais fianán, agus comhaontuithe próiseála sonraí. Is cleachtóirí oilte i dtaobh Rialacháin um Chosaint Ghinearálta Sonraí iad foireann uile an ALS, a chloíonn le prionsabal Airteagal 25 de Rialacháin um Chosaint Ghinearálta Sonraí trí Dhearadh.

## Rannpháirteachas ALS

Leabharlanna I ndiaidh comhairliúchán riachtanas idir Grúpa Oibre Choiste Leabharlann GBRÁ agus Aonad Taighde GBRÁ, chuir an ALS anailís eatramhach ar fáil bunaithe ar thacar sonraí suirbhé réamh-Covid, a chuimsigh staitisticí tuairisciúla inar leagadh béim ar thionchar acmhainní airgeadais agus foirne ar úsáid na seirbhíse leabharlainne ar fud na hearnála, agus anailís bhraisle inar leagadh béim ar ghrúpálacha féideartha i dtaobh brainsí leabharlainne a bhfuarthas amach go raibh comharthaí sóirt comónta i gceist leo i leith raon athróg. Chuir an tuarascáil béim freisin ar na torthaí ó anailís gheo-spásúil thrialach ar na caidrimh idir gníomhaíochtaí leabharlainne agus sonraí déimeagrafacha. Forbraíodh pleananna chun an anailís a leathnú agus a chur i gcrích le sonraí breise suirbhé agus seirbhíse.

**Acmhainní Pleanála:** Thacaigh an ALS leis an gCoiste Tithíochta, Foirgníochta agus Úsáide Talún (TFUT) ina chuid oibre chun páipéar fianaisebhunaithe a fhorbairt le haghaidh pleanáil acmhainní, ach anailís treochtaí agus aicmiúcháin a sholáthar, trí úsáid a bhaint as sonraí ó shuirbhé acmhainní Pleanála a rinne an TFUT, chun riachtanais foirne/scileanna reatha agus gearrthéarmacha a chinneadh ar fud na hearnála.

**Suirbhéireacht Phíolótach i dtaobh Sástacht Custaiméirí:** Agus iad ag obair go dlúth le hAonad Taighde an GBRÁ agus le Grúpaí Oibre Sonraí CBCC, tá suirbhéanna píolótacha Ghuth an Chustaiméara forbartha agus bainistithe ag an ALS do na seirbhísí Leabharlann agus Cothabhála Tithíochta. Tá siad á seachadadh ar fud na hearnála, ach úsáid a bhaint as uirlis suirbhéireachta atá forbartha ar bhonn intí agus atá deartha go sonrach chun tacú le bainistiú suirbhéanna a dhéantar ar fud na 31 údarás áitiúil, ina ngintear suirbhéanna agus cóid QR pháipéar-bhunaithe agus leictreonacha go huathoibríoch, agus bailítear sonraí go díreach isteach sa bhunachar sonraí bainistithe ALS le haghaidh anailíse láithreach bonn.

**Córais Náisiúnta agus Anailísíocht Glao ar Theach Cónaithe a Thairiscint:** I mí Lúnasa 2022, fostaíodh an ALS chun córais bailithe sonraí saincheaptha a fhorbairt agus anailísíocht sonraí a tháirgeadh mar chuid de ghlao náisiúnta ar ionaid réadmhaoine neamháitithe in Éirinn, chun tacú le daoine a bhaineann tairbhe as Treoir um Shocrú Sealadach, rud a ghair an tAE tar éis gur bhris an cogadh amach san Úcráin. Bhí baint ag an ALS le rathúlacht an tionscnaimh trí fhorbairt thapa a dhéanamh ar na nithe seo a leanas:

- Suíomh Gréasáin a chomhlíonann an RGCS, a bhfuil rochtain ag daoine den phobal amháin air chun mionsonraí a sholáthar, go slán agus go héasca, maidir lena dtairiscintí réadmhaoine.
- Suíomh Gréasáin a fhorbairt, a bhfuil rochtain ag baill d'Fhoireann Freagartha na hÚcráine amháin air i ngach ceann de na húdaráis áitiúla, a thacaigh le próiseáil agus rianú tairiscintí réadmhaoine ó fháltais go cigireacht, go leithroinnt, agus a sholáthair tacaíocht theicniúil leanúnach d'údaráis áitiúla agus iad ag dul i mbun teagmhála leis an bpobal tríd an suíomh Gréasáin.
- Ábhar a chuidíonn le comhaontuithe um chosaint sonraí a fhorbairt atá riachtanach chun na hidirghníomhaíochtaí sonraí idir go leor gníomhairí rialtais agus gníomhairí tríú páirtí a bhfuil baint acu leis an tionscnamh a rialú.
- Anailísíocht ar éileamh ar fud raon na n-idirghníomhaíochtaí tionscnamh atá deartha chun barr feabhais a chur ar ghníomhaíochtaí oibriúcháin le go mbeidís ag leibhéil údaráis áitiúil agus náisiúnta.

# 7 Abhcóideacht agus Rialtas Áitiúil

## Aighneacht Caidrimh Thionsclaíoch

Thug an GBRÁ tacaíocht leanúnach do na hÚdaráis Áitiúla maidir le cúrsaí Caidrimh Thionsclaíoch, lena n-áirítear beartais agus nósanna imeachta agus soiléiriú maidir le léirmhíniú Ciorclán agus fiosrúcháin a bhain le fostaithe.

Lean an GBRÁ ar aghaidh ó thaobh ionadaíocht a dhéanamh thar cheann na n-údarás áitiúil agus ó thaobh tacú leo i gcaidreamh áitiúil le Ceardchumainn agus ionadaíocht a dhéanamh ar a son maidir le saincheisteanna a théann ar aghaidh chuig an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre agus chuig an gCúirt Oibreachais, lena n-áirítear Idirghabháil, Idir-réiteach, Breithniú agus éisteachtaí na Cúirte Oibreachais.

Lean GBRÁ ar aghaidh freisin ó thaobh caidreamh a bhunú trí Chomhairle Náisiúnta na nÚdarás Áitiúil agus Comhlacht Maoirseachta an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais chun dul i ngleic go rathúil le saincheisteanna a bhaineann le Caidreamh Tionsclaíoch agus Acmhainní Daonna.

## Oifig Aistrithe Seirbhísí Uisce (OASU)

### Claochlú Earnáil an Uisce

Leanadh den obair ar Claochlú Earnáil an Uisce tar éis críoch a chur le cainteanna faoi choimirce an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre agus foilsiú an Chreata um Sheachadadh Seirbhísí Uisce sa Todhchaí ar an 24 Meitheamh 2022. Ó Iúil go Nollaig 2022, chuaigh Grúpa Oibre a rinne ionadaíocht thar ceann na hEarnála i mbun teagmhála le hUisce Éireann atá ann in ionad an Comhaontaithe Leibhéil Seirbhíse, (ar a dtugtar Máistir-Chomhaontú um Chomhoibriú) agus Comhaontú Seirbhísí Tacaíochta a ghabhann leis. Tá ionadaithe ó shé údarás áitiúil agus ó GBRA ar an meitheal. Bhí ionadaithe ó Rannóga Seirbhísí Uisce, Airgeadas, Corparáideach agus TF na n-údarás áitiúil ina measc.

### Coiste CBCC

Thacaigh OASU le Coiste Uisce, Dramhaíola, Comhshaoil agus Pleanála Éigeandála CBCC (UBDCPE) ina chuid oibre agus rinne siad taighde ar fud na hearnála chomh maith le haighneachtaí reachtúla agus neamhreachtúla a ullmhú ar shaincheisteanna sonracha de réir mar a tháinig siad chun cinn. Dhírigh an Clár oibre le linn 2022 ar an gCreat CCÁO a fhorbairt agus d'fhorbair an mheitheal SLA nua le cur in áit an tseanchinn ina dhiaidh sin.

### Aighneachtaí déanta

D'ullmhaigh OASU aighneacht thar ceann CBCC

- le cur faoi bhráid an Choimisiúin um Rialáil Fóntais (CRF) maidir le hAthbhreithniú Uisce Éireann ar Thréimhse Rialaithe Ioncaim 3 i mí Iúil 2022 agus
- i mí Mheán Fómhair 2022 le cur le hAthbhreithniú na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ar Ráiteas Beartais ar Sheirbhísí Uisce 2018-2025.

### Cruinnithe Réigiúnacha SLA

Leanadh ar aghaidh leis an obair a bhí ar siúl chun tacú leis na réigiúin trí chruinnithe démhíosúla a thionól i réigiúin an Tuaiscirt & Iarthair, an Deiscirt, an Oirthir agus Lár Tíre agus Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath. Fuarthas aiseolas ar shaincheisteanna náisiúnta ag na fóraim seo.

### Líonra Bainisteoirí Athruithe

Reáchtáladh ocht gcruinnithe fhíorúla agus dhá chruinniú i bpearsa do Bhainisteoirí Athruithe in 2022. D'fhreastail OASU agus Uisce Éireann araon ar na cruinnithe seo. Phléigh Uisce Éireann tionscadail nua agus tionscadail ar na bacáin agus, le cois cur i láthair a dhéanamh ar shaincheisteanna náisiúnta, thug OASU aghaidh ar cheisteanna ar leith a tharraing Bainisteoirí Athruithe anuas ar bhonn réigiúnach.

# Oifig Cláir Dramhaíola Údaráis Áitiúil

Bunaíodh an Oifig do Chlár Dramhaíola na nÚdarás Áitiúil sa GBRÁ i mí Mheán Fómhair 2021 chun na cláir seirbhísí dramhaíola comhroinnte a bhí ann cheana a chomhordú (Oifigí Réigiúnacha um Pleanáil Bainistithe Dramhaíola (RWMPO), Príomhúdaráis Réigiúnacha Forfheidhmiúcháin Dramhaíola (WERLAanna), An Oifig Náisiúnta um Seoladh Trasteorann (NTFSO), agus An Oifig Náisiúnta do Cheadanna Bailithe Dramhaíola (NWCPO). Tá sé de chúram ar an oifig comhlíonadh gealltanas ábhartha tugtha faoin Plean Gníomhaithe Dramhaíola do Gheilleagar Ciorclach a chomhordú agus comhairle a thabhairt ina leith.

Tugann an Oifig Chlár Dramhaíola na nÚdarás Áitiúil tacaíocht d'údaráis áitiúla/seirbhísí dramhaíola comhroinnte údarás áitiúil, don Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus do Ranna Rialtais eile, d'ENRanna comhshaoil, don tionscal dramhaíola, agus do pháirtithe leasmhara seachtracha eile le cinntiú go mbaintear amach go héifeachtúil spriocanna dramhaíola ar bhonn áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta. Oibríonn an oifig i ndlúthchomhar leis an aonad gnó sa CBCC atá freagrach as tacú leis an gCoiste Uisce, Bainistithe Dramhaíola, Comhshaoil agus Pleanála Éigeandála (WWEEP) agus na coistí um Ghníomhú ar son na hAeráide, Iompar, Geilleagar Ciorclach agus Líonraí (CATCEN).

In 2022, bhí an Oifig um Chlár Dramhaíola na nÚdarás Áitiúil freagrach as:

- obair i gcomhar leis an gCathaoirleach, an Leaschathaoirleach agus Coiste Feidhmiúcháin CBCC agus le Coiste CATCEN de chuid CBCC
- Comhordú a dhéanamh ar na seirbhísí dramhaíola comhroinnte atá ann cheana.
- obair leis na coistí UBDCPE agus CATCEN agus tacú le na hOifigí Réigiúnacha um Bainistiú Dramhaíola a Phleanáil (ORBDPanna) chun Plean Gníomhaithe nua um Bhainistiú Dramhaíola do Gheilleagar Ciorclach a fhorbairt.
- idirghníomhaíochtaí idir an tionscal dramhaíola agus an earnáil rialtais áitiúil a bheith mar fhreagracht oibríochtúil orthu.
- obair leis na páirtithe leasmhara ábhartha go léir chun monatóireacht a dhéanamh ar thoilleadh dramhaíola agus é a bhainistiú.
- feidhmeanna forfheidhmithe a chomhordú ar bhonn náisiúnta trí bhíthin an Choiste Uisce, Bainistithe Dramhaíola, Comhshaoil agus Pleanála Éigeandála (UBDCPÉ).
- obair le coistí UBDCPÉ agus CATCEN agus leis an Oifig Réigiúnach um Bainistiú Dramhaíola a Phleanáil (ORBDPanna) maidir lena indéanta a bheadh sé acmhainn cóireála teagmhais a chur ar fáil le húsáid le linn éigeandála.
- a fheidhmiú mar chroílár leanúnach le haghaidh oibríochtaí dramhaíola uile na n-údarás áitiúil chomh maith le hionadaíocht a dhéanamh thar ceann na hearnála ag fóraim éagsúla lena n-áirítear: an Grúpa Comhairleach Náisiúnta maidir le Dramhaíl, an Coiste Stiúrtha Náisiúnta um Fhorfheidhmiú Dramhaíola, an Clár Náisiúnta um Gheilleagar Ciorclach, srl.
- comhairle a thabhairt i dtaobh réimse saincheisteanna a chuireann as d'oibríochtaí bainistithe dramhaíola údarás áitiúil.
- Tacú le córais agus próisis a fhorbairt le cinntiú go gcuirtear sonraí cuí ar fáil le bonn eolais a chur faoi chinnteoireacht éifeachtach agus cáilíocht a bheith á feabhsú de shíor.
- obair léi chun scoth na comhairle i dtaobh beartas cáilíochta a thabhairt don Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide.
- Comhordú a dhéanamh ar chion na hearnála rialtais áitiúil den obair maidir le Straitéis Uile-Gheilleagair Chiorclaigh an Rialtais.
- Comhoibriú feabhsaithe a chur i bhfeidhm laistigh den earnáil idir seirbhísí comhroinnte agus go seachtrach i gcomhar le páirtithe leasmhara eile, an GCC san áireamh.
- fanacht ar an eolas faoi fhorbairtí ábhartha beartais agus rialála seachtracha, treochtaí sa tionscal dramhaíola, chomh maith le deiseanna a shainaithint a d'fhéadfaí a chur chun tairbhe d'fheidhmiú sheirbhísí dramhaíola na n-údarás áitiúil.

# Seirbhísí Comhairle Airgeadais agus Tacaíochta

### Uasghrádú ar an gCóras Bainistíochta Airgeadais

Eisíodh Iarratas ar Thairiscint le haghaidh uasghrádú a dhéanamh ar leagan Garsprioc 7 de chóras Bainistíochta Airgeadais Agresso i mí Feabhra 2021 agus rinneadh gach údarás áitiúil a uasghrádú leis faoi Nollaig 2022. Thosaigh GBRÁ ag obair le Comhairle Cathrach Chorcaí i lár 2022 chun an córas airgeadais atá acu faoi láthair a uasghrádú go dtí Agresso.

### Tarscaoileadh Rátaí COVID-19

Síníodh an tarscaoileadh rátaí a cuireadh i bhfeidhm 2021 chuig R1 na bliana 2022 agus bhí sé níos forordaithí i dtaca le catagóirí íocóirí rátaí.

### Scéim Cúnaimh do Ghnólachtaí Beaga le haghaidh COVID (SBASC) agus Scéim Deontais Atosaithe

Rinne an Roinn Fiontraíochta, Trádála agus Fostaíochta iniúchadh ar an Scéim Deontais Atosaithe agus an Scéim SBASC araon. Tháinig na hiniúchtaí ar an tuairim go raibh ag éirí le riaradh na scéimeanna, fad is a tharraing siad aird ar dhornán deiseanna ar féidir a thapú chun rialachas agus na próisis a ghabhann leo a fheabhsú a thuilleadh.

# Acmhainní Daonna, Párolla, Aoisliúntas (ADPA) Seirbhísí Comhairleacha agus Tacaíochtaí

### Clár Acmhainní Daonna, Párolla, Aoisliúntais (ADPA)

Cuireann an Clár Acmhainní Daonna, Párolla agus Aoisliúntais (HPSS) ar chumas na n-údarás áitiúil agus eagraíochtaí earnála poiblí eile Acmhainní Daonna, Párolla agus seirbhísí coimhdeacha a sholáthar ar bhealach éifeachtúil, cruinn agus slán laistigh d'earnáil na n-údarás áitiúil.

### Optamúcháin ar People XD

Leanann GBRÁ d'obair i gcomhar leis an nGrúpa Access chun feabhsú leanúnach a dhéanamh ar People XD don earnáil. In 2022 aistríodh Bainistiú Daoine ó chúloifig go tairseach agus cuireadh tús leis an ullmhúchán chun Bainistiú Luchta Saothair a aistriú ó chúloifig go tairseach.

### Gnó Oibríochtúil a Thuairisciú

In 2022, chuir an Grúpa Access in iúl d'úsáideoirí People XD (Core) go raibh a ré caite ag Intleacht Ghnó (BI), ar úsáideadh í chun tuarascálacha oibriúcháin a chur le chéile go dtí sin, agus nach mbeadh Oracle ag tacú leis a thuilleadh. Mar bheart maolaithe, d'fhaomh Bord an Chláir HPSS sraith chaighdeánach de thuarascálacha a fhorbairt ar Insight (People XD). Chuir GBRÁ meitheal ar bun chun na tuarascálacha seo a fhorbairt agus a thástáil, rud ar cuireadh ar fáil é ar bhonn céimneach don earnáil.

Ós rud é nach raibh an fheidhmiúlacht chéanna ag Insight agus atá ag BI, shocraigh MyPay ar MakoData a úsáid le haghaidh tuairisciú párolla. D'fhaomh Bord an Chláir HPSS forbairt sraith chaighdeánach de thuarascálacha párolla a fhorbairt do MyPay, mar aon le sraith eile de thuarascálacha caighdeánacha oibriúcháin MakoData cosúil leis na cinn a forbraíodh ar Insight.

Sholáthair GBRÁ oiliúint in 2022 do gach údarás áitiúil maidir le tuarascálacha Insight agus MakoData a úsáid.

### Uasghrádú Déanta ar Fhriothálaí Lárnach Anailísíochta Sonraí AD MakoData

Rinneadh óstáil ar dhá shuiteáil ar leith de bhogearraí MakoData/Tableau Reporting ar bhonneagar GBRÁ (tuarascálacha oibriúcháin MyPay agus Anailísíocht Sonraí AD. In 2022, d'fhaomh Bord an Chláir HPSS an moladh go ndéanfaí na friothálaithe a thabhairt i gceann a chéile chun aon fhriothálaí cumhachtach amháin a dhéanamh astu, le go bhféadfaí bheith níos tíosaí le costais agus acmhainní. Cuireadh an friothálaí nua uasghrádaithe i mbun feidhme i mí Iúil 2022.

### Tuairisciú ar an mBearna Pá Idir na hInscní

Mar chuid den Tionscadal Deaise um Anailísíocht Sonraí AD, d'fhorbair GBRÁ deais chun an fhaisnéis a thabhairt nach foláir a bheith ag údaráis áitiúla chun ceanglais an Achta um Thuairisciú Faisnéise Maidir leis an mBearna Phá idir na Fir agus na Mná, 2021 a chomhlíonadh. Reáchtáil trí údarás áitiúla, Comhairle Contae Chorcaí, Comhairle Contae Chiarraí agus Comhairle Contae na Mí an réiteach teicniúil ar bhonn píolótach roimh é a chur ar fáil de réir a chéile don earnáil. Chuir gach údarás áitiúil a dTuarascálacha Bearna Pá Idir na hInscní do 2022 i dtoll a chéile faoin spriocdháta dheireadh ba bliana.

### Párolla Comhroinnte

Lean GBRÁ ag obair i gcomhar leis an Ionad Seirbhísí Comhroinnte Párolla agus Aoisliúntais (MyPay) i gComhairle Contae Laoise, bainistíocht tionscadal á chur ar fáil acu do lucht cur chun feidhme an phárolla comhroinnte i gComhairle Contae Chorcaí, córas a cuireadh i mbun feidhme i mí an Mheithimh 2022.

### Ullmhacht chun Sonraí Aoisliúntais

Lean GBRÁ i mbun tacaíocht a thabhairt do na húdaráis áitiúla leibhéal ullmhachta a bhaint amach i leith na sonraí aoisliúntais roimh iad a aistriú chuig an Ionad Seirbhíse Comhroinnte Aoisliúntais mar chuid den Tionscadal Aoisliúntais Comhroinnte foriomlán. Cuireadh fiche údarás áitiúil i mbun feidhme ar Sheirbhís Aoisliúntais MyPay nuair a cuireadh stop sealadach leis an tionscadal chun deis a thabhairt don Ghrúpa Access feidhmiúlacht Scéime Pinsin Singil (SPS) a bhí de dhíth a chur ar fáil ar People XD. I mí na Samhna 2022, d'fhaomh Bord an Chláir HPSS dhá shuíomh eile a ionghabháil le go mbeadh MyPay in ann an fheidhmiúlacht nua seo a thástáil.

### Scéim Pinsin Singil

Lean MyPay ar aghaidh i mbun SPS a riaradh thar ceann na hearnála; agus chuir siad Ráitis Sochair Bhliantúla 2021 i dtoll a chéile thar ceann na bhfiche údarás áitiúil ionduchtaithe. D'uaslódáil MyPay sonraí na bliana 2021 le haghaidh na 20 suíomh seo chuig banc sonraí DPER. Lean GBRÁ i mbun tacú le MyPay leis an tionscadal seo; chomh maith le cúnamh a thabhairt do na 13 shuíomh nár ionduchtaíodh iad chuig Seirbhísí Comhroinnte Aoisliúntais MyPay go fóill.

# Catalóg Seirbhísí an Rialtais Áitiúil

Is suíomh gréasáin nua é Services.localgov.ie arb é is cúram dó eolas a thabhairt d'úsáideoirí faoi na seirbhísí á dtairiscint ag earnáil an rialtais áitiúil in Éirinn. Cuirtear eolas ar bhreis is 1,100 seirbhís i láthair ar bhealach so-úsáidte agus inrochtana in aon áit amháin agus tá sé ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge araon. Is féidir le húsáideoirí an catalóg a bhrabhsáil ar bhealaí éagsúla agus is féidir leo nascadh go díreach lena n-údarás áitiúil féin chun teacht ar sheirbhís. Cuireann an tionscadal Gníomh 3 agus Gníomh 4 dár Seirbhís Phoiblí 2020 i gcrích chun cumarsáid leis an bpobal a fheabhsú agus chun seirbhísí a dhéanamh níos inrochtana. Tacaíonn an suíomh gréasáin freisin le seirbhísí digiteacha a fhorbairt ar fud na hearnála rialtais áitiúil. Bhí ionchur ag 31 údarás áitiúil sa tionscadal chomh maith le tacú leis.

Tá Coiste Bainistíochta na Catalóige Seirbhísí curtha ar bun chun cothabháil a dhéanamh ar shuíomh gréasáin na Catalóige Seirbhísí agus chun an t-eolas air a choinneáil cothrom le dáta. I measc bhaill an choiste tá údaráis áitiúla, Coiste Corparáideach CBCC agus GBRÁ.

In 2022, d'fhaomh Coiste Bainistíochta na Catalóige Seirbhíse Próiseas chun Athrú a Iarraidh sa Chatalóg Seirbhíse agus eisíodh é chuig gach Stiúrthóir Corparáideach, úsáideoirí cláraithe an tsuímh ghréasáin agus RTRÁO. Má chuirtear isteach iarratas críochnaithe ar Athrú sa Chatalóg Seirbhíse cuirfidh sé Coiste Bainistíochta na Catalóige Seirbhíse ar an eolas faoi athruithe atá ar tí teacht i bhfeidhm ar bhonn náisiúnta maidir le seirbhísí rialtais áitiúil agus cuirfidh sé ar chumas an choiste athruithe a dhaingniú chomh maith le suíomh gréasáin na catalóige seirbhíse a choinneáil cothrom le dáta.

# Tús Áite do Lár an Bhaile

Seoladh an Beartas um Thús Áite do Lár an Bhaile (TÁLB) in 2022 agus bunaíodh an Chéad Oifig Náisiúnta um Thús Áite do Lár an Bhaile laistigh de GBRÁ.

Tá sé de shainchúram ar an Oifig maoirseacht a dhéanamh le go gcuirfí an Beartas um Thús Áite do Lár an Bhaile i bhfeidhm ar bhealach comhsheasmhach, chomh maith le caighdeáin a leagan síos, taighde a dhéanamh, dea-chleachtas agus conairí a aithint, tacaíocht a thabhairt agus próisis a reáchtáil, ar forbraíodh iad trí phlé a dhéanamh leis na páirtithe leasmhara go léir agus gach dream ar spéis leo iad. Tabharfaidh an cur chuige seo na huirlisí agus na hacmhainní go léir is gá do na foirne baile áitiúla le gur féidir leo plé comhsheasmhach, trédhearcach agus dearfach a dhéanamh leis an mbeartas, rud a bheidh ina shiocair le Pleananna Tús Áite do Lár an Bhaile insoláthartha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ar fud na tíre.

Tacaíonn an Grúpa Comhairleach Náisiúnta Maoirseachta (NOAG) agus Coistí ábhartha an CBCC leis an Oifig Náisiúnta.

Bhunaigh sí roinnt comhaontais thábhachtacha freisin leis na ranna Rialtais ábhartha i riocht is gur fhorbair siad PTFanna fiúntacha agus réitigh siad an bealach do na ranna ábhartha le comhoibriú a dhéanamh leis na húdaráis áitiúla le go mbeadh scuaine seasta de thionscadail ann i gcónaí le gur féidir féachaint, i gcás gach tionscadail, an féidir é a chur in oiriúint do aon cheann de na sruthanna cistiúcháin atá ar fáil.

Cuireadh tús i lár 2022 le hearcú líon na foirne a ceadaíodh, agus ceapadh an Chéad Chomhordaitheoir ar Thús Áite do Lár an Bhaile i mí Lúnasa, agus reáchtáladh comórtas earcaíochta ina dhiaidh sin chun Bainisteoir Tionscadail agus Oifigeach Tionscadail a earcú.

I measc na gcuspóirí ar thug an Oifig tús áite dóibh in 2022 bhí Líonra d'Oifigigh Athnuachana Baile a chur ar bun, dul chun cinn a rianú ar fhorbairt Pleananna Tús Áite do Lár an Bhaile do 26 áit ar fud na tíre ina bhfuil an scéim seo á triail ar bhonn píolótach agus Plean Gníomhaithe Tús Áite do Lár an Bhaile a fhorbairt.

# Cumarsáid Chorparáideach

Thug an fhoireann cumarsáide tacaíocht ar fud GBRÁ, lena n-áirítear don Fhoireann Chorparáideach maidir le cumarsáid inmheánach agus sheachtrach GBRÁ.

In 2022, cuireadh Straitéis Cumarsáide Corparáidí nua agus plean gníomhaithe i bhfeidhm.

Leanamar orainn i mbun aird a tharraingt ar obair, ar thionscadail, agus ar ghaiscí GBRÁ ar fud ár gcainéil inmheánacha agus sheachtracha, ár suíomh gréasáin agus ar na meáin shóisialta san áireamh. Le linn 2022, cuireadh conarthaí i bhfeidhm le haghaidh Dearadh Grafach agus seirbhísí Cruthaitheachta agus Fógraíochta do GBRÁ.

# Earnáil na nÚdarás Áitiúil a Chur in Iúl agus a Chur Chun Cinn

Is gnéithe tábhachtacha d'obair GBRÁ iad aird a tharraingt ar obair, poist agus daoine an rialtais áitiúil chomh maith le cumarsáid a chomhordú trasna na hearnála, i gcomhar leis an gCumann Bainistíochta Contae agus Cathrach (CBCC) agus Meitheal Chumarsáide faoi Choiste Feidhmiúcháin CBCC.

### Plé Seachtrach agus Ionadaíocht

Téann Foireann Cumarsáide GBRÁ chun cainte go rialta le teagmhálaithe ar fud an rialtais áitiúil agus an rialtais náisiúnta, na meán, agus páirtithe leasmhara eile thar ceann GBRÁ agus earnáil an rialtais áitiúil.

### Na Meáin agus Feachtais

Thacaigh Cumarsáid GBRÁ le coistí agus le foirne CBCC ar fud na Gníomhaireachta maidir le feachtais chumarsáide, plé leis na meáin agus forbairt suíomh gréasáin. Mar chuid de seo reáchtáladh feachtais agus rinneadh obair maidir le gairmeacha sa rialtas áitiúil, soilsiú poiblí, gníomhú ar son na haeráide, tithíocht, agus cáin talún ar thalamh arna chriosú chun tithíochta.

Cuireadh acmhainní suntasacha ar fáil chun tacú le freagairt an rialtais áitiúil i leith na Úcráine, lena n-áirítear an clár um Theach Cónaithe a Thairiscint agus feachtas cumarsáide.

### Straitéis

Agus é ag tarraingt ar dheireadh 2022, cuireadh tús le Straitéis Cumarsáide a fhorbairt don earnáil. Lean GBRÁ den Straitéis Cumarsáide a bhí ann cheana a chur i bhfeidhm, chomh maith le straitéis meán sóisialta agus straitéis branda agus cúrsaí digiteacha don earnáil rialtais áitiúil, agus iad ag déanamh ionadaíochta thar ceann Rialtas Áitiúil Éireann, Leabharlanna Éireann agus an CBCC.

### Tacaíocht don Líonra Cumarsáide

Lean an GBRÁ i mbun tacaíocht straitéiseach a thabhairt ó lá go lá don Líonra Cumarsáide, lena n-áirítear iad siúd go léir a oibríonn sa chumarsáid ar fud na hearnála. Mar chuid de seo, reáchtáladh Seimineár Cumarsáide Rialtais Áitiúil i mí na Samhna inar labhair cainteoirí ón earnáil phoiblí agus ón earnáil phríobháideach agus cumarsáid dhigiteach agus shóisialta faoi chaibidil acu.

Le linn 2022, chuireamar tús freisin le sraith seimineár gréasáin faoi chúrsaí foghlama agus forbartha don Líonra Cumarsáide a dhírigh ar réimsí amhail cumarsáid físe, na meáin shóisialta agus brandáil. Ina theannta sin, chun tacú le cumarsáid a chur i bhfeidhm go daingean i measc na n-údarás áitiúil, rinneadh cur i láthair ag Comhdháil an Ghrúpa Oiliúna um Sheirbhísí Comhshaoil i mí Aibreáin agus ag Comhdháil na Seirbhísí Bóithre i mí na Bealtaine.

Agus é ar fáil do gach údarás áitiúil, le linn 2022 cuireadh conradh creata i bhfeidhm le haghaidh seirbhísí CP agus Cumarsáide i ndiaidh do phróiseas tairisceana a reáchtáil.

### Fógraíocht faoi Leabharlanna

Bhainistigh GBRÁ roinnt feachtas poiblíochta leabharlainne le linn 2022, lena n-áirítear tacú leis an aistriú go dtí an Córas Bainistíochta Leabharlainne nua agus mórfheachtais phoiblí amhail Málaí Leabhair Mo Leabharlainne Bige agus Éire ag Léamh.

### LocalGov.ie

Cuireadh tús leis an tionscadal LocalGov.ie i lár 2022. Cuireadh Bord Tionscadail ar bun, thángthas ar chomhaontú maidir le raon feidhme an tionscadail, agus tugadh faoi phleanáil tionscadail. Ullmhaíodh agus foilsíodh iarraidh ar thairiscint chun soláthraí a cheapadh chun an suíomh gréasáin a dhearadh agus a fhorbairt. Tá ailtireacht faisnéise agus straitéis ábhair curtha ar bun don suíomh gréasáin agus tús curtha le dréachtaí tosaigh d'ábhair don suíomh gréasáin.

# Lárionad Soláthair Straitéisigh an Rialtais Áitiúil (LSSRÁ)

## Clár um Sholáthar a Athchóiriú

Déanann an LSSRÁ ionadaíocht thar ceann na hearnála ar Bhord Feidhmiúcháin na hOifige um Sholáthar Rialtais (OSR) agus d'oibrigh sé i gcomhpháirtíocht leis an OSR chun an clár um sholáthar a athchóiriú a chur i bhfeidhm go daingean san earnáil rialtais áitiúil. Oibríonn Oifigeach Tacaíochta Tiomnaithe do Sholáthar Beartas le hoifigigh soláthair na n-údarás áitiúil chun tacú leis an gclár athchóirithe soláthair a chur i bhfeidhm go daingean chomh maith leis an bealach a réiteach san earnáil do thaithí maidir le dea-chleachtais soláthair a roinnt. Leanadh leis an bplé le hoifigigh sholáthair i bhfoirm cruinnithe fíorúla de mheithleacha agus Líonra na nOifigeach Soláthair.

## Córas Bainistíochta Sonraí Caiteachais

Bailíodh sonraí caiteachais 2020 agus cuireadh i dtoll a chéile iad le hiad a chur faoi bhráid an OSR ar iarratas. Forbraíodh Comhéadan Feidhmchláir (API) don chóras chun forlíontaí agus cumarsáid a éascú agus úsáideadh feidhmchláir áirgiúlachta le linn an phróisis aistrithe sonraí.

## Rannpháirtíocht ó Ghnóthais Bheaga agus Mheánmhéide a chur chun cinn maidir le Deiseanna Soláthair Údaráis Áitiúil

Agus é ag fáil tacaíochta ó OFÁnna agus oifigigh sholáthair, d'éirigh leis an LSSRÁ Treoir dhigiteach faoi Sholáthar Poiblí a sheoladh do FBManna agus do Thrádálaithe Aonair. Is é is aidhm leis an treoir fiontair bheaga agus mheánmhéide agus trádálaithe aonair a spreagadh chun páirt a ghlacadh i soláthar earraí, seirbhísí agus oibreacha don earnáil phoiblí. Forbraíodh an treoir i mBéarla simplí agus réamhrá sothuigthe inti faoi phróisis, nósanna imeachta agus stór focal soláthair phoiblí. Táthar tar éis an treoir a scaipeadh i measc páirtithe leasmhara ábhartha, lucht na hearnála poiblí agus lucht na n-údarás áitiúil. Tá sé ar fáil, leis, ar shuíomh gréasáin GBRÁ ag public-procurement-guide-2022.pdf (lgma.ie).

## Soláthar Poiblí Glas

Agus ionadaithe ón LSSRÁ agus LSORÁ mar bhaill de, tá grúpa stiúrtha na nOifigí Réigiúnacha um Ghníomhú ar Son na hAeráide (CARO) tar éis forbairt an chláir oiliúna um Sholáthar Poiblí Glas don Rialtas Áitiúil (SPG) a thabhairt chun críche. Agus trí snáithe ann, cuireadh an chéad leagan den clár oiliúna SPG i bhfeidhm ar bhonn céimneach in 2022. Is éard a bhí i Snáithe 1 ná seimineár gréasáin 40 nóiméad a thug forléargas ar SPG mar aon le sonraí ar chás-staidéir earnála agus chríochnaigh 891 fostaí de chuid údaráis áitiúil é.

Thug 114 fostaí faoi Shraith 2 den chlár oiliúna thar 5 leagan, agus d'éirigh le 90 duine sa chúrsa le linn 2022. Féachadh chuige go mbeadh leibhéal inniúlachta idirmheánach (mar a shainmhínítear é sin i gCreat ProcurComp an AE) ar a laghad ag rannpháirtithe ar chríochnú an tsnáithe dóibh maidir leis na gnéithe comhshaoil de sholáthar inbhuanaithe. Agus iad ina bhun, foghlaimíonn rannpháirtithe conas saincheisteanna inbhuanaithe a chur san áireamh i saolré an tsoláthair agus conas leas a bhaint as uirlisí soláthair amhail costáil saolré agus lipéid. Déantar plé sa chlár oiliúna freisin ar ghníomhaíochtaí taighde, anailíse agus líonraithe a thacaíonn le cinntí soláthair inbhuanaithe agus déantar trácht, leis, ar conas monatóireacht a dhéanamh ar thionchar inbhuanaitheachta agus ar fheidhmíocht an tionscadail.

Thug 58 mball foirne faoi Snáithe 3 den chúrsa thar 3 leagan agus bhí 40 acu tar éis éirí leo sa chúrsa faoi dheireadh 2022. Tugann an snáithe seo eolas agus samplaí do rannpháirtithe chun straitéis Soláthair Phoiblí Ghlais a fhorbairt dá n-eagraíocht agus tá sé dírithe ar fhoireann údaráis áitiúil atá ag gabháil do Straitéis Soláthair Ghlais a fhorbairt thar ceann a n-eagraíochta.

Tríd is tríd, bhí an t-aiseolas cáilíochtúil a fuarthas ó lucht an chúrsa an-dearfach maidir le rochtain a fháil ar an gcúrsa, struchtúr gach snáithe, an úsáid a baineadh as cás-staidéir údaráis áitiúil, éagsúlacht agus caighdeán an eolais, an chaoi inar cuireadh le chéile é, cur i láthair, agus ábhar/acmhainní. D'eisigh soláthraí an chúrsa tuarascálacha ar dhul chun cinn do gach údarás áitiúil.

## Oiliúint agus Oideachas

Leantar le tacú le soláthar a ghairmiúlú agus, chuige sin, cuireadh dhá sparánacht déag ar fáil d'Oifigigh Sholáthair le deis a thabhairt dóibh oideachas creidiúnaithe tríú leibhéal i réimse an tsoláthair a dhéanamh.

## Dul i gComhairle leis an Earnáil

### Straitéis agus Plean Gníomhaithe Soláthair Phoiblí Ghlais

Chuir an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC) tús leis an bpróiseas chun athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar a ndoiciméad beartais um Straitéis Soláthair Phoiblí Ghlais agus Plean Gníomhaithe 2012, Tairiscintí Glasa – Plean Gníomhaithe i leith Soláthar Poiblí. Tugadh cuireadh do chomhlachtaí earnála poiblí, údaráis áitiúla san áireamh, aighneachtaí réamhchomhairliúcháin a dhéanamh.

### Ciorclán 10/14 Athbhreithniú:

Thug an OSR, in éineacht le comhairle chomhairleach na FBManna, faoi phróiseas comhairliúcháin gearr ina 2-chuid ar fud na hearnála poiblí chun tuairimí luchta earnála a fháil faoi na hathruithe atá beartaithe a dhéanamh ar Chiorclán 10/14 (Cuidiú le FBManna rochtain a fháil ar Sholáthar Poiblí).

**Céim 1:** Dul i gcomhairle faoin phríomh-athrú atá beartaithe, is é sin, an tairseach le haghaidh meastacháin i gcomhair soláthairtí agus seirbhísí a ardú ó €25,000 go €50,0000 agus sainordú a thabhairt an córas Mear-Mheastacháin de chuid Ríomhthairiscintí a úsáid do mheastacháin os cionn €25,000. Thug cúig údarás áitiúil déag freagairt ar an iarraidh agus cuireadh freagairt chomhthiomsaithe na hearnála faoi bhráid an OSR le haghaidh a breathnaithe.

**Céim 2:** Chuathas i gcomhairle faoin ábhar atá beartaithe maidir le ceanglais árachais agus chuir an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát (GÉS) beart nuashonraithe agus aguisín ar fáil ar cuireadh roinnt foclaíocht bhreise leo ó Pholasaí Tógála OSR. I measc na bpríomh-athruithe atá beartaithe tá árachas dliteanais i leith táirgí a ardú go €6.5M ar a laghad agus cibearshlándáil a phlé sa treoir maidir le ceanglais árachais a shocrú. Chuaigh an LSSRÁ i gcomhairle leis an earnáil rialtais áitiúil agus IPB faoi leasuithe a mhol an GÉS maidir leis na ceanglais Árachais i gCiorclán 10/14 agus chuir siad freagra comhthiomsaithe faoi bhráid an OSR.

## Méadracht Athchóirithe Soláthair

D'fhorbair an mheitheal um Méadrachtaí agus Táscairí Náisiúnta dréacht-tuarascáil ar an méadracht atá beartaithe chun an méid dul chun cinn atá á dhéanamh ar athchóiriú soláthair san earnáil phoiblí a thomhas bunaithe ar 6 chuspóir straitéiseacha:

- Trédhearcacht
- Éifeachtacht an Athchóirithe Láraithe atá ar siúl.
- Comórtas.
- Soláthar Poiblí Straitéiseach (Cúinsí Comhshaoil/ Sóisialta)
- Rannpháirtíocht gnóthas beag nó meánmhéide
- An méid a caitheadh ar oibreoirí eacnamaíocha dúchasacha

Ghlac an Bord Eatramhach Athchóirithe Soláthair leis an tuarascáil mar thúsphointe ónar féidir dul i mbun cur chun cinn ar athchóiriú soláthair a thomhas. Maidir leis an mbailiú sonraí a úsáidfear chun bonn eolais a chur faoi na méadrachta, gheofar é ó ardán ríomhthairiscintí OSR agus ón earnáil araon. D'aontaigh Bord Soláthair Rialtais Áitiúil le Meitheal Méadarachta agus Táscairí Rialtais Áitiúil a chur ar bun chun bonn eolais a chur faoi táscairí a fhorbairt ar bhonn náisiúnta. I measc bhallraíocht na meithle tá ionadaithe ón LSSRÁ, LSORÁ agus ón Líonra Oifigeach Soláthair. Ghlac an Grúpa RÁ páirt i gceardlanna leis an OSR a dhírigh ar tháscairí a fhorbairt ar féidir iad a bhailiú ó ríomhthairiscintí agus ó Supplygov agus chuidigh sé le teimpléad tuairiscithe a fhorbairt mar thaca do shonraí a bhailiú.

## Plé le Socruithe Soláthair Lárnaigh a Chur Chun Cinn

Príomhghné den chlár athchóirithe soláthair is ea rannpháirtíocht le socruithe soláthair lárnacha seanbhunaithe a neartú a oiread agus is féidir. Réitigh an LSSRÁ an bealach do sheisiúin eolais OSR a chur ar siúl ar bhonn céimneach inar bpléadh a socruithe lárnach ceannaigh. Reáchtáladh 11 sheisiún mar seo a leanas:

- Seirbhís Chothabhála le haghaidh Aláraim Dóiteáin, Soilsiú Éigeandála agus/nó Creat um Chórais Slándála Leictreonaí.
- Ríomhaire agus Stóras agus Creataí Ballaí Dóiteáin.
- Creat Seirbhísí Tacaíochta TFC Seachtracha.
- Creataí Sonraí Oscailte.
- Mionoibreacha Tógála - Córas Ceannaigh Dinimiciúil (CCD) do Cheardaithe – arna soláthar ag LSORÁ.
- Straitéis maidir leis na Meáin, Pleanáil agus Ceannach.
- Gutháin Phóca agus Gléasanna & Seirbhísí Gaolmhara.
- Ceimiceáin agus Imoibrithe Saotharlainne/Taighde - arna soláthar ag na Seirbhísí Soláthair Oideachais (SSO).
- Seirbhísí Aistriúcháin Gaeilge.
- Seirbhísí Trealaimh Dóiteáin Iniompartha
- Seirbhísí Cárta Breosla – arna soláthar ag Circle K.

I measc na seisiún eolais eile a rinne an LSSRÁ éascú orthu bhí:

- Seisiún Máistir-Ranga faoi Shamhaltú Faisnéise Foirgníochta (SFF) – Chuir an tAonad um Beartas Soláthair Tógála OSR Bainistiú Sócmhainní i láthair. Chuir an ócáid ina luí ar lucht freastail an tábhacht a bhaineann lena gcuid sócmhainní agus riachtanais ghnó a thuiscint le go mbeidís chomh hullamh agus is féidir do chur i bhfeidhm SFF.
- Seisiún oiliúna athnuachana faoin bpróiseas Ríomhthairiscintí Féinfhreastail.

Chun níos mó rannpháirtíochta a spreagadh le socruithe soláthair lárnaigh, lorg an LSSRÁ ainmnithe earnála chun cuidiú leis an OSR le socruithe a fhorbairt don Chreat Athnuachana Seirbhísí Gnó agus Bainistíochta agus Sainchomhairleoireachta TFC, an Fhoireann um Chreat Bainistíochta Taistil a Mheas, agus an Fhoireann um Chártaí Ceannaigh a Mheas in éineacht le hionadaí chun cuidiú le cúrsaí a shocrú i gcomhair Fiosrúchán san Ionad Oibre. Tá ionadaithe earnála ainmnithe freisin chun bheith ina mbaill den chomhairle catagóire Flít agus Gléasra OSR agus don fhoireann foinsithe SSO chun socrú a fhorbairt i leith Seirbhísí a Sholáthar chun Capaill Fháin, Thréigthe agus Gan Aithint a rialú.

## Cumarsáid maidir leis an Tionscadal Aistrithe Ríomhthairiscintí

Roghnaigh an Oifig um Sholáthar Rialtais (OSR) soláthraí nua (European Dynamics) chun ardán Ríomhthairiscintí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Cuireadh tús leis an tionscadal seo faoi stiúir an OSR agus tá an OSR ag obair leis na páirtithe leasmhara go léir san earnáil phoiblí le linn don aistriú a bheith ar siúl. Cuireadh d'iallach ar gach páirtí leasmhar san earnáil phoiblí Ceannasaí Forfheidhmithe Earnála (CFE) a ainmniú chun tacú leis an idirphlé idir a n-eagraíocht agus an OSR le linn don aistriú a bheith ar siúl.
Ba é an tOifigeach Tacaíochta Beartais Sholáthair LSSRÁ a aimníodh mar an t-ainmní Rialtais Áitiúil.

D'fhonn tacú le ról an CFE, d'fhaomh Bord Soláthair Rialtais Áitiúil Grúpa Pointe Teagmhála Aonair earnála ina bhfuil Ceannasaí Airgeadais/ Stiúrthóir atá freagrach as soláthar i ngach údarás áitiúil. Is é an grúpa Pointe Teagmhála seo (PTA) an príomhbhealach trína ndéantar cumarsáid leis an LSSRÁ agus soláthraíonn sé maoirseacht straitéiseach go háitiúil ar chríochnú na dtascanna le linn don aistriú a bheith ar siúl. Tá suíomh eislíonta tiomnaithe GBRÁ curtha ar bun agus rochtain ag an ngrúpa PTA air chun cumarsáid ón earnáil a éascú.



# 8 An Earnáil a Chumasú

## Tacaíocht Eagraíochta Rialtais – Tacaíochtaí don Earnáil chun Comhairle a Chur ar Dhaoine

**Tacaíochtaí don Earnáil chun Comhairle a Thabhairt**

Thacaigh an Rannóg Chomhairleach Daoine le feidhm chomhairleach agus chuir sí ar fáil í i neart réimsí:

Lean an Rannóg Chomhairleach Daoine i mbun tacú le feidhm chomhairleach agus í a chur ar fáil i neart réimsí:

- Acmhainní Daonna
- Caidreamh Tionsclaíoch
- Foghlaim agus Forbairt
- Sláinte agus Sábháilteacht
- Comhionannas, Míchumas agus Ionchuimsitheacht
- Iarratas um Shaoráil Faisnéise
- Cosaint Sonraí

Chomhordaigh agus thacaigh an Rannóg Chomhairleach Daoine leis na Grúpaí Stiúrtha agus Coistí GBRÁ seo a leanas:

- Coiste um Bainistiú Athruithe
- Grúpa Oiliúna Náisiúnta Stiúrtha na nÚdarás Áitiúil
- An Grúpa Stiúrtha um Straitéis i leith Daoine
- Grúpa Stiúrtha um Chosaint Leanaí
- an Coiste Stiúrtha Comhcheardchumainn um Shláinte agus Sábháilteachta a Bhainistiú
- an Coiste um Oibriú Sábháilteachta agus Sláinte
- Coiste Sláinte agus Sábháilteachta an Tionscail Uisce

Lean an Rannóg Comhairle Daoine ar aghaidh le tacaíochtaí, tionscnaimh, agus cuir chuige a chomhordú d'fhonn cleachtais éifeachtacha acmhainní daonna a éascú ar fud na hearnála agus comhairle a thabhairt ar chúrsaí comhlíonta agus ar shaincheisteanna amhail comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht.

## Líonra Oifigeach AD

Lean an GBRÁ uirthi ó thaobh treoir a thabhairt do líonra Oifigeach AD na n-údarás áitiúil maidir le treoir agus comhairle a sholáthar d'údaráis áitiúla ar an réimse iomlán de shaincheisteanna acmhainní daonna, lena n-áirítear tionchar na reachtaíochta agus cearta fostaíochta. Reáchtáladh 2022 cruinniú líonraithe ar líne mar thacú d'Oifigigh Acmhainní Daonna in 2022.

## Obair Chumaisc

Cheap an GBRÁ Creat Oibre Cumaisc agus Beartas & Nós Imeachta Oibre Cumaisc in 2022. Chuir an GBRÁ cáipéisí tacaíochta agus seimineáir ghréasáin ar fáil faoi chur i bhfeidhm oibre cumaisc do Stiúrthóirí Seirbhísí agus Ceannasaithe AD san earnáil.

I gcomhar leis an earnáil, d'eisigh an GBRÁ cáipéisí Beartais agus Creata Oibre Cumaisc i mí na Bealtaine 2022.

Bhí cuid mhaith idirphlé i gceist leis seo, lena n-áirítear seisiúin eolais do Stiúrthóirí Seirbhíse agus d'Oifigigh AD agus físeán oiliúna sláinte agus sábháilteachta a fhorbairt. D'oibrigh an GBRÁ leis an earnáil ansin chun Obair Chumaisc a chur i bhfeidhm sa láthair oibre, agus chuir formhór na n-údarás áitiúil clár Oibre Cumaisc i bhfeidhm faoi dheireadh 2022. Ba léir ón aiseolas a fuarthas i dtús báire go raibh daoine sásta leis an gcaoi inar cuireadh i bhfeidhm í, agus go raibh próiseas na n-iarratas éifeachtach, gan aon deacracht rómhór ag teacht chun cinn.

### Líonra Saorála Faisnéise (LSF)

Lean an GBRÁ uirthi ó thaobh treoir a thabhairt do líonra Oifigeach um Shaoráil Faisnéise na n-údarás áitiúil maidir le hiarratais a fuarthas. Cuireadh tacaíocht agus treoir ar fáil ar thrí phríomhbhealach i.e.

- Reáchtáladh trí chruinniú líonraithe um Shaoráil Faisnéise go cianda trí MS Teams, inar pléadh saincheisteanna earnála bainteach le Saoráil Faisnéise
- Eisíodh treoir do na hOifigigh um Shaoráil Faisnéise go léir faoi na hiarratais SF a fuair gach údarás áitiúil, agus
- Tacaíocht treoraithe d'Oifigigh um Shaoráil Faisnéise aonair ar iarratais a fuarthas.

### Athbhreithniú Leanúnach ar Sceidil Choinneála Taifead Earnála

Leanadh den athbhreithniú ar bheartas coinneála taifead náisiúnta GBRÁ 2002 (ar fáil ó shuíomh gréasáin GBRÁ) le linn 2022. De réir mar a críochnaíodh an sceideal coinneála do gach feidhm ghnó, scaoileadh chuig an earnáil iad le cur i bhfeidhm mar aon le treoirlínte feidhmithe.

Críochnaíodh na sceidil choinneála in 2022, arna bhfaomhadh ag Bord GBRÁ agus scaipthe ar bhainisteoirí sinsearacha sna haonaid ghnó faoi seach, na hOifigigh um Shaoráil Faisnéise agus na OCSanna lena gcur i bhfeidhm.

Eisíodh athbhreithniú breise ar an Sceideal um Choinneáil Taifead do Sheirbhísí Uisce i mí na Samhna 2022.

### Cosaint Sonraí – Cur i Bhfeidhm RGCS

Lean GBRÁ ar aghaidh leis an líonra Oifigeach Cosanta Sonraí na n-údarás áitiúil a chomhordú le linn 2022 agus tionóladh 11 chruinniú le linn na bliana. Reáchtáladh gach cruinniú líonraithe go cianda trí MS Teams. Le cois na gcruinnithe sin bhunaigh an líonra líon beag de ghrúpaí oibre tasc-shonracha (i.e.)

- Comhaontuithe sonraí le Comhlachtaí Seachtracha
- Forbraíodh Cóid Chleachtais i dtaobh TCI agus gléasanna taifeadta Fóin Phóca a úsáid chun cionta a chosc, a bhrath agus a ionchúiseamh faoin Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996 arna leasú ag an Geilleagar Ciorclach agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2022.
- Sainoiliúint i gCosaint Sonraí a fháil do chohóirt ar leith de bhaill foirne údaráis áitiúil.

### Oifigigh Oiliúna / foireann AD atá freagrach as Oiliúint, Foghlaim agus Forbairt Foirne

Lean GBRÁ i mbun treoir a thabhairt do na hOifigigh Oiliúna agus do bhaill foirne AD atá freagrach as Oiliúint, Foghlaim agus Forbairt Fostaithe dóibh. Cuireadh tacaíocht agus treoir ar fáil ar dhá phríomhbhealach,

- Reáchtáladh Ceardlann Náisiúnta d'Oifigigh Oiliúna an 25 Bealtaine 2002 go cianda trí MS Teams, inar pléadh saincheisteanna earnála a bhaineann le hOiliúint, Foghlaim agus Forbairt Fostaithe.
- Tugadh treoir agus tacaíocht duine le duine ar an nguthán nó trí ríomhphost d'Oifigigh Oiliúna, d'fhostaithe AD agus do bhainisteoirí na gcúig ionad oiliúna réigiúnacha.

### Coiste Oiliúna Earnála – an Grúpa Oiliúna Náisiúnta um Sheirbhísí Údaráis Áitiúil (GONSÚA)

Lean GONSÚA, ar fochoiste seasta a thuairiscíonn don Choiste um Bainistiú Athruithe é, de bheith ag teacht le chéile go cianda trí MS Teams le linn 2022.

Thug GONSÚA aghaidh ar éagsúlacht ábhar agus saincheisteanna thar ceann na hearnála le linn 2022.

1. Cuireadh tús le hOiliúint Fostaithe arís le linn na mBeart Srianta Sláinte Poiblí Covid-19 atá i bhfeidhm faoi láthair.
2. Cuidiú leis an nGrúpa Stiúrtha um Straitéis F&F a Phleanáil arna cheapadh ag CBCC chun Straitéis F&F Oifig na Rialálaithe Pleanála (ORP) a fhorbairt.
3. Thug siad tacaíocht agus treoir do GBRÁ maidir le togra a fhorbairt chun cúrsaí neamhoibríochta/grúpa oiliúna a sholáthar laistigh den earnáil trí chúrsaí ar líne a chur ar siúl.
4. Chuathas i mbun plé leis an Meitheal Straitéise i leith Daoine de chuid GBRÁ chun comhsheasmhacht agus comhlántacht a chinntiú san obair a bhíonn ar siúl ag GONSÚA agus an ghné F&F den Straitéis i leith Daoine le go seachnófaí forluí agus dúbailt.
5. Comheagar níos fearr a chinntiú idir GONSÚA agus an grúpa Stiúrtha um Straitéis i leith Daoine le go seachnófaí forluí agus dúbailt.
6. Soláthraíodh treoir agus aiseolas ar mholtaí éagsúla maidir le hoiliúint foirne agus tionscnaimh foghlama agus forbartha laistigh den earnáil.

# Oiliúint, Foghlaim agus Forbairt Fostaithe

### Earcaíocht agus Roghnúchán Earnála

Leanann GBRÁ i mbun tacú leis an suíomh gréasáin www.localgovernmentjobs.ie, arb é suíomh gréasáin folúntas poist na hearnála é. Rinneadh 1,300 post san earnáil rialtais áitiúil a fhógairt ar an suíomh gréasáin idir mí Eanáir agus mí na Nollag 2022. Tugadh treoirlínte gearrliostaithe chun críche agus scaipeadh iad ar lucht earnála freisin, fad is a d'éascaigh GBRÁ oiliúint ar ghearrliostú do chleachtóirí AD, oiliúint ar chuir an Foras Riaracháin i láthair í; d'fhreastail 94 fhostaí earcaíochta in earnáil an rialtais áitiúil ar cheardlanna earcaíochta in 2022.

Chomhordaigh an GBRÁ feachtas poist rialtais áitiúil ar na meáin shóisialta freisin chun an earnáil a chur i mbéal an phobail mar fhostóir a bhfuil tóir air agus chun folúntais a phoibliú.

### De thoradh comhpháirtíochta idir WAM agus Údaráis Áitiúla áirithe tugadh deis do chéimithe faoi mhíchumas intéirneachtaí a dhéanamh.

Is aistriú é Ullamh, Ábalta agus Meantóireacht (WAM) go dtí an tionscnamh fostaíochta AHEAD a bunaíodh in 2005. Tugann WAM an deis do chéimithe faoi mhíchumas intéirneacht a chur chun tairbhe dóibh féin ina bhfaighidh siad 6 mhí ar a laghad d'obair láníoctha le fostóirí mór le rá san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach agus déanfar meantóireacht orthu le linn dóibh a bheith ann.

D'fhonn tacú leis an earnáil rialtais áitiúil sheol GBRÁ comhpháirtíocht nua earnála poiblí i gcomhar le WAM in 2022.

In 2022, d'oibrigh GBRÁ i ndlúthchomhar le WAM chun teimpléad sonraíochta poist, leabhrán eolais agus foirm iarratais thiomnaithe a fhorbairt le húsáid i mbun gach uile poist agus ar fud na n-údarás áitiúil chun cuíchóiriú a dhéanamh ar an bpróiseas agus le cinntiú nach ndéanann sonraíochtaí poist leatrom ar dhaoine faoi mhíchumas agus go dtacaítear leo.

I mí Iúil 2022, d'fhógair WAM 10 bpost ar fud cúig údarás áitiúil a bhí scaipthe go forleathan timpeall na tíre, agus rinneadh róil ilchineálacha éagsúla a thairiscint i réimsí amhail Athrú Aeráide, Cumarsáid, Pobail agus Spórt, Comhshaol, Sláinte agus Sábháilteacht agus Acmhainní Daonna.

D'éirigh go maith ó thaobh daoine a earcú do na róil agus líonadh roinnt post fad is a cuireadh agallaimh ar siúl do na poist fós gan líonadh.

### Tuairisciú ar an mBearna Pá Idir na hInscní

Chuir an tAcht um Fhaisnéis faoin Difríocht Pá idir na hInscní, 2021, de cheangal ar eagraíochtaí a bhfuil breis agus 250 fostaí acu tuairisciú faoina mBearna Phá idir na hInscní s'acusan den chéad uair in 2022.

Thacaigh GBRÁ le húdaráis áitiúla a gcuid oibleagáidí faoin Acht a chomhlíonadh trí leas a bhaint as deais a forbraíodh mar chuid den Chlár AD, Párolla agus Seirbhísí Comhroinnte, iad ag teacht ar chomhaontú maidir le teimpléid tuarascála chomh maith le cúnamh a thabhairt d'údaráis áitiúla a dtuarascálacha a chur le chéile. Le cois seisiúin oiliúna, reáchtáladh dhá sheimineár ar líne do chleachtóirí AD agus do Stiúrthóirí Seirbhíse, AD, faoi na céimeanna nach foláir dul tríothu chun na tuarascálacha a chur le chéile agus anailís a dhéanamh orthu.

### Grúpa Oibre Cáilíochtaí

Ó thús deireadh 2022, lean an grúpa i mbun plé leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta chun athbhreithniú agus leasú á dhéanamh ar cháilíochtaí ar gá iad a athrú.

### Grúpa Oibre Folláine

Sheol an tAire Stáit le freagracht as Meabhairshláinte agus Daoine Scothaosta, Mary Butler, Straitéis Folláine na hearnála, ar fhorbair meitheal í, ar an 3 Márta 2022. Ag tarraingt ar dheireadh na bliana 2022, bronnadh €300,000 de shíolchistiú ar an earnáil ó Éire Sláintiúil ar mhaithe leis an straitéis folláine a chur i bhfeidhm go daingean ar bhonn áitiúil.

### Printíseachtaí

Ó cheann ceann na bliana 2022, lean GBRÁ lena phlé leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, maidir lena phlean chun cur le líon na bprintíseachtaí ar fud an gheilleagair agus sna húdaráis áitiúla go mór mór. Rinneadh ionadaíocht thar ceann na hearnála ar an nGrúpa Stiúrtha Náisiúnta do Phlean Earcaíochta Printíseachta na Seirbhíse Poiblí agus ionadaithe ó GBRÁ agus foghrúpaí air ó cheann ceann na bliana. Ar an 16 Feabhra 2022, thionóil RBATNE seisiún ceisteanna agus freagraí leis an earnáil faoina phlean printíseachta.

Rinneadh suirbhé ar an earnáil chun an méid a bhfuil na printísigh atá ann cheana ar an eolas faoi a fháil amach, chomh maith leis na baic atá ann, dar leo, ar bhaint a bheith acu leis na cláir seo agus réimsí ina bhfeadfaí printíseachtaí a fhorbairt amach anseo. D'fhreagair 31 údarás áitiúil suirbhé RBATNE agus thacaigh GBRÁ leis an bpróiseas seo. D'fhreastail GBRÁ ar cheardlann Phrintíseachta á reáchtáil ag RBATNE ar an 18 Iúil 2022. Ar an 28 Meán Fómhair 2022, reáchtáladh seisiún eolais d'údaráis áitiúla i dtaobh printíseachtaí seirbhísí poiblí i gcomhar le Teicneoirí Cuntasaíochta na hÉireann (TCÉ) agus Mearbhealach Isteach i dTeicneolaíocht Faisnéise (MTF) i dtaca lena gcláir phrintíseachta de. Leanadh le tacú le printíseachtaí neamhthraidisiúnta i réimsí na Teicneolaíochta Faisnéise agus na Cuntasaíochta san earnáil agus tá iniúchadh á dhéanamh ar réimsí eile.

### Creat Seirbhísí um Ionad Oibre Seachtrach a Fhiosrú

Rinne GBRÁ ionadaíocht don earnáil ar ghrúpa oibre an OSR ar cuireadh de chúram air tairiscint a fhorbairt do Chreat Seirbhísí um Ionad Oibre Seachtrach a Fhiosrú don earnáil phoiblí agus shibhialta. Seoladh an Iarraidh ar Thograí (RFT) i mí Dheireadh Fómhair agus ba é an 7 Samhain 2022 an dáta deiridh a luadh léi.

### Leanaí a Chosaint

Rinne GBRÁ comhordú ar Cheardlanna faoi Chosaint Leanaí do 55 Oifigeach Idirchaidrimh um Chosaint Leanaí san earnáil rialtais áitiúil.

### Ionadaíocht

I gcaitheamh 2022, rinne GBRÁ ionadaíocht thar ceann na n-údarás áitiúil maidir le roinnt cásanna fostaíochta casta ag Cúirt Oibreachais agus Breithneoirí de chuid an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre (CCÁO).

## Seirbhísí Comhairle Sláinte agus Sábháilteachta agus Tacaíochta

### Comhchoiste Stiúrtha Sláinte agus Sábháilteachta an Aontais/na Bainistíochta agus an Coiste Oibríochtaí Sláinte agus Sábháilteachta

Leanadh le cruinnithe a thionól go rialta i rith na bliana de Chomhchoiste Stiúrtha Sláinte agus Sábháilteachta an Aontais/na Bainistíochta lena chinntiú go leanfaí le dea-chleachtas a chur i bhfeidhm agus caitheamh leis mar ghnáthrud i leith cúrsaí sláinte agus sábháilteachta ar fud na n-údarás áitiúil. Ina theannta sin, tháinig an Coiste Oibríochtaí Sláinte agus Sábháilteachta le chéile go rialta chun forbairt roinnt príomhthionscnamh a mhaoirsiú, lena n-áirítear Treoirdhoiciméad d'Údaráis Áitiúla maidir le Bainistíocht Imeachtaí, Lámhleabhar Sábháilteachta Fostaithe, agus sraith tacaíochtaí chun an Creat Oibre Cumaisc a chur i bhfeidhm, is é sin Modúl Feasachta ar líne faoi Threalamh Scáileáin Taispeána, foirm mheasúnaithe eirgeanamaíoch caighdeánaithe agus oiliúint do Mheasúnóirí Eirgeanamaíochta ar fud na hearnála a éascú.

Bhain cuid mhaith d'obair na gCoistí fós le tacaíocht agus treoir a thabhairt maidir le COVID-19. Áiríodh leis seo athbhreithniú leanúnach a mhaoirsiú ar Threoirdhoiciméid maidir le Sláinte agus Sábháilteacht COVID-19 d'Údaráis Áitiúla Ardleibhéil agus an tsraith de Threoirdhoiciméid Chaighdeánacha maidir le hOibríochtaí.

### Coiste Sláinte agus Sábháilteachta an Tionscail Uisce

Tháinig Coiste Sláinte agus Sábháilteachta an Tionscail Uisce le chéile go cianda i rith na bliana ar bhonn démhíosúil. Cuireadh an clár oibre chun cinn faoi gach ceann de na sruthanna oibre agus de na grúpaí oibre éagsúla, lena n-áirítear:

- An Grúpa Oibre um Láimhseáil de Láimhe
- An Grúpa Oibre um Eangach agus Urlárlach Grátála
- An Grúpa Oibre um Rialacháin Thógála.

### Uirlis Rianaithe Teagmhas Sláinte agus Sábháilteachta

Ghníomhaigh an GBRÁ mar an stór lárnach ina dtiomsaítear sonraí teagmhais timpiste sláinte agus sábháilteachta de chuid fostaithe na n-údarás áitiúil. Cuireadh tuarascálacha i láthair agus pléadh iad ag an gCoiste Oibriúcháin Sláinte agus Sábháilteachta agus ag Comhchoiste Stiúrtha Sláinte agus Sábháilteachta an Aontais/na Bainistíochta.

### LASOG

Lean Grúpaí Réigiúnacha den Ghrúpa Oifigeach Sábháilteachta Údaráis Áitiúil (GOSÚÁ) le cruinnithe a thionól go rialta chun tionscadail a chur chun cinn mar a leagtar amach sa Chlár Oibre Bliantúil GOSÚÁ. Lean GBRÁ le tacú leis na grúpaí seo.

# 9 Seirbhísí Seachadta

## TFC

Lean GBRÁ le seirbhísí TFC a sheacadadh d'údaráis áitiúla agus do ranna agus gníomhaireachtaí eile sa tseirbhís phoiblí. Lean GBRÁ le tacaíocht a thabhairt le Croí-Bhonneagar Párolla, MyPay, Ceadúnú Oibreacha Bóthair MapRoad (MRL), Córas Bainistíochta Rialaithe Tógála (BCMS), CheckTheRegister.ie, Tuairisceáin RÁ, iPlan, iHouse, iReg, Taisteal agus Cothabháil agus córais Cártaí Ceannaigh ar Luach Íseal. Leanadh le iPlan leagan 4.3 a chur i bhfeidhm ar bhonn céimneach agus leanadh den obair ar bhainistiú, uasghrádú agus chothabháil bhonneagar óstála seirbhísí comhroinnte GBRÁ.

Thug foireann TFC GBRÁ tacaíocht d'údaráis áitiúla agus éascaíodh iad ar raon grúpaí teicniúla agus soláthairtí ceadúnaithe náisiúnta, lena n-áirítear Microsoft Office 365.

I mí Dheireadh Fómhair 2022, baineadh garsprioc suntasach amach faoin gClár Nuachóiriúcháin Clárúcháin Toghthóirí nuair a cuireadh tús leis an gcéad chéim de thosach feidhme an Achta um Athchóiriú Toghcháin, 2022 Bhíothas in ann mórleaganacha de Caith Súil ar an gClár agus de chóras an Chláir Toghthóirí (IReg) a chur i mbun feidhme ag an am céanna. Déantar foráil do Chlár Rollach le teacht in áit an Bheochláir agus an Chláir Fhorlíontaigh, clárú aonair seachas clárú teaghlaigh ar líne, APInna UPSP agus Éirchóid chun aghaidh a thabhairt ar thaifid a bheith míchruinn nó neamhiomlán ar bhealach a chomhlíonann na hAchtanna um Chosaint Sonraí chomh maith le haistriú go bunachar sonraí comhroinnte agus éifeacht a thabhairt ar an gcaoi seo do na moltaí atá sa Tuarascáil Chomhchoiste Oireachtais faoin gCoimisiún Toghcháin 2016.

Reáchtáil RTRÁO feachtas fógraíochta i mí na Samhna 2022 a thug cuireadh don phobal a gcuid sonraí a nuashonrú.

### Bord Cláir TFC um Thithíocht Straitéiseach

Lean Bord an Chláir TFC um Thithíocht Straitéiseach ar aghaidh i mbun treo straitéiseach a thabhairt i leith TFC a úsáid san fheidhm Thithíochta d'údaráis áitiúla.

### Cás Gnó TFC do Thithíocht Náisiúnta

Cuireadh tús in R4 2022 le hathbhreithniú ar an gcás gnó chun na roghanna a chur sa mheá maidir leis an straitéis TFC a úsáidfear chun seirbhísí a sholáthar i réimse na Tithíochta amach anseo.

### Córas Bainistithe Sócmhainní TFC

Cuireadh Bord Cláir le haghaidh Córais Bainistithe Sócmhainní TFC ar bun. Tá tús curtha le próiseas tairisceana do Chóras Bainistithe Sócmhainní TFC.

### Grúpa Cúnaimh d'Úsáideoirí iHouse

Tháinig an grúpa le chéile go dé-mhíosúil chun tacaíocht agus cothabháil an chórais iHouse a mhaoirsiú, córas a bhfuil 27 údarás áitiúil ag baint úsáide as faoi láthair. D'éirigh le huasghrádú nach beag de iHouse i.e., leagan 3.8 a chur i bhfeidhm ar bhonn céimneach in R4 2022. Éascaíonn an t-uasghrádú míreanna nua de réir mar tá san fhoirm iarratais TTS agus bhíothas in ann AMTS 2022 a chur i dtoll a chéile dá bharr, le cois feabhsuithe breise ar mhaithe leis an úsáideoir deiridh.

### Lárionad Oibríochtaí Líonraithe

Thug GBRÁ próiseas tairisceana dhá chéim chun críche maidir le Bonneagar TFC Bainistithe go hlomlán agus Seirbhísí gaolmhara. Ba é Eir evo an tairgeoir tosaíochta. Soláthróidh an conradh seirbhís fheabhsaithe d'údaráis áitiúla agus do sheirbhísí comhroinnte náisiúnta agus feidhmíocht agus infhaighteacht fheabhsaithe ag baint leis chomh maith le hlonad Oibríochtaí Slándála 24/7 (IOS).

Leanadh leis an obair atá ar siúl chun an bonneagar atá ann cheana a chobhsú, rud a éascóidh an t-aistriú chuig an soláthraí seirbhíse bainistithe nua eir evo.

Cuireadh Microsoft Defender do Endpoint i bhfeidhm ar bhonn céimneach ar fhriothálaithe agus cuireadh bainisteoir cumraíochta láir córais, SCCM, i bhfeidhm maidir le cianrialtán, bainistíochta paiste, feidhm a bhaint as córas oibriúcháin, cosaint líonra agus seirbhísí éagsúla eile. D'oibrigh IOL de chuid GBRÁ i rith na bliana chun a gcórais a uasghrádú chuig ardáin thacaithe.

Bhí neart le déanamh ag MyPay agus baill foirne ar ais ag obair san oifig, gan trácht ar an iompú ar obair chumaisc a tharla ina dhiaidh sin agus a d'fhág gurbh éigean éirí as na IGELanna caolchliaint a úsáid agus ríomhairí glúine a thabhairt d'fhoireann MyPay.

Mar chuid den tionscadal Friothálaí Teanga Struchtúrtha Iarratais (SQL), tharla ascnamh agus rinneadh uasghrádú suntasach ar gach bunachar sonraí atá á n-óstáil ar fhriothálaithe SQL gan taca chuig na leaganacha is déanaí de SQL.

# Tithíocht

## Coiste Tógála Tithíochta agus Úsáide Talún de chuid CCMA

Lean an Coiste Tithíochta, Tógála agus Talamhúsáide i mbun tacú leis na príomhréimsí de na feidhmeanna Tithíochta, Tógála agus Pleanála le linn 2022 i gcomhar leis an Oifig um Sholáthair Tithíochta a Chomhordú (OSTC). In éineacht leis an Aonad um Sholáthar Tithíochta Foilmhe Éigeandála (an Úcráin) (ASTFÉ), cuireadh ceannaireacht agus tacaíocht ar fáil trí bhíthin an choiste maidir leis an bhfreagairt ar ghéarchéim dhaonnúil na hÚcráine, go háirithe ó thaobh cóiríocht do dhídeanaithe ón Úcráin de, ionaid fáiltithe éigeandála agus comhordú gníomhaireachtaí stáit/freagairtí pobail trí struchtúir na bhfóram pobail.

Chuathas i mbun plé agus i bpáirt ar bhonn leanúnach leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Tithíochta (RTRÁT), an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ), Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (CCTanna), an Ghníomhaireacht Forbartha Talún, Roinn na Sláinte, an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus an Roinn Oideachais, an ghníomhaireacht Tithíochta, agus Oifig an Rialálaí Pleanála (ORP) ar fud réimse tionscnamh, tograí beartais agus cinntí i dtaca leis na feidhmeanna tithíochta agus pleanála de agus mar fhreagairt ar ghéarchéim dhaonnúil na hÚcráine. Bhí cuid mhaith den chlár oibre gafa leis na rudaí seo go léir le linn 2022. Ba chuid lárnach de phlean oibre an choiste, leis, dul i ngleic le drochiarmhairtí phaindéim Covid.

Rinne an coiste ionadaíocht thar ceann na hearnála trí chur i láthair a dhéanamh do Chomhchoistí Oireachtais faoi ábhair leithéidí cúrsaí míchumais, iompar frithshóisialta i réimse na tithíochta sóisialta, soláthar tithíochta sóisialta agus inacmhainne, costais tógála san earnáil tithíochta agus grinnscrúdú réamhreachtach ar Scéim Ghinearálta an Bhille um Thithíocht Inacmhainne. Cuireadh aighneachtaí ón gCoiste faoi bhráid páirtithe leasmhara éagsúla freisin ina bpléitear ábhair éagsúla, lena n-áirítear an ról a bheadh ag Ionad Seirbhíse Comhroinnte ÍCT (Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta), an dréacht-bhille pleanála, an dréacht-chiorclán lena leagfar amach amach forálacha Chuid 9 den Acht um Ghníomhaireacht Forbartha Talún, 2021, agus an ceanglas inacmhainneachta gaolmhar, an Straitéis do Dhaoine Óga gan Dídean, an Reifreann Tithíochta, an mheitheal um Fhabhtanna Tithíochta agus an togra Croí Conailte.

Ainmníodh baill Choiste TTÚT de chuid CBCC do Thascfhórsaí Náisiúnta agus do Ghrúpaí Maoirseachta éagsúla, do Mheithleacha Earnála agus d'Fhoghrúpaí i gcaitheamh na bliana, i measc seo bhí Bord na Gníomhaireachta Tithíochta, Bord na Gníomhaireachta Forbartha Talún, Coiste Comhairliúcháin Chumann an Luchta Siúil agus an Coiste Náisiúnta Gníomhaíochta ar son Daoine gan Dídean. Rinne comhaltaí an choiste ionadaíocht freisin thar ceann na hearnála rialtais áitiúil ar go leor grúpaí stiúrtha/tascfhórsaí trasearnála rialtais a bhíonn ag plé le cúrsaí Tithíochta, Tógála, agus Pleanála. In 2022, bhí ionadaithe ó TTÚT CBCC ar thart ar 70 grúpaí stiúrtha/ tascfhórsaí trasearnála.

Rinne an Coiste TTÚT de chuid CCMA an-chuid oibre leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige chun ceanglais rialtais áitiúil a chur chun cinn maidir le Céim 2 de Chlár na hÉireann um Dhídeanaithe a Chosaint (CÉDC) agus an múnla leithdháilte. Mar chuid de seo forbraíodh dréacht de Shonraíocht Phoist d'Oibrí Tacaíocht Imeasctha.

I gcomhpháirtíocht le RTRÁO, chuir TTÚT de chuid CBCC meitheal ar bun chun Cás Gnó a fhorbairt chun tacú le hiarratas ar acmhainní pleanála breise ar fud na hearnála. Ba thionscadal an-mhór agus casta é seo ar ghá maitrís a fhorbairt dó chun gach feidhm phleanála a aithint agus tuarascáil soiléir ach láidir chun na sonraí ábhartha a bhailiú. Dréachtaíodh an Cás Gnó, agus chum an Láraonad Sonraí laistigh de GBRÁ íomhánna. Críochnaíodh an tionscadal seo laistigh d'achar ama an-ghearr (5/6 mhí) agus d'iarr sé 541 acmhainn breise ar fud na hearnála.

Chuathas i mbun cás gnó a fhorbairt i dteannta sainchomhairleora chun athbhreithniú a dhéanamh ar na struchtúir a bheidh ann amach anseo do Ról an Treoiroifigigh Réigiúnaigh do Dhaoine Gan Dídean.

Forbraíodh an Cód Cleachtais CCT chun cur chuige/ dea-chleachtas comhsheasmhach a thabhairt do Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta agus d'Údaráis Áitiúla, sa phróiseas lena n-ainmníonn agus lena leithdháileann Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta tithe cónaithe, fad is a fhéachann sé chuige go bhfuil bearta cuí i bhfeidhm chun freastal ar fhormhór na gcineálacha agus na modhanna leithdháilte, ar an tuiscint nach dtagann leithdháiltí do Dhaoine gan Dídean, do Tús Áite do Thithíocht agus do Measúnú agus Bainistíocht Riosca Ciontóirí Gnéis (SORAM) faoi raon feidhme an Chóid Cleachtais seo.

Bhuail ionadaithe ón gCoiste TTÚT de chuid CBCC leis an OSR go rialta trí bhíthin grúpa rannpháirtíochta atá ar an bhfód le fada agus d'oibrigh siad i ndlúthchomhar leis an OSR chun a Straitéis Foghlama agus Forbartha d'Earnáil Pleanála na nÚdarás Áitiúil a fhorbairt.

Chuaigh an Coiste TTÚT de chuid CBCC i mbun plé le RTRÁO faoi athbhreithniú a dhéanamh ar chodanna 2 agus 10 den Acht Tithíochta, 1988.

Chuir TTÚT de chuid CBCC Fóram RÁ do Stiúrthóirí Seirbhíse Cois Cósta i mí Dheireadh Fómhair 2022 ar cuireadh seisiún sonrach rannpháirtíochta ar siúl faoina scáth i gcomhar le RCAC agus RTRÁO i mí na Samhna 2022.

D'aimsigh TTÚT de chuid CBCC ionadaithe earnála le haghaidh athbhreithniú faoi scáth OSR a dhéanamh ar rannpháirteachas le páirtithe leasmhara de chuid an Bhoird Pleanála.

Chuir an Coiste TTÚT de chuid CBCC dhá mheitheal ar bun chun plé a dhéanamh leis an RTRÁO maidir le hAthbhreithniú ar Reachtaíocht Pleanála an Ard-Aighne.

- Meitheal de Lucht Pleanála Sinsearach
- Meitheal de Stiúrthóirí Seirbhíse

Leanadh leis an plé rialta a bhí ar siúl le RTRÁO maidir leis an Athbhreithniú ar Reachtaíocht Pleanála i gcaitheamh 2022 nuair a cuireadh tús le plé faoin dréacht den Bhille Pleanála agus Forbartha (2022) in R4 2022. Lena linn seo fuarthas tuairimí ó gach réigiún agus leibhéil éagsúla ar fud na hearnála.

Sa bhreis ar na meithleacha CBCC thuasluaite, ghlac ionadaithe ó mheithleacha CCMA páirt san Fhóram um Chomhairle Phleanála, é faoi chathaoirleacht an Aire agus ionadaíocht ann ó na páirtithe leasmhara pleanála go léir. D'iarr CBCC aiseolas ón earnáil agus thug siad é maidir le 5 phlépháipéar a bhaineann leis an Athbhreithniú ar Reachtaíocht Pleanála.

Tharla na seisiúin seo a leanas le Stiúrthóirí Seirbhísí i réimse na Pleanála:

- Fóram Pleanála SS -2
- Cruinniú Iomlánach Pleanála - 2
- Fóram RÁ do Stiúrthóirí Seirbhíse Cois Cósta – 1
- Seisiún eolais OSTC 1

Tá 10 suíomh gréasáin eislín ann faoi láthair agus iad tacaithe ag baill foirne Choiste TTÚT de chuid CBCC, lena n-áirítear an suíomh gréasáin Eislín RZLT a sholáthraíonn cuid mhór faisnéise don earnáil faoin gcáin nua. Reáchtáladh ceithre sheimineár gréasáin le linn 2022.

Eisíodh an tairiscint Árachais um Chosaint Morgáiste Bainistithe (MPI) i lár 2022 tar éis próiseas soláthair fada agus is é rud a tháinig as ná go rabhthas in ann conradh a bhronnadh roimh don chonradh reatha dul in éag.



# Oifig Chomhordaithe Soláthair Tithíochta

I ndiaidh cur le sainchúram OSTC in 2021, leanadh le dul chun cinn a dhéanamh le linn 2022 i neart réimsí, lena lena n-áirítear:

- Ag obair i gcomhpháirtíocht le húdaráis áitiúla agus RTRÁO chun próisis éagsúla, comhaontuithe teimpléid agus straitéisí soláthair a fhorbairt le haghaidh scéimeanna tithíochta inacmhainne agus tionachta measctha a fhorbairt.
- Deais fhaisnéise fíor-ama breise faoi gach gné de tithíocht inacmhainne a sholáthar - an deais agus córas tuairiscithe *TRABIS-Affordable* a fhorbairt.
- Tuairisciú fíor-ama agus réiteach faisnéise a fhorbairt do Shonraí Bunachair Talún Tithíochta na n-Údarás Áitiúil (BTTÚÁ).
- Chuir OSTC tús le comhordú a dhéanamh ar chlár iarfheistithe éifeachtúlachta fuinnimh RTRÁO/SEAI/Údarás Áitiúil de 36,000 teach cónaithe sóisialta agus aistriú chuig níos mó leas a bhaint as cothabháil a dhéanamh ar stoc tithíochta sóisialta ar bhealach pleanáilte.

Ba í 2022 an chéad bhliain iomlán don straitéis nua tithíochta ag an Rialtas Tithíocht do Chách. Tar éis dóibh spriocanna seachadta tithíochta sóisialta agus inacmhainne ilbhliantúla a fhoilsiú don tréimhse 2022 go 2026, chuidigh OSTC le hÚdaráis Áitiúla a bPleananna Gníomhaíochta um Thithíocht a Sheachadadh (PGTSanna) a ullmhú.

D'úsáid OSTC faisnéis ó PGTSANNA chun riachtanais talún bhreise a thomhas do gach údarás áitiúil agus comhthiomsaítear leis seo faisnéis faoi iasachtaí talún atá ag na hÚdaráis Áitiúla faoi láthair. Chuir sé seo ar chumas OSTC an togra a ullmhú chun ciste ceannaithe talún a chur ar bun agus aisghabháil iasachtaí talún a chur chun cinn i leith roinnt láithreán. Chuir RTRÁO tús leis an dá thionscnamh seo i dtreo dheireadh 2022. Is é toradh a bheidh air seo go mbainfear tuairim is €200m d'fhiach ó na hiasachtaí talún atá dlite.

Lean an fhoireann TFC san oifig i mbun na gcóras faisnéise fíor-ama a fhorbairt agus a fheabhsú i gcaitheamh na bliana. Leanfadh leis an gcóras tuairiscithe *"TRABIS" (Réiteach a Bhaineann le Rianaire ar Fhaisnéis Ghnó)*, a leathadh amach chuig gach údarás áitiúil agus páirtí leasmhar eile i rith na bliana, agus soláthraíonn sé faisnéis fíor-ama, ar féidir teacht uirthi go héasca maidir le gach tionscadal seachadta tithíochta, lena n-áirítear tógáil nua, léasú agus éadálacha.

Chuathas i gceann córais den chineál céanna a fhorbairt don chlár tithíochta inacmhainne, an clár iarfheistithe fuinnimh agus bunachair thalún. Leanadh leis an obair go léir thuas a chur i gcrích go hinmheánach gan aon chostas forbartha seachtrach ag gabháil léi.

Cé gur tháinig deireadh le srianta COVID-19 go luath i 2022, tá cur isteach fós ar shlabhraí soláthair domhanda agus áitiúla agus éifeacht iarmhartach dá réir ar thionscadail tógála tithíochta ní hamháin ón thaobh infhaighteacht ábhar agus táirgí tógála de, ach sa mhéid is gur tháinig méadú an-suntasach ar chostais i rith na bliana. Tá an cogadh san Úcráin tar éis cúrsaí a dhéanamh níos measa sa riocht is go raibh líon mór tionscadal tithíochta idir dhá cheann na meá ar feadh tamaill agus baineadh moill nach beag astu. Ar ndóigh, chuir sé seo isteach ar chumas na n-údarás áitiúil trí chéile tithíocht a sholáthar. Lean OSTC le hobair as lámha a chéile leis an earnáil tógála agus baill foirne údaráis áitiúil chun an cur isteach a mheas agus bearta maolaithe agus réitigh a mholadh ina leith don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

Le linn 2022, lean an OSTC i mbun plé agus agus cumarsáid fhorleitheadach a dhéanamh le páirtithe leasmhara seachtracha amhail Uisce Éireann agus Líonraí BSL lena chinntiú go réiteofaí aon saincheisteanna a d'fhéadfadh moill a bhaint as críochnú na scéimeanna tithíochta a luaithe agus ab fhéidir.

Rinne OSTC comhordú ar an gcás gnó ar son méadú nach beag a dhéanamh ar na hacmhainní foirne atá ar fáil d'údaráis áitiúla chun tithíocht shóisialta agus inacmhainne a sholáthar. 300 ball foirne theicniúla agus riaracháin breise ar fud na ngrád a d'fhaomh agus a chistigh an RTRÁO san iomlán tar éis do OSTC athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar acmhainní foirne na n-údarás áitiúil.

# Úcráin

Chun tacú le freagairt an Stáit ar an nGéarchéim san Úcráin, thoiligh an Rialtas Aonad nua Seachadta Tithíochta Foilmhe (Úcráin) (EVHDU) a chur ar bun laistigh de GBRÁ i mí an Mheithimh 2022. Is éard ba chúram don aonad i dtosach báire ná comhordú a dhéanamh ar obair na n-údarás áitiúil agus gníomhaireachtaí stáit eile a raibh sé de chúram orthu ionaid réadmhaoine fholmha a athchóiriú le húsáid mar chóiríocht ag daoine atá ag teitheadh ón gcogadh san Úcráin (BOTPanna nó Daoine atá Faoi Chosaint Shealadach) agus idirchaidreamh a dhéanamh leis an Stiúrthóir Seirbhísí don Úcráin nuacheaptha i ngach údarás áitiúil.

Faoi choimirce na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, i mí Dheireadh Fómhair 2022 d'iarr an Earnáil Rialtais Aitiúil ar an Rialtas gairm a chur amach go náisiúnta ar úinéirí ionad réadmhaoine nach bhfuil cónaí iontu na tithe sin a chur ar fáil do theifigh ón Úcráin. I mí Lúnasa 2022, chuir GBRÁ an Tionscadal Déan Teach Cónaithe a Thairiscint ar bun chomh maith le córas TFC agus feachtas cumarsáide a fhorbairt, oiliúint a chur ar fáil ar bhonn céimneach do gach uile bhall foirne de na húdaráis áitiúla agus d'fhéach siad chuige gur cuireadh an córas i mbun feidhme ar an 24 Samhain 2022. Déanann EVHDU de chuid GBRÁ maoirseacht is bainistiú agus tugann siad tacaíocht don phróiseas ceann ceann le haghaidh na gairme náisiúnta. Féach staitisticí Baile thíos.

**211**
Tairbhithe ar Tugadh Cóiríocht Dóibh

**73**
Ionad Réadmhaoine a Leithdháileadh

**Bhíothas in ann dul i dteagmháil le 94%**
(729 as 771 tairiscint)
d'Úinéirí

**Rinneadh Measúnú ar 56%**
(434 as 771 tairiscintí)
d'Ionaid Réadmhaoine

**Rinneadh 228**
a Mheasúnú mar Oiriúnach

**159**
Measúnaithe Socraithe/Idir Lámha

**126**
a bhfuil Mionoibreacha de dhíth orthu

**15**
Ionad Réadmhaoine Nach Bhfuil Inmharthana

**38**
Ionad Réadmhaoine Tarraingthe Siar

# Bóithre

### Bainistíocht Sócmhainní Bóithre MapRoad

Seachadadh tacaíocht leanúnach i gcomhar le seirbhís chomhroinnte na hOifige Bainistíochta Bóithre (RMO).

Rinneadh breis forbartha ar an gCóras Bainistithe Sócmhainní Maproad in 2022 le huirlisí a sholáthar chun an córas a leathnú le go mbeidh sé in ann taifead a dhéanamh ar bhonneagair agus ar thionscadail Thaisteal Gníomhach, ar aon dul leis an leithdháileadh deontais nach beag atá á chur i gcrích trí bhíthin an Údaráis Náisiúnta Iompair.

Tá leas fós á bhaint as an gcóras chun na staitisticí do thuarascáil Táscairí Seirbhíse CNMI a chur i dtoll a chéile chomh maith leis na tuarascálacha míosúla a riarann an Oifig um Bainistiú Bóithre (RMO) ar gach údarás áitiúil.

Ba é 6,625 líon na dtionscadal cosáin a tugadh chun críche in 2022 agus fad de bhreis agus 6,000km leagtha síos ag na tionscadail i dteannta a chéile. Ba é €433m an costas iomlán a taifeadadh i leith tionscadal ar an gcóras.

a. Feabhsúchán Athchóirithe (Neartú) – 2,722 Tionscadal Críochnaithe agus Costais Tionscadal de €287m

b. Cothabháil Athchóirithe (Cothabháil) – 2,389 Tionscadal Críochnaithe agus Costais Tionscadal de €74m

c. Tionscadail Rannpháirtíochta Pobail – 354 Tionscadal Críochnaithe agus Costais Tionscadal de €15m

Leanadh le sonraí ó na córais a roinnt le fóntais agus le ranna agus gníomhaireachtaí rialtais ar mhaithe le tacú lena gcuspóirí.

Go dtí deireadh na bliana 2022 bhí leas bainte as MapRoad PSCI APP chun rátáil ó amharc a dhéanamh ar 93,000km de bhóithre réigiúnacha agus áitiúla.

### Córas Ceadúnaithe Oibreacha Bóthair MapRoad

Eisíodh breis agus 30,000 ceadúnas oscailte bóithre, arb ionann é agus tuairim is 970,000m2 d'oscailtí bóthair thar 80,000 oscailt bóthair.

Tá an córas á úsáid ag gach ceann de na 31 údarás áitiúil agus chuathas i gceann AIP Mhóibíleach a fhorbairt chun iniúchtaí ar oscailtí bóithre fóntais a thaifeadadh.


### Soláthar Céimneach Náisiúnta Leathanbhanda

Mar chuid den Phlean Náisiúnta Leathanbhanda, rinne an CCMA nuashonrú ar a threoir don LNÉ faoi conas plé leis na húdaráis áitiúla agus baineadh úsáid as an gcóras MRL chun iarratais ar cheadúnais Alt 254 a thaifeadadh maidir le cuaillí agus cáblaí snáthoptaice a chur suas ar bhóithre poiblí.

- 422 iarratas Alt 254 déanta
- 368 Líon na n-iarratas ar cheadúnas Alt 254 ar deonaíodh iad
- agus 8907 cuaille nua maille le 30,000 km de cháblaí snáthoptaice mar chuid de seo
- Deonaíodh 3,168 ceadúnas oscailte bóithre



**6,625**
Líon na dtionscadal a cuireadh i gcrích in 2022



**6,000km**
Fad na dtionscadal a cuireadh i gcrích in 2022



**€433m**
Caiteachas ar thionscadail a cuireadh i gcrích in 2022

# Soilsiú Poiblí

Chuaigh an tionscadal iarfheistithe LED ar aghaidh go dtí soláthar seirbhísí chun iarfheistiú a dhéanamh.

Chun cur leis sin, sheachaid GBRÁ agus RMO nuashonruithe chuig tairseach agus Aip mhóibíleach bhailithe sonraí GIS le haghaidh cláir shócmhainní de shoilse poiblí a úsáidfear chun iarfheistiú a dhéanamh ar 205,000 solas le LEDanna a thaifeadadh thar 21 údarás áitiúil mar chuid de thascanna gníomhaithe ar son na haeráide.

In 2022:

- Taifid fardail do 205,000 solas curtha i gcrích
- Rátáil riochta do 37,000 solas
- Conradh i bhfeidhm i Réigiúin 1 & 2.

# Forbairt Leabharlann

### Córas Bainistíochta Leabharlainne (CBL)

Shínigh GBRÁ conradh cúig bliana le soláthraí darb ainm Civica UK Ltd i mí Iúil 2021 chun aon CBL amháin a sholáthar le rochtain aon phointe teagmhála amháin a thabhairt d'úsáideoirí leabharlainne ar sheirbhísí leabharlainne ar fud na tíre. Ba éard a bhí i gceist leis seo ná próiseas cur chun feidhme casta agus ar scála mór a lean ar aghaidh anonn go maith in 2022. Cuireadh an córas CBL Spydus i mbun feidhme san earnáil i mí an Mhárta in 2022. I gcaitheamh an phróisis cur chun feidhme, d'oibrigh an fhoireann Forbartha Leabharlann i ndlúthchomhar leis an bhfoireann theicniúil um an tionscadal CBL a bhainistiú i leabharlann Bhaile Átha Cliath agus in earnáil na leabharlann. Tugadh faoin dúrud oiliúna foirne go cianda, agus rinneadh gach seisiúin oiliúna a thaifeadadh le hiad a chur ar fáil do bhaill foirne leabharlainne.

Forbraíodh plean cumarsáide agus pacáiste d'ábhair eolais poiblí ar mhaithe le tacú leis an aistriú chuig an CBL nua agus chun úsáideoirí leabharlainne a chur ar an eolas faoin gcatalóg leabharlainne nua.

Tá feidhmiúlacht nua agus eispéireas úsáideora feabhsaithe ag baint leis an gcóras CBL nua. I gcaitheamh an chonartha, leanfar le seirbhísí agus Aipeanna eile a fhorbairt chun freastal ar riachtanais úsáideoirí de réir mar a thagann siad chun cinn agus ar mhaithe le sásamh úsáideoirí a fheabhsú, lena n-áirítear sraith de ríomh-acmhainní a fhí isteach sa chóras.

Mar bhonn faoin seirbhís CBL tá seirbhís seachadta náisiúnta a sheachadann agus a bhailíonn míreanna ó leabharlanna ar fud na tíre.

### Seirbhísí Digiteacha

Slí eile ina bhfuil an fhoireann Forbartha Leabharlann fós i mbun tacú leis an earnáil ná seirbhísí digiteacha náisiúnta a sholáthar. Tá teacht ag úsáideoirí leabharlainne uile ar shraith d'acmhainní digiteacha amhail ríomhleabhair, ríomh-chlosleabhair, ríomhirisí, irisí ar líne, cúrsaí ríomhfhoghlama agus nuachtáin ar líne. Ní léir go raibh aon titim ar an éileamh ar na seirbhísí digiteacha seo fad is a tháinig méadú 11.5% ar iasachtaí ríomh-chlosleabhair de chuid Borrowbox faoin seirbhís iasachtaithe ríomhleabhar le linn 2022. Thug an fhoireann seirbhísí Digiteacha tacaíocht d'Éire ag Léamh agus tionscnaimh náisiúnta eile.

### Reáchtáladh an Chomhdháil Dhomhanda um Leabharlanna agus Faisnéis (WLIC) i mBaile Átha Cliath, i mí Iúil 2022

I ndiaidh di a bheith curtha ar athlá de bharr na srianta a bhain leis an bpaindéim COVID-19, reáchtáladh faoi scáth Chónaidhm Idirnáisiúnta na gCumann agus Institiúidí Leabharlainne (IFLA) an 87ú Comhdháil Dhomhanda um Leabharlanna agus Faisnéis (WLIC) 2022 san Ionad Comhdhála, Baile Átha Cliath i mí Iúil 2022 agus 'spreag, téigh i gcion, cumasaigh agus tabhair nasc' mar théama aici.

Is é an IFLA WLIC an príomh-imeacht trádála gairmiúil idirnáisiúnta d'earnáil na leabharlann agus seirbhísí eolais. Ghlac 2,000 toscaire ó bhreis agus 100 tír páirt i líonrú agus forbairt ghairmiúil a bhain le leabharlannaíocht agus le caidreamh idirnáisiúnta. Bhí neart leabharlannaithe poiblí i láthair agus cuireadh tionscadail leabharlainne poiblí leithéid Éire ag Léamh os comhair an luchta freastail mar chuid de na seisiúin. Thug toscairí idirnáisiúnta cuairt ar leabharlanna poiblí ar fud na tíre Dé hAoine, an 29 Iúil 2022.

### Forbairt an Luchta Saothair

D'eagraigh Forbairt Leabharlann an clár oiliúna náisiúnta bliantúil do gach ball foirne leabharlainne agus cuireadh ar fáil é ar líne le linn 2022. Mar chuid den chlár oiliúna, bhí 27 ceardlann ar líne agus oiliúnóirí gairmiúla ina mbun, chomh maith le seisiúin roinnte scileanna ina ndearnadh baill foirne leabharlainne cuir i láthair. Tá an t-éileamh ar oiliúint ar líne le feiceáil go soiléir sna líonta arda freastail; ba é 1,134 an figiúr iomlán d'fhreastal ag foireann na leabharlainne ar na ceardlanna oiliúna in 2022.

Táthar tar éis ardán ar líne a chruthú freisin mar thaca d'fhorbairt scileanna ball foirne leabharlainne agus áirítear leis físeáin oiliúna, taifeadtaí de cheardlanna agus de sheisiúin roinnte scileanna, cuir i láthair PowerPoint agus acmhainní oiliúna eile is féidir iad a íoslódáil.

### Athbhreithniú ar Seirbhísí Leabharlainne Príosúin

In 2022, i gcomhar le Scoil an Oideachais in Ollscoil Uladh, foilsíodh tuarascáil faoin athbhreithniú ar leabharlanna príosúin inar leagadh amach na prionsabail uileghabhálacha a léiríonn an gá atá le cur chuige faoi thionchar úsáideoirí agus bunaithe ar bheartas a ghlacadh maidir le seirbhísí leabharlainne príosúin a sholáthar. Leagtar príomhphrionsabail agus moltaí amach i dtaca le beartais, rochtain uilíoch, comhoibriú, soláthar foirne, réimse agus scóip an tsoláthair agus conas is féidir leis an leabharlann a bheith ina taca agus ina céim ar an aistear chuig bheith i do bhall den tsochaí arís, agus i dtaca le hathbhreithniú agus meastóireacht a dhéanamh chomh maith. Cuireadh tús in 2022 freisin leis na moltaí a chur i bhfeidhm, leis na Comhaontuithe ar Leibhéal Seirbhíse idir na seirbhísí leabharlainne agus na príosúin áitiúla, agus an beartas náisiúnta a fhorbairt maidir le seirbhísí leabharlainne príosúin a sholáthar.

### Mo Leabharlann Oscailte

Tugann an tseirbhís Mo Leabharlann Oscailte rochtain leabharlainne do bhaill idir 8 a.m. agus 10 p.m. 365 lá den bhliain Leanadh ar aghaidh leis an bhforbairt ar Mo Leabharlann Oscailte le bliain anuas agus faoi dheireadh na bliana, bhí an tseirbhís ar fáil in 32 leabharlann ar fud 18 n-údarás áitiúil.

Bhí an t-aiseolas ón bpobal fós thar a bheith dearfach i mbliana, agus dúirt úsáideoirí go bhfuil rochtain níos fearr ar an leabharlann áitiúil ann mar gheall ar rochtain níos faide ná na gnáthuaireanta oibre, go háirithe do chomaitéirí, d'oibrithe iargúlta agus do mhic léinn. Le Mo Leabharlann Oscailte, tá méadú tagtha ar líon na ndaoine a thagann isteach sna leabharlanna sin ina bhfuil an tseirbhís ar fáil, go háirithe ag an deireadh seachtaine, agus tá réimse custaiméirí níos éagsúlaí á mealladh ná riamh, le húsáid mhéadaithe go mór ón ngrúpa 35-55 bliain d'aois sa tráthnóna agus ó theaghlaigh le leanaí óga ag an deireadh seachtaine.

### Leabharlann Bheag

Is éard atá sa Leabharlann Bheag ná clár faoin straitéis trasrialtais Na Chéad 5 agus faoi chlár "Ceart ag Cách ar Léamh" na leabharlann poiblí. Tacaíonn an Leabharlann Bheag le forbairt teanga agus litearthachta luath-óige i measc páistí óga trí iad a spreagadh chun an leabharlann a úsáid agus trí sheirbhísí leabharlainne a sholáthar do thimpeallachtaí Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige (FCLÓ). Cuireadh tús leis an gclár in 2021 agus tugadh cuireadh do níos mó ná 4,500 suíomh Luathfhoghlama agus Cúraim (ELC), Cúram Leanaí d'Aois Scoile (SAC) agus Feighlithe Leanaí cláraithe chun málaí leabhar saor in aisce a bhailiú ó leabharlanna ar fud na tíre. In 2021, soláthraíodh seirbhísí Little Library do 4,094 Ionad Luathfhoghlama, nó 81.04% den daonra incháilithe.

Don bhliain 2022, reáchtáladh breis agus 400 imeacht scéalaíochta ar théama an Chairdis san earrach le linn Ireland Reads agus Spring into Storytime.

I dtionscnamh speisialta My Little Library Bag tairgeadh leabhair faoi théama tosú scoile agus cairde a dhéanamh, mar aon le agus ballraíocht leabharlainne do gach leanbh 4 agus 5 bliana d'aois atá ag tosú ar scoil don chéad uair in 2022. Faoin spriocdháta ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair, bhí breis agus 22,900 ball nua 4 agus 5 bliana d'aois tagtha isteach sa leabharlann agus rinneadh 14,700 ballraíocht breise a athnuachan, arb ionann é sin agus thart ar 63% den daonra náisiúnta san aoisghrúpa sin. Bhí 414,450 leabhar faighte ar iasacht ag baill My Little Library faoin am a críochnaíodh scéim 2022.

### Ceart chun Léamh

Mar chuid den chlár Ceart chun Léamh tá tionscnaimh do leanaí agus do theaghlaigh i rith na bliana – Spring into Storytime, Summer Stars, Children's Book Festival agus Family Time - gan trácht ar réimse seirbhísí chun tacú le scoileanna. In 2021 tugadh isteach tionscnaimh dírithe go sonrach ar lucht réamhscoile faoin gClár "Mo Leabharlann Bheag". Díríonn an Clár Ceart chun Léamh ar thacaíocht agus ar acmhainní do dhaoine fásta freisin. Is líonra Cheart chun Léamh áitiúil a reáchtálann Ceart chun Léamh i ngach údarás áitiúil agus is é Comhordaitheoir Ceart chun Léamh a dhéanann é a chomhordú i ngach seirbhís leabharlainne áitiúla. Tá méadú tagtha ar aitheantas agus ar rannpháirtíocht sa chlár gach bliain. Bhí an-tóir ar mheascán nua de sheachadadh brainse ar líne agus i leabharlanna, agus meastar go mbeidh leibhéil rannpháirtíochta ag an dara bliain is airde rannpháirtíochta go dtí seo, lena n-áirítear beagnach 56,000 leanbh ag glacadh páirte in Summer Stars 2022.

## NPPR

Tugadh an Muirear NPPR isteach in 2009. Próiseáladh €742.3 milliún san iomlán go dtí deireadh mhí na Nollag 2022, agus rinneadh €18.0 den mhéid sin a phróiseáil in 2022. Is laghdú é sin ar an méid a próiseáladh in 2021, ba é sin €28.4 milliún.

Tá sé seo mar gheall ar mhuirear 2010 agus ní bheidh pionóis (1830 in aghaidh an aonaid) dlite ó 1 Aibreán 2022. Ní mór a thabhairt faoi deara freisin go ndeachaigh uasghrádú nua ar an gcóras NPPR beo Dé Luain an 12 Nollaig 2022.

# Tionscadal na Tairsí Pleanála Ar Líne Náisiúnta

Rinneadh an-dul chun cinn ar Thionscadal na Tairsí Pleanála Ar Líne Náisiúnta in 2022. Tar éis Clár Píolótach rathúil d'Iarratais Ar Líne Cuid 4 i dTiobraid Árann agus i gContae na Gaillimhe ó mí Eanáir go mí an Mhárta, críochnaíodh forbairt feidhmiúlachta chun Aighneachtaí agus Iarratais Chuid 8 a chumasú idir mí an Mhárta agus mí Lúnasa, rud a d'fhág gurbh fhéidir tús a chur le rolladh amach na Pleanála Ar Líne.

Le linn na tréimhse ó mhí Mheán Fómhair go mí na Nollag, chuaigh na 12 chontae seo a leanas go hiomlán beo le Pleanáil Ar Líne: - Ceatharlach, an Clár, Gaillimh, Cill Chainnigh, Laois, Luimneach, Lú, Maigh Eo, Sligeach, Tiobraid Árann, Port Láirge, agus an Iarmhí. I ngach ceann de na contaetha seo, is féidir anois le gníomhairí, iarratasóirí, agus baill den phobal clárú ar an tairseach ag https://planning.localgov.ie agus cur isteach agus íoc as iarratais agus aighneachtaí pleanála. Faigheann gníomhairí agus iarratasóirí nuashonruithe ar dhul chun cinn a n-iarratas trí ríomhphost agus, ar iarratas, is féidir leo aon fhaisnéis bhreise a theastaíonn a uaslódáil.

Faigheann Comhlachtaí Forordaithe a n-atreoruithe go leictreonach anois agus úsáideann siad an Tairseach chun a dtuarascálacha a uaslódáil.

Fuarthas aiseolas an-dearfach ó iarratasóirí, ó ghníomhairí agus ón bpobal agus ó bhaill foirne pleanála. Tá oiriúnú maith déanta ag gníomhairí d'iarratais phleanála a chur isteach ar líne agus tá údaráis áitiúla an-sásta leis na héifeachtúlachtaí a tugadh isteach sa phróiseas.

Is iad na 24 údarás áitiúil tosaigh a chuir an ríomhphleanáil i bhfeidhm ná na cinn a úsáideann córas bainistíochta pleanála cúloifige iPlan.

Cuireadh an leagan is déanaí de iPlan 5.0. ar fáil sa Chabhán, sa Chlár, i nDún na nGall, i Luimneach, i gCill Dara, agus i Sligeach. Tugann sé seo go leor buntáistí ar fáil, lena n-áirítear iontaofacht agus giniúint litreacha níos tapúla.



# 10 Ár nImeachtaí – Daoine a Thabhairt le Chéile chun Líonrú agus Foghlaim

## Comhdhálacha

### Comhdháil Sláinte & Sábháilteachta

D'eagraigh GBRÁ Comhdháil Bhliantúil Sláinte agus Sábháilteachta na nÚdarás Áitiúil do gach Oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta a reáchtáladh an 23 Samhain 2022 i mBaile Átha Luain. Bhí líon mór cainteoirí ag an imeacht chun aghaidh a thabhairt ar raon saincheisteanna tráthúla agus tábhachtacha a bhaineann le sábháilteacht, sláinte agus leas, lena n-áirítear cuir i láthair ón Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, ESB agus IPB.

### Comhdháil Bhliantúil AD GBRÁ

Reáchtáladh Comhdháil bhliantúil Acmhainní Daonna GBRÁ ag tús mhí Dheireadh Fómhair 2022 i gContae Chorcaí, agus d'fhreastail breis agus 100 duine air. I measc na bpríomhthéamaí a bhí ag an gcomhdháil bhí bainistíocht tallainne, coinneáil, nuashonruithe dlí fostaíochta, athrú agus ceannaireacht, folláine san ionad oibre agus bainistíocht daoine i dtimpeallacht oibre chumaisc.



# Gluais

| | |
|---|---|
| **ARC** | Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca |
| **ASP** | Plean Seirbhíse Bliantúil |
| BEIUER | An Coiste Gnó, Fiontair, Nuálaíochta agus Athnuachana Eacnamaíochta na mBailte Uirbeacha |
| BCMS | Córas Bainistíochta um Rialú Foirgníochta |
| CARO | Oifigí Réigiúnacha um Ghníomhaithe ar son na hAeráide |
| CATCEN | Gníomhú ar son na haeráide, Iompar, Geilleagar Ciorclach agus Líonraí |
| **CATN** | An Coiste um Aeráid, Gníomhú, Iompar agus Líonraí |
| **CCMA** | Comhlachas um Bainistiú Contaetha agus Cathracha |
| **CE** | Príomhfheidhmeannach |
| **POF** | Príomhoifigeach Feidhmiúcháin |
| **CRM** | Bainistíocht Caidreamh Custaiméirí |
| **CRU** | An Coimisiún um Rialáil Fóntas |
| **CSSC** | An Fochoiste Cibearshlándála |
| **DCCAE** | An Roinn Cumarsáide, Athrú Aeráide agus Comhshaoil |
| **DCU** | Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath |
| **DAFM** | An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara |
| **DCEDIY** | An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige |
| **DOD** | An Roinn Cosanta |
| **DEASP** | An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí |
| **DECC** | An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide |
| **DETE** | An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta: |
| **DHLGH** | An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta |
| **DPER** | An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe |
| **DRCD** | An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail |
| **DSP** | An Roinn Coimirce Sóisialaí |
| **DTCAGSM** | An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán |
| **EPA** | An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil |
| **FMS** | Córas Bainistíochta Airgeadais |
| **FSAI** | Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann |
| **GDPR** | Rialacháin um Chosaint Ghinearálta Sonraí |
| **GPP** | Soláthar Poiblí Glas |
| **HAP** | Íocaíochta Cúnaimh Tithíochta |
| **HBLU** | Coiste Tithíochta, Foirgníochta agus Úsáide Talún |
| **HIS** | Ceann na gCóras Faisnéise |
| **HoF** | Ceann Airgeadais |
| **HPSS** | Acmhainní Daonna, Párolla, Aoisliúntas, agus Seirbhísí Roinnte |
| **HR** | Acmhainní Daonna |
| **ICT** | Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide |
| **IHREC** | Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas |
| **IMPEL** | Líonra an Aontais Eorpaigh um Chur i nGníomh agus um Fhorfheidhmiú Dhlí na Timpeallachta |
| **InfoSec** | Slándáil Faisnéise |
| **IPA** | An Foras Riaracháin |
| **IPB** | Comhlachtaí Poiblí na hÉireann |
| **IR** | Caidreamh Tionsclaíoch |
| **ICSH** | Comhairle na hÉireann um Thithíocht Shóisialta |
| **IPAS** | Seirbhísí Cóiríochta um Chosaint Idirnáisiúnta |
| **IW** | Uisce Éireann |
| **IWCG** | Grúpa Comhairliúcháin Uisce Éireann |
| **IWMA** | Cumann Bainistíochta Uisce Éireann |
| **LA** | Údarás Áitiúil |
| **LANC** | Údarás Áitiúil Comhairle Náisiúnta |
| **LASOG** | Grúpa Oifigeach Sábháilteachta na nÚdarás Áitiúil |
| **LAWPRO** | Oifig Chlár Uiscí na nÚdarás Áitiúil |
| **LDA** | Gníomhaireacht Forbartha Talún |
| **LEO** | Oifig Fiontair Áitiúil |
| **LG** | Rialtas Áitiúil |

| | |
|---|---|
| **LGSPC** | Lárionad Soláthair Straitéisigh an Rialtais Áitiúill |
| **LRC** | An Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais |
| **MFA** | Fíordheimhniú Ilfhachtóra |
| **MRL** | Ceadúnú Oibreacha Bóthair MapRoad |
| **NBCMP** | Tionscadal Bainistíochta um Rialú Foirgníochta Náisiúnta |
| **NDFEM** | An Stiúrthóireacht Náisiúnta um Bainistíocht Dóiteáin agus Éigeandála |
| **NESC** | An Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialach |
| **NOSP** | An Oifig Náisiúnta um Fhéinmharú a Chosc |
| **NOAC** | Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchta |
| **NPPR** | Áit Chónaithe Phríobháideach Neamhphríomha |
| **NSC** | An Coiste um Chaighdeáin Náisiúnta |
| **OGP** | Oifig Soláthair Rialtais |
| **OGCIO** | Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais |
| **OPW** | Oifig na nOibreacha Poiblí |
| **OSI** | Suirbhéireacht Ordanáis Éireann |
| **PID** | Doiciméad Tionscnaimh Tionscadail |
| **PLR** | Luach Saothair ó Iasachtaí leis an bPobal |
| **PMDS** | Córas Forbartha Bainistíochta Feidhmíochta |
| **PMO** | Oifig Bainistíochta Cláir |
| **PMS** | Córas Bainistíochta Cosán |
| **PSROG** | Grúpa Maoirseachta Athchóirithe na hEarnála Poiblí |
| **RDCTCH** | An Coiste Forbartha Tuaithe, Pobail, Turasóireachta, Cultúir agus Oidhreachta |
| **RWMPO** | Oifig Pleanála um Bainistiú Dramhaíola Réigiúnach |
| **SEAI** | Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann |
| **SICAP** | An Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail |
| **SIPD** | An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí |
| **SLA** | Comhaontú Leibhéil Seirbhíse |
| **SME** | Fiontar Beag, Meánmhéide |
| **SMS** | Córas Bainistíochta Sábháilteachta |
| **SORUM** | Measúnú agus Bainistíocht Riosca Ciontóirí Gnéis |
| **TRABIS** | Réiteach Faisnéise Gnó Rianaire |
| **WERLA** | Bainistiú Uisce, Dramhaíola |
| **WWEEP** | An Coiste Uisce, Bainistíochta Dramhaíola, Comhshaoil agus um Pleanáil Éigeandála |
| **WIOF** | Creat Oibriúcháin an Tionscail Uisce |
| **WRC** | An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre |
| **WSTO** | Oifig Aistrithe Seirbhísí Uisce |

# Aguisín 1

# Scéim um Luach Saothair ó Iasachtaí leis an bPobal

## An Tríú Tuarascáil Bhliantúil Déag

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022

# Clár Ábhair


| | | |
|---|---|---|
| **1.** | **Réamhrá** | **57** |
| | 1.1 Bunús Reachtaíochta | 57 |
| | 1.2 Ionstraim Reachtúil | 57 |
| | 1.3 Bainistiú na Scéime PLR | 57 |
| **2.** | **An Próiseas PLR** | **57** |
| **3.** | **Bailiú Sonraí Iasachtaí** | **57** |
| **4.** | **Clárúcháin Údair** | **58** |
| **5.** | **Íocaíochtaí PLR 2022** | **58** |
| **6.** | **Leabharlann na Breataine, Ceart Iasachta Poiblí RA** | **58** |
| **7.** | **Cumarsáid agus Poiblíocht** | **58** |
| **8.** | **Airgeadas** | **58** |
| **9.** | **Buíochas** | **58** |
| **10.** | **Aguisíní 59** | |
| | 10.1 Achoimre ar Íocaíochtaí | 59 |
| | 10.2 Achoimre ar Mhodhanna Íocaíochtaí | 59 |
| | 10.3 Íocaíocht na Tíre Cónaithe | 60 |
| | 10.4 Scaipeadh méideanna íocaíochta | 60 |

# 1. Réamhrá

### 1.1 Bunús Reachtaíochta

Is ceart eisiach é Ceart Iasachta Poiblí atá ag údar a leabhar a thabhairt ar iasacht, agus tugadh isteach i ndlí na hÉireann é leis *an Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar (Leasú) 2007*. Leis an Acht, tugadh reachtaíocht na hÉireann i gcomhlíonadh le dlí na hEorpa.[1] Sonraíonn an tAcht go bhfuil feidhm ag an gceart iasachtaithe seachas go bhfuil scéim luach saothair i bhfeidhm agus leis an Acht rinneadh foráil do scéim luach saothair a bhunú ag an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

### 1.2 Ionstraim Reachtúil

Eisíodh na rialacháin lena mbunaítear an scéim, na Rialacháin um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara (Scéim Luach Saothair Iasachta Poiblí) 2008 ar an 31 Nollaig 2008.[2] (S.I. Uimh. 597 de 2008). Faoin scéim Luach Saothair Iasachta Poiblí (PLR), déantar íocaíocht le húdair, le maisitheoirí etc. a dtugtar a gcuid leabhar ar iasacht ó leabharlanna poiblí. Síníodh na Rialacháin um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara (Scéim Luach Saothair Iasachta Poiblí (Leasú)), 2013, I.R. Uimh. 221 de 2013 ar an 20 Meitheamh 2013.[3]

### 1.3. Bainistiú na Scéime PLR

Faoi na rialacháin ainmníodh Príomhoifigeach Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta Bainistíochta Rialtais Áitiúil mar Chláraitheoir ar Luach Saothair Iasachta Poiblí. Bainistíonn Forbairt Leabharlann an scéim PLR, a fhaigheann maoiniú ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail.

Tá córais forbartha ag an Oifig PLR, ag obair i gcomhar le Leabharlann na Breataine, Ceart Iasachta Poiblí RA chun seirbhísí feabhsaithe a chur ar fáil, rud a fhágann go bhfuil clárúchán níos cuíchóirithe agus níos éifeachtaí ann, agus seirbhísí PLR gaolmhara d'údair.

# 2. An Próiseas PLR

Faoi PLR, déanfar íocaíocht le húdair chláraithe, atá ina saoránaigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) nó a bhfuil cónaí orthu sa LEE, i leith leabhar atá cláraithe leis an PLR agus arna dtabhairt ar iasacht ag údaráis leabharlainne poiblí.

Ceanglaítear ar údair clárú leis an Oifig PLR, ag tabhairt sonraí faoi na leabhair ar mian leo luach saothair a éileamh ina leith.

Soláthraíonn údaráis leabharlainne poiblí sonraí faoina n-iasachtaí don Oifig PLR, lena n-áirítear an líon uaireanta a eisítear gach leabhar ina gcuid bailiúcháin i rith na bliana.

Ag deireadh na tréimhse PLR, déantar sonraí na n-iasachtaí ó gach údarás a mheaitseáil leis na sonraí údair/teidil agus táirgtear liosta de na húdair ar tugadh a gcuid leabhar ar iasacht, mar aon le líon na n-eisiúintí de gach ceann acu. Ríomhtar an méid a gheobhaidh gach údar cáilitheach agus déantar íocaíochtaí.

# 3. Bailiú Sonraí Iasachtaí

Tá modúl iasachtaí PLR suiteáilte ar chóras bainistíochta na leabharlainne agus déantar na sonraí lena dtugtar mionsonraí faoin líon uaireanta a eisítear gach leabhar le linn tréimhse sonraithe a tharchur go huathoibríoch chuig an Oifig PLR.

1 Treoir 2006/115/CE, IO L 376, 27.12.2006, lgh. 28–35.
2 I.R. Uimh. 597 de 2008.
3 I.R. Uimh. 221 de 2013.

## 4. Clárúcháin Údair

Cláraíodh 31,417 údar don chóras PLR ag deireadh na bliana PLR 2022.

## 5. Íocaíochtaí PLR 2022

Chuir an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail €200,000 ar fáil le haghaidh íocaíochtaí do na húdair ar tugadh a saothar ar iasacht do phobal na hÉireann.

Déantar íocaíochtaí go bliantúil agus bunaítear iad ar iasachtaí ón mbliain féilire roimhe sin. Bhí údair i dteideal íocaíochta má shroich a dtuilleamh PLR íosmhéid de €2, agus bhí íocaíocht uasta €1,000 do na húdair is mó a dtugadh a gcuid leabhar ar iasacht. Ríomhadh an Ráta in aghaidh na hiasachta (RPL) ag 11.55 cent. Bhí ríomh íocaíochta PLR 2022 bunaithe ar 5,495,240 iasacht incháilithe san iomlán.

Cháiligh 6,312 údar san iomlán ó 33 tír le haghaidh íocaíochta in 2022, agus fuair 6 n-údar an íocaíocht uasta.

## 6. Leabharlann na Breataine, Ceart Iasachta Poiblí RA

Aistríodh an Fhreagracht as PLR RA chuig Leabharlann na Breataine i mí Dheireadh Fómhair 2013. Phléigh foireann PLR na Breataine agus na hÉireann comhchur chuige don PLR amach anseo chun úsáid acmhainní a uasmhéadú agus chun seirbhísí feabhsaithe a sholáthar d'údair.

Is mór ag an Oifig PLR an cúnamh suntasach a thug an fhoireann PLR maidir lena tacú leis an gcóras PLR.

## 7. Cumarsáid agus Poiblíocht

Tá an Oifig PLR freagrach as an suíomh gréasáin www.plr.ie. Ceadaíonn bailiú sonraí iasachtaí ó gach údarás leabharlainne anailís a dhéanamh ar iasachtaí leabharlainne poiblí ar bhonn náisiúnta. Soláthraíonn an Oifig PLR faisnéis ar iasachtaí leabharlainne poiblí do na meáin ar iarratas.

## 8. Airgeadas

Tá an Scéim Luach Saothair Iasachta Poiblí maoinithe go díreach ag an Aire Forbartha Tuaithe agus Pobail agus ní ghearrtar na costais ar na húdaráis áitiúla.

## 9. Buíochas

Ba mhian leis an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil buíochas a ghabháil leis an Aire Forbartha Tuaithe agus Pobail, leis an Aire Stáit, agus lena n-oifigigh as a dtacaíocht leanúnach, le húdaráis leabharlainne poiblí as a gcomhoibriú in oibriú leanúnach na scéime PLR, leis an bhfoireann PLR ag Leabharlann na Breataine mar gheall ar an gcomhairle, tacaíocht agus cúnamh teicniúil a thugann siad.

PLR Registrar ______________________ Dáta 5 Bealtaine 2023

# 10. Aguisíní

## 10.1 Achoimre ar Íocaíochtaí

| Achoimre ar Íocaíochtaí | 2022 |
|---|---|
| Líon na n-údar atá cláraithe le haghaidh PLR ag deireadh 2022 | 31,417 |
| Líon na n-údar atá i dteideal íocaíochta | 6,312 |
| Caiteachas Iomlán (maoiniú Roinne agus méideanna tugtha anonn ó 2021) | 201,447.45 |
| Líon na n-údar a fhaigheann an íocaíocht uasta | 6 |
| Ráta in aghaidh na hiasachta (RPL) | 11.55 cent |
| **Líon iomlán na n-iasachtaí incháilithe** | **5,495,240** |

## 10.2 Achoimre ar Mhodhanna Íocaíochtaí

| Modh Íocaíochta | Líon na nÚdar 2022 | Méid iomlán 2022 € |
|---|---|---|
| Ríomhíocaíocht dhíreach isteach i gCuntais Euro/ Neamh-Steirlinge | 274 | 6,721.89 |
| Ríomhíocaíocht dhíreach isteach i gCuntais Steirlinge RA | 5,635 | 173,387.12 |
| Ríomhíocaíocht trí Shochaithe Bailiúcháin | 327 | 19,812.41 |
| Íocaíochtaí Ar Feitheamh | 76 | 1,526.03 |
| **Iomlán** | **6,312** | **201,447.45** |

## 10.3 Íocaíocht na Tíre Cónaithe

| Tír | Méid € | Tír | Méid € |
|---|---|---|---|
| An Ríocht Aontaithe | 172,423.30 | An tSeapáin | 73.92 |
| Éire | 24,241.44 | An Iorua | 59.71 |
| An Fhrainc | 761.78 | An Bhulgáir | 48.44 |
| An Iodáil | 640.89 | Lucsamburg | 45.32 |
| An Ghearmáin | 623.50 | An Eilvéis | 27.48 |
| Oileáin Mhuir nIocht | 552.55 | Oileán Mhanann | 26.80 |
| Ceanada | 444.85 | An Nua Shéalainn | 12.27 |
| An Spáinn | 436.60 | An Afraic Theas | 10.85 |
| An Ísiltír | 230.84 | An Danmhairg | 10.77 |
| Stáit Aontaithe Mheiriceá | 114.13 | An Rómáin | 10.51 |
| An Astráil | 116.36 | An Ostair | 9.36 |
| An Chróit | 100.51 | An Ungáir | 8.67 |
| An Phortaingéil | 87.01 | An Chipir | 5.44 |
| An tSualainn | 86.31 | An Téalainn | 4.97 |
| An Íoslainn | 82.48 | An Bhrasaíl | 4.52 |
| An Bheilg | 74.59 | An Pholainn | 2.08 |
| An Ghréig | 69.20 | | |
| | | | **IOMLÁN €201,447.45** |

## 10.4 Scaipeadh Méideanna Íocaíochta

| Ó Mhéid € | Go Méid € | Líon na nÍocaíochtaí 2022 | Méid € in 2022 |
|---|---|---|---|
| 0.01 | 5 | 1,999 | 6,583.67 |
| 5.01 | 10 | 1,295 | 9,254.83 |
| 10.01 | 50 | 2,053 | 47,404.89 |
| 50.01 | 100 | 514 | 35,958.84 |
| 100.01 | 300 | 365 | 58,310.83 |
| 300.01 | 500 | 56 | 21,555.98 |
| 500.01 | 1,000 | 30 | 22,378.41 |
| **IOMLÁN** | | **6,312** | **201,447.45** |

# Aguisín 2

# Ráitis Airgeadais Iniúchta

## Don bhliain go dtí an 31 Nollaig 2022

## Clár Ábhair


| | |
|---|---|
| Tuarascáil ó Iniúchóir an Rialtais Áitiúil | 62 |
| Ráiteas ar an gCóras um Rialú Inmheánach | 63 |
| Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird | 66 |
| Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach | 67 |
| Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe) | 68 |
| Ráiteas ar Shreafaí Airgeadais | 69 |
| Nótaí a ghabhann leis na Cuntais agus atá mar chuid de na Cuntais | 70 |

# Tuarascáil ó Iniúchóir an Rialtais Áitiúil do Bhord Ghníomhaireacht Bainistíochta an Rialtais Áitiúil

## Réamhrá

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais na Gníomhaireachta Bainistíochta Rialtais Áitiúil don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2022. Cuimsíonn na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta atá leagtha amach iontu, an Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach, an Ráiteas ar an Staid Airgeadais, an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus na nótaí a ghabhann leis na Cuntais agus atá mar chuid de na Cuntais.

## Freagrachtaí an Bhoird agus an Iniúchóra Rialtais Áitiúil faoi seach

Tá Bord na Gníomhaireachta freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir Ordú um Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (Bunú) 2012 agus as rialtacht na n-idirbheart a áirithiú. Tá freagrachtaí cuntasaíochta Chomhaltaí an Bhoird leagtha amach sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird.

Is í an fhreagracht atá orm ná na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir na gceanglas ábhartha, dlíthiúil agus rialála agus de réir an Chóid Chleachtais Iniúchóireachta.

Tuairiscím mo thuairim maidir le cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom, de réir an chleachtais chuntasaíochta a nglactar leis go ginearálta. Tuairiscím freisin cibé, i mo thuairim, ar coimeádadh leabhair chuntais chearta. Ina theannta sin, luaim cibé an dtagann na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.

Tuairiscím freisin ar cibé an bhfuair nó nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na míniúcháin go léir atá riachtanach chun críocha m'iniúchta.

Athbhreithním cibé an léiríonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais comhlíonadh an Bhoird leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit agus tuairiscím ar aon chás ábhartha nach ndéanann sé amhlaidh nó má tá an ráiteas míthreorach nó ar neamhréir le faisnéis eile faoina bhfuilim feasach ó m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais. Ní cheanglaítear orm a bhreithniú cibé an gclúdaíonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais gach priacal agus rialú airgeadais, ná teacht ar thuairim maidir le héifeachtacht na nósanna imeachta riosca agus rialaithe.

## Bunús na Tuairime Iniúchóireachta

Rinne mé m'iniúchadh de réir an Chóid Chleachtais Iniúchóireachta. Áiríonn iniúchadh scrúdú ar bhonn tástála ar fhianaise a bhaineann leis na méideanna agus na nochtuithe sna ráitis airgeadais. Áiríonn sé freisin measúnú ar na meastacháin agus breithiúnais shuntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú agus cibé an bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach d'imthosca na Gníomhaireachta, an raibh siad curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach agus an raibh siad nochtaithe go himleor.

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh chun an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a fháil, a mheas mé a bheith riachtanach chun dóthain fianaise a sholáthar chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu trí chalaois nó trí neamhrialtacht nó earráid eile. Le teacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht freisin ar leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sna ráitis airgeadais.

Tuairiscím trí eisceacht sna cásanna seo a leanas:

- I gcás nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a theastaíonn uaim do m'iniúchadh, nó
- I gcás nach léiríonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais comhlíonadh na Gníomhaireachta Cód Cleachtais um rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- I gcás go dtagaim ar chúrsaí ábhartha eile a bhaineann leis an dóigh inar stiúradh an gnó poiblí.

## Tuairim ar na Ráitis Airgeadais

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom ar staid ghnóthaí na Gníomhaireachta amhail an 31 Nollaig 2022 agus ar a hioncam agus ar a caiteachas don bhliain dar críoch an dáta sin.

Fuair mé an fhaisnéis agus na míniúcháin go léir a mheasaim a bheith riachtanach chun críocha m'iniúchta. Is é mo thuairim gur choimeád an Ghníomhaireacht leabhair chuntais chearta. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Sínithe Paul Mullen

Dáta 30/05/2023

**Paul Mullen (Tithíocht)**

**Iniúchóir an Rialtas Áitiúil**

# Ráiteas ar an gCóras um Rialú Inmheánach

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022

## Raon Feidhme na Freagrachta

Thar ceann Bhord na Gníomhaireachta Bainistíochta Rialtais Áitiúil, admhaím freagracht an Bhoird as a áirithiú go ndéantar córas éifeachtach um rialú inmheánach a chothabháil agus a fheidhmiú. Cuireann an fhreagracht seo ceanglais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016 san áireamh.

## An Cuspóir leis an gCóras um Rialú Inmheánach

Tá an córas um rialú inmheánach deartha chun riosca a bhainistiú go leibhéal is féidir a ghlacadh leis seachas deireadh a chur leis. Ní féidir leis an gcóras, dá bhrí sin, ach ráthaíocht réasúnta seachas ráthaíocht iomlán a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath ar bhealach tráthúil. Tá an córas um rialú inmheánach, a thagann le treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm sa Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 agus suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

## An Cumas Riosca a Láimhseáil

Tá Bord GBRÁ freagrach as a áirithiú go bhfuil córas éifeachtach um rialú inmheánach i bhfeidhm ag GBRÁ. Cuidíonn an Coiste Iniúchta agus Riosca (ARC) leis an mBord ina chuid oibre, ar a bhfuil comhalta Boird (a bhíonn ina chathaoirleach ar an gcoiste), agus 4 chomhalta eile a bhfuil taithí airgeadais agus iniúchta acu. Bhuail an ARC le chéile ceithre huaire in 2022. Tá údarás feidhmiúcháin tarmligthe ag an mBord chuig an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin a fheidhmíonn creat bainistíochta riosca GBRÁ agus a thuairiscíonn ar riosca ag gach cruinniú Boird, cruinniú den Choiste Airgeadais agus cruinniú den ARC, i dteannta leis an bhfoireann bhainistíochta shinsearach.

Tá soláthraí iniúchta inmheánaigh seachfhoinsithe ag GBRÁ a reáchtálann clár oibre arna chomhaontú leis an ARC. In 2022 rinneadh trí iniúchadh inmheánacha. Ba iad a bhí ann ná iniúchadh ar Chóras Rialaithe Inmheánach GBRÁ, iniúchadh ar rialachas an Aonaid Taighde agus iniúchadh ar rialachas na hOifige Bainistíochta Tionscadal agus na Nósanna Imeachta Bainistíochta Tionscadal.

Tá beartas bainistíochta riosca forbartha ag an ARC a leagann amach na próisis bhainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus a shonraíonn róil agus freagrachtaí na foirne maidir le riosca. Eisíodh an beartas don fhoireann go léir chun an lucht bainistíochta a chur ar an eolas faoi laigí riosca agus laige rialaithe atá ag teacht chun cinn agus chun freagracht a ghlacadh as riosca agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

## Creat Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistithe riosca curtha i bhfeidhm ag GBRÁ, rud a shainaithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na bearta bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár riosca corparáide i bhfeidhm a shainaithníonn na príomhrioscaí atá roimh GBRÁ agus rinneadh na rioscaí sin a aithint, a mheasúnú agus a ghrádú de réir na tábhachta a bhaineann leo. Ullmhaíonn an bhainistíocht an clár agus déanann an Bord, an Coiste Airgeadais agus an ARC athbhreithniú air ag gach cruinniú. Úsáidtear toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a áirithiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú go leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha is gá chun rioscaí a mhaolú agus freagracht as feidhmiú na rialuithe a shanntar do bhaill foirne ar leith. Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na heilimintí seo a leanas:

- Rinneadh nósanna imeachta maidir le gach príomhphróiseas gnó a dhoiciméadú.
- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal na bainistíochta agus tá cuntasacht chomhfhreagrach ann:
- Tá córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag an mbainistíocht shinsearach agus ag an gCoiste Airgeadais:
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a áirithiú:
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

## Rialú Inmheánach

Tá córas um rialú inmheánach agus um bainistiú riosca ag GBRÁ atá deartha chun príomhrioscaí a aithint agus a thuairisciú agus na bearta bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt orthu agus, nuair is féidir, chun iad a mhaolú. Is iad seo a leanas príomhghnéithe an chórais:

- Struchtúr eagraíochtúil atá sainmhínithe go soiléir le leithscaradh cuí dualgas agus teorainneacha údaráis arna n-ainmniú ag an mBord:
- Plean Corparáideach, arna fhaomhadh ag an mBord, a threoraíonn an plean bliantúil foirne agus an buiséad:
- Buiséad bliantúil arna fhaomhadh ag an mBord:
- Beartais agus nósanna imeachta doiciméadaithe a chlúdaíonn príomhréimsí riosca a ndéanann an Bord athbhreithniú agus faomhadh orthu go tréimhsiúil:
- Teorainneacha agus údarás sainithe do chaiteachas airgeadais lena n-áirítear soláthar earraí agus seirbhísí agus caiteachas caipitil, arna fhaomhadh ag an mBord:
- Cuntais bhainistíochta ráithiúla ullmhaithe agus curtha faoi bhráid an Choiste Airgeadais:
- ARC a sholáthraíonn maoirseacht agus treoir i réimsí na bainistíochta riosca, an athbhreithnithe ar an gclár riosca, an tuairiscithe riosca agus na forbartha beartais:
- Roinnt coistí eile an bhoird a thacaíonn leis an mBord ina ról maoirseachta. Tá siad seo liostaithe sa Ráiteas Rialachais:
- Beartais a chlúdaíonn calaois, sláinte agus sábháilteacht agus príomhréimsí riosca eile chomh maith le Cód Iompair don Bhord, d'Oifigigh agus don fhoireann
- Beartais agus nósanna imeachta a chlúdaíonn feidhmíocht foirne, oiliúint agus oideachas leanúnach:
- Beartas agus plean soláthair atá athbhreithnithe agus faofa ag an mBord:
- Feidhm iniúchta inmheánaigh a athbhreithníonn próisis, córais agus rialuithe aitheanta agus a thuairiscíonn ar a chuid oibre don ARC:
  - An ARC a dhéileálann le haon saincheisteanna rialaithe suntasacha a ardaítear san iniúchadh inmheánach, a ardaíonn an tIniúchóir Rialtais Áitiúil nó a ardaítear in athbhreithnithe seachtracha eile:
  - Clár riosca corparáide atá ullmhaithe ag an mbainistíocht agus atá athbhreithnithe go rialta ag an ARC agus ag an mBord. Déanann an Feidhmeannas cláir riosca tionscadail a athbhreithniú go rialta freisin agus ardaítear rioscaí chuig an gclár riosca corparáideach más gá.
  - Córais agus bogearraí i bhfeidhm chun an timpeallacht TFC a chosaint ó bhagairtí agus chun slándáil na faisnéise atá inár seilbh a áirithiú.

## Coistí an Bhoird

Faigheann an Bord cúnamh ina ról maoirseachta ó roinnt Coistí an Bhoird ar a bhfuil comhaltaí Boird agus comhaltaí seachtracha a bhfuil saineolas ábhair acu i réimsí freagrachta na gCoistí faoi seach. Tugann an Bord cúram do na Coistí as mionbhreithniú a dhéanamh ar ábhair áirithe, agus cuireann siad comhairle ar fáil chun cabhrú le cinnteoireacht an Bhoird. Cuirtear nuashonrú ar fáil ó gach Coiste do chruinniú an Bhoird. Tá sonraí na gCoistí a bhí i bhfeidhm le linn 2022 san áireamh sa Ráiteas Rialachais agus i dTuarascáil Chomhaltaí an Bhoird.

## Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe. Cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd a bhfuil freagracht acu as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don Bhord, nuair is cuí, ar bhealach tráthúil. Deimhním go bhfuil na córais leanúnacha monatóireachta seo a leanas i bhfeidhm:

- Aithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a aithníodh a thuairisciú:
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais, agus
- Déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha feidhmíochta agus airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht i gcoinne buiséad/réamhaisnéisí.

## Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag GBRÁ chun comhlíonadh na rialacha agus na dtreoirlínte reatha soláthair a áirithiú agus gur chomhlíon GBRÁ na nósanna imeachta sin i rith 2022.

### Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag GBRÁ chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistíocht riosca agus rialú. Tá monatóireacht agus athbhreithniú GBRÁ ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca a dhéanann maoirsiú ar a gcuid oibre. Tá an bhainistíocht shinsearach laistigh de GBRÁ freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata um rialú inmheánach airgeadais.

Deimhním go ndearna an Ghníomhaireacht athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht an rialaithe inmheánaigh do 2022. Deimhním nár aithníodh aon laigí ábhartha sna rialuithe inmheánacha maidir le 2022 a éilíonn nochtadh sna ráitis airgeadais.

### Fadhbanna maidir le Rialú Inmheánach

Níor sainaithníodh aon laigí sna rialuithe inmheánacha maidir le 2022 ar gá iad a nochtadh sna ráitis airgeadais.

Thar ceann an Bhoird:



**Tom Enright**

**Cathaoirleach GBRÁ**

Dáta: 25 Bealtaine 2023

# Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird

## Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022

Bunaíodh Gníomhaireacht Bainistíochta an Rialtais Áitiúil (GBRÁ) leis an Ordú um Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (Bunú) 2012 (IR Uimh. 290 de 2012).

Is comhlacht reachtúil é atá freagrach as raon seirbhísí a sholáthar don earnáil Rialtais Áitiúil.

Ceanglaíonn Alt 18 den Ordú um Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (Bunú) 2012 ar Bhord an GBRÁ cuntais chearta a choimeád ar ioncam agus caiteachas uile na Gníomhaireachta, agus ar fhoinsí an ioncaim sin agus ar ábhar an chaiteachais sin, agus ar mhaoin, creidmheasanna agus dliteanais na Gníomhaireachta. Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, tá ceanglas ar GBRÁ:

- Polasaithe cuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta.
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama.
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin má tá sé míchuí a thoimhdiú go leanfaidh GBRÁ de bheith ag feidhmiú.
- Aon imeachtaí ábhartha ó na caighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais chearta a choinneáil, a nochtann le cruinneas réasúnta ag am ar bith staid airgeadais GBRÁ agus a chuireann ar a chumas a áirithiú go gcomhlíonann an ráiteas airgeadais Alt 18 den Ordú um Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (Bunú) 2012. Tá an Bord freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus mar sin as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.



**Cathaoirleach**

Dáta: 25 Bealtaine 2023



**POF**

Dáta: 19 Bealtaine 2023

# Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

## Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022

| | Nótaí | Seirbhísí Gníomhaireachta | Seirbhísí Biúró | Seirbhísí Roinnte | 2022 | 2021 | Seirbhísí Gníomhaireachta | Seirbhísí Biúró | Seirbhísí Roinnte |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IONCAM** | | | | | | | | | |
| Ranníocaíochtaí Údaráis Áitiúil | | 11,363,960 | | | **11,363,960** | **11,141,473** | 11,141,473 | | |
| Ioncam tionscadail | 3.1 | 27,162,093 | 54,951 | | **27,217,044** | **23,109,540** | 23,054,729 | 54,811 | |
| Cláir a fhaigheann maoiniú | 3.2 | | | 4,581,359 | **4,581,359** | **3,651,327** | | | 3,651,327 |
| Ioncam eile | 3.3 | 241,825 | | | **241,825** | **5,720** | 5,720 | | |
| Seirbhísí Biúró - bailiúcháin | 3.4 | | 18,424,449 | | **18,424,449** | **29,209,131** | | 29,209,131 | |
| Aoisliúntas coinnithe | | 280,993 | | | **280,993** | **300,037** | 300,037 | | |
| Ranníocaíochtaí an chiste fiachmhúchta | | 228,910 | | | **228,910** | **228,910** | 228,910 | | |
| Ús infhaighte agus ioncam comhchosúil | | 41,913 | | | **41,913** | **47,192** | 47,192 | | |
| Ioncam Iomlán | | **39,319,694** | **18,479,400** | **4,581,359** | **62,380,453** | **67,693,330** | **34,778,061** | **29,263,942** | **3,651,327** |
| **CAITEACHAS** | | | | | | | | | |
| Costais na mball foirne | 4 | 8,647,458 | 140,010 | 2,209,237 | **10,996,705** | **9,824,621** | **8,170,260** | **101,239** | **1,553,122** |
| Costais oibriúcháin agus forchostais | 5 | 28,579,075 | 491,105 | 1,000,543 | **30,070,723** | **25,331,050** | **23,920,172** | **428,992** | **981,886** |
| Íocaíochtaí Amach | 6 | 1,020,735 | 17,848,285 | 1,371,579 | **20,240,599** | **31,129,530** | **1,279,501** | **28,733,711** | **1,116,318** |
| Dímheas | 7 | 829,474 | | | **829,474** | **785,226** | **785,226** | | |
| Caiteachas Iomlán | | **39,076,742** | **18,479,400** | **4,581,359** | **62,137,501** | **67,070,427** | **34,155,158** | **29,263,941** | **3,651,326** |
| Barrachas don bhliain roimh leithreasuithe | | **242,952** | **0** | **0** | **242,952** | **622,903** | **622,903** | **0** | **0** |
| Aistriú chuig cúlchiste speisialta | | **(228,910)** | | | **(228,910)** | **(228,910)** | **(228,910)** | | |
| Barrachas don bhliain i ndiaidh leithreasuithe | | **14,042** | **0** | **0** | **14,042** | **393,993** | **393,993** | **0** | **0** |

# Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe)

## amhail an 31 Nollaig 2022

| | Nótaí | 2022<br>€ | 2021<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Neamh-Reatha** | | | |
| Sócmhainní Inláimhsithe | 7 | **17,509,622** | **18,135,877** |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Infháltais | 9 | 6,807,773 | 6,380,907 |
| Airgead Tirim agus Coibhéis Airgid Thirim | 8 | 6,100,448 | 4,278,552 |
| Infheistíochtaí | | 22,035,389 | 25,009,656 |
| Infheistíochtaí - Cúlchiste Speisialta | | 2,961,430 | 3,511,786 |
| | | **37,905,040** | **39,180,901** |
| **Dliteanais Reatha** (méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin) | | | |
| Suimeanna iníoctha | 10 | 14,739,157 | 16,394,375 |
| **Glansócmhainní Reatha** | | **23,165,883** | **22,786,527** |
| **Creidiúnaithe:** (Méideanna a bheidh dlite tar éis bliana) | | | |
| Iasachtaí Iníoctha | 11 | 2,992,296 | 2,702,880 |
| Iomlán na nGlansócmhainní | | 37,683,209 | 38,219,524 |
| **Ag léiriú** | | | |
| Cúlchiste Coinnithe Ioncaim | 12 | 21,190,558 | 20,536,038 |
| Cúlchiste Athluachála | 12 | 13,531,221 | 14,171,699 |
| Cúlchiste Speisialta | 12 | 2,961,430 | 3,511,787 |
| | | 37,683,209 | 38,219,524 |



**Cathaoirleach**

Dáta: 25 Bealtaine 2023



**POF**

Dáta: 19 Bealtaine 2023

# Ráiteas ar Shreafaí Airgeadais

## Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022

| | 2022<br>€ | 2021<br>€ |
|---|---|---|
| **Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | |
| Ioncam Barrachais thar Chaiteachas | 14,042 | 393,993 |
| Ús Bainc a fuarthas | (41,913) | (47,192) |
| Dímheas | 829,474 | 785,226 |
| (Méadú) ar Infháltais | (426,866) | (1,083,613) |
| (Laghdú)/Méadú ar Shuimeanna Iníoctha | (1,729,693) | 3,584,465 |
| **Glan-insreabhadh/(Eis-Sreabhadh) Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | **(1,354,957)** | **3,632,880** |
| **Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | |
| Ceannach Sócmhainní Inláimhsithe | (203,219) | (996,606) |
| **Glan-eis-sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | **(203,219)** | **(996,606)** |
| **Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe** | | |
| Fáltais ó iasacht bhainc | 760,000 | 555,000 |
| Aisíoc iasachta bainc | (396,108) | (331,708) |
| (Laghdú) ar infheistíocht ciste fiachmhúchta | (550,357) | (148,305) |
| Ús Bainc a fuarthas | 41,913 | 47,192 |
| **Glan-insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe** | **(144,552)** | **122,179** |
| **(Laghdú) / Méadú glan ar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim.** | (1,702,728) | 2,758,453 |
| Airgead agus coibhéis airgid amhail an 1 Eanáir | 32,799,995 | 30,041,542 |
| **Airgead agus coibhéis airgid amhail an 31 Nollaig** | 31,097,267 | 32,799,995 |

**Cathaoirleach**

Dáta: 25 Bealtaine 2023

**POF**

Dáta: 19 Bealtaine 2023

# Nótaí a ghabhann leis na Cuntais

## Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022

### 1 Eolas Ginearálta

Bunaíodh Gníomhaireacht Bainistíochta an Rialtais Áitiúil (GBRÁ) leis an Ordú um Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (Bunú) 2012 (IR Uimh. 290 de 2012).

Is gníomhaireacht stáit de chuid na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta í GBRÁ a bunaíodh chun raon seirbhísí a sholáthar don Earnáil Rialtais Áitiúil. Cruthaíodh an Ghníomhaireacht trí chumasc an Bhoird Seirbhísí Ríomhaire Rialtais Áitiúil, an Bhiord Seirbhísí Bainistíochta Rialtais Áitiúil agus na Comhairle Leabharlanna.

Is iad seo a leanas seoltaí GBRÁ:

Teach Rialtas Áitiúil
35-39 Cé Uiséir
Baile Átha Cliath 8

Teach an Fhionnuisce
27 Bóthar Conyngham
Baile Átha Cliath 8

### 2 Achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta

#### 2.1 Bunús an ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil agus ullmhaíodh iad ar bhonn fabhraithe, ach amháin mar a shonraítear ag 2.3 agus 2.5 thíos, agus de réir Chleachtas Cuntasaíochta a nGlactar go Coitianta Leo. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa RA agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais (FRC), arna fhógairt ag Cuntasóirí Cairte Éireann. Éilíonn ullmhú na ráiteas airgeadais ar an mbainistíocht a breithiúnas a fheidhmiú agus beartais chuntasaíochta á gcur i bhfeidhm. Níl aon chodanna de na ráitis airgeadais a éilíonn breithiúnas bainistíochta nó meastacháin atá ríthábhachtach do na luachanna tuairiscithe.

#### 2.2 Airgeadra Eachtrach

Is é an Euro (€) an t-airgeadra feidhmiúil agus an t-airgeadra tuairiscithe.

Aistrítear idirbhearta airgeadra eachtraigh go Euro ag spotrátaí malartaithe ar dhátaí na n-idirbheart. Tugtar gnóthachain agus caillteanais malairte a eascraíonn as socrú na n-idirbheart seo ag ráta difriúil chuig an gcuntas ioncaim agus caiteachais.

#### 2.3 Foinsí ioncaim agus aitheantas

Soláthraítear príomhfhoinse ioncaim an GBRÁ trí ranníocaíochtaí ó údaráis áitiúla. Is trí leithdháileadh comhaontaithe bhuiséad bliantúil GBRÁ a bhunaítear na ranníocaíochtaí. Faigheann GBRÁ ioncam freisin ó údaráis áitiúla agus ó chomhlachtaí stáit eile as tabhairt faoi thionscadail ar leith thar ceann na hearnála rialtais áitiúil. Sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach, cuirtear an dá chatagóir thuas le chéile faoi Sheirbhísí Gníomhaireachta.

Faoin reachtaíocht ábhartha lena dtugtar isteach an muirear nó an táille clárúcháin, ba í GBRÁ an ghníomhaireacht a raibh sé de chúram uirthi na nithe seo a leanas a bhailiú agus a bhainistiú:

- Muirear cónaithe príobháideach neamhphríomha (NPPR)
- Muirear Teaghlaigh
- Táille clárúcháin Protect our Water

Déantar bailiúcháin ón bpobal a dhéantar faoi na ceannteidil thuas a thaifeadadh sna ráitis airgeadais ar bhonn airgead tirim faighte. Léirítear na bailiúcháin seo sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach mar Sheirbhísí Biúró.

Faigheann GBRÁ cistí lárnacha i leith costas a thabhaítear do thionscadail seirbhísí comhroinnte áirithe. Léirítear ioncam maidir leis na tionscadail seo sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach mar Sheirbhísí Comhroinnte.

## 2.4 Maoin, gléasra & trealamh agus dímheas

Luaitear maoin, gléasra & trealamh ag costas stairiúil lúide dímheas carntha, seachas Áitreabh Ruílse, a léirítear ag luacháil agus costas breisithe.

Aistrítear an difríocht idir dímheas ar an gcostas measta agus an bunchostas ón gcúlchiste athluachála go dtí an cúlchiste coinnithe. Gearrtar dímheas chun costas nó luacháil na sócmhainní a dhíscríobh go luach iarmharach ag baint úsáide as modh an mhéid chothroim thar a saolta measta ar na boinn seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Áitreabh Ruílse | 2% |
| Daingneáin & Feistis | 10% |
| Trealamh Ríomhaireachta agus Coimhdeach | 33.33% |
| Troscán agus Trealamh Oifige | 10% |
| Trealamh Oiliúna | 20% |

Ní ghearrtar aon dímheas sa bhliain diúscartha agus gearrtar dímheas bliana iomláine sa bhliain éadála.

Rinne luachálaithe idirnáisiúnta Colliers luacháil neamhspleách ar áitreabh Ruílse ar an 21 Deireadh Fómhair 2020.

| | **Luacháil 2020** | **Costas** |
|---|---|---|
| Teach Rialtais Áitiúil, 35/39 Cé Uiséir, Baile Átha Cliath 8 | €9,850,000 | €2,385,323 |
| Teach an Fhionnuisce, 27 Bóthar Conyngham, Baile Átha Cliath 8 | €8,000,000 | €3,186,625 |

## 2.5 Aoisliúntas

Tá GBRÁ ina ball de Scéim Aoisliúntais an Rialtais Áitiúil (LGSS).

Gearrtar íocaíochtaí maidir le pinsin ar an gCuntas Ioncaim & Caiteachais sa tréimhse ina ndéantar íocaíochtaí. Áirítear i gcostas tuarastal sna cuntais asbhaintí maidir le sochair aoisliúntais (lena n-áirítear sochair do Bhaintreacha agus do Dhílleachtaí). Cuirtear asbhaintí den sórt sin chun sochair mar fháltais chuig an Ráiteas Ioncaim & Caiteachais. Maoinítear cnapshuimeanna ar scor ó Chúlchiste Speisialta na Gníomhaireachta, a bunaíodh chun na críche sin. Tá GBRÁ ina ball freisin den Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair ("Scéim Aonair") ar cuireadh tús léi le héifeacht ón 1 Eanáir 2013. Leanann an GBRÁ de ranníocaíochtaí fostaithe don Scéim Aonair a asbhaint ach tarchuirtear iad go lárnach chuig DPER. Níor cuireadh Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 17 i bhfeidhm ar na cuntais seo. Tá riachtanais na gcaighdeán cuntasaíochta reatha a bhaineann le pinsin agus lena gcur i bhfeidhm i gcuntasaíocht údaráis áitiúil á mbreithniú faoi láthair.

## 2.6 Tionscadail seirbhísí comhroinnte i Rialtas Áitiúil

Tugadh isteach roinnt tionscnamh tionscadail um sheirbhísí comhroinnte le linn 2013, mar aon le cruthú Oifig Bainistíochta Clár (PMO), chun na tionscadail a chomhordú agus a stiúradh. Aithníodh seirbhísí comhroinnte san Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht an Rialtais Áitiúil mar sheirbhísí atá in ann éifeachtúlachtaí agus coigilteas costais a bhaint amach. Bhain na tionscadail le seirbhísí comhroinnte párolla (MyPay) agus le haoisliúntas agus soláthar. Chomh maith le seirbhísí TF agus seirbhísí eile a sholáthar do chuid de na tionscnaimh seo dóibh go léir, tá maoirseacht ag GBRÁ ar an PMO áit a gcuirtear maoiniú ar fáil go lárnach tríd an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (DHLGH). In 2014 fuair GBRÁ ceadú do shaoráid iasachta €7m le téarma 10 mbliana, chun feidhmiú céimneach na saoráide MyPay chuig gach údarás áitiúil a éascú. Íoctar luach na híostarraingthe iasachta leis an ionad seirbhísí comhroinnte MyPay agus aithnítear é mar fhiach uathu don GBRÁ.

## 2.7 Cúlchistí

Aicmítear Cúlchistí GBRÁ mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| **Cúlchistí Coinnithe** | - Na barrachais charntha a eascraíonn as gnáthghníomhaíochtaí oibriúcháin GBRÁ, agus roimh chruthú GBRÁ, cúlchistí carntha oibriúcháin Bhord Seirbhísí Ríomhaire an Rialtais Áitiúil agus Bhord Seirbhísí Bainistíochta an Rialtais Áitiúil. |
| **Cúlchiste Speisialta** | - Cúlchiste a cruthaíodh chun íocaíocht méideanna na cnapshuime scoir a dhéanamh. Léirítear an cúlchiste seo ag an gCuntas Infheistíochta, léirithe faoi Shócmhainní Reatha ar an gClár Comhardaithe. |
| **Cúlchiste Athluachála** | - Cúlchiste cruthaithe d'áitreabh Ruílse. |

## 3 Ioncam Iomlán

| | | 2022 € | 2021 € |
|---|---|---|---|
| Déantar anailís bhreise ar ioncam mar seo a leanas: | | | |
| **3.1) Ioncam Tionscadail** | | | |
| Na príomhthionscadail (os cionn €100,000) a fuair maoiniú i rith na bliana: | | | |
| Aonad Forbartha Leabharlainne | | 7,435,109 | 6,147,112 |
| Aeráid, Dramhaíl & Iompar | | 2,275,196 | 1,648,328 |
| AD, Párolla & Aoisliúntas | | 3,891,895 | 4,197,358 |
| Córas Bainistíochta Airgeadais (FMS) | | 2,399,749 | 1,365,193 |
| Líonraí GBRÁ, ionad sonraí & straitéis dhigiteach | | 868,528 | 749,172 |
| Tithíocht | | 614,512 | 590,946 |
| Pleanáil | | 964,728 | 994,181 |
| Ceadúnú TFC | | 8,381,184 | 7,102,336 |
| Freagairt Cóiríochta Éigeandála | | 280,040 | - |
| Tionscadail eile | | 51,152 | 260,103 |
| Iomlán do Sheirbhísí Gníomhaireachta | | 27,162,093 | 23,054,729 |
| Maoiniú maidir le costais Bhailithe an Mhuirir Teaghlaigh | Nóta 3.4.c | 54,951 | 54,811 |
| Ioncam Iomlán Tionscadail | | 27,217,044 | 23,109,540 |
| **3.2) Cláir a fhaigheann maoiniú** | | | |
| Fuair seirbhísí comhroinnte agus cláir athchóirithe maoiniú ó: | | | |
| An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta | | 3,891,918 | 3,212,418 |
| Foinsí eile cistí | | 689,441 | 438,909 |
| | | 4,581,359 | 3,651,327 |
| **3.3) Ioncam Eile** | | | |
| Ioncam eile a fuarthas sa bhliain: | | | |
| Cistí Leasa Shóisialaigh a fuarthas | | 7,362 | 5,580 |
| Fóirdheontas DHLGH a bhaineann le costas an chomhaontaithe náisiúnta pá | | 234,403 | - |
| Eile | | 60 | 140 |
| | | 241,825 | 5,720 |
| **3.4) Seirbhísí Biúró - Ioncam a bailíodh** | | | |
| Muirear Cónaithe Príobháideach Neamhphríomha (NPPR) | Féach 3.4.a | 18,137,846 | 28,935,505 |
| Táille clárúcháin Protect our Water | Féach 3.4.b | 286,603 | 273,626 |
| Aisíocaíochtaí Muirir Teaghlaigh | Féach 3.4.c | - | - |
| | | 18,424,449 | 29,209,131 |

### 3.4.a) Muirear Cónaithe Príobháideach Neamhphríomha (NPPR)

Chuir an tAcht Rialtais Áitiúil (Muirir) 2009 muirear bliantúil i bhfeidhm i leith maoine cónaithe áirithe. Bhí an muirear bliantúil €200 i bhfeidhm idir 2009 agus 2013. Bhí ar úinéirí réadmhaoine aon mhaoin a thagann faoin muirear a chlárú agus an muirear a íoc mar aon le haon phionós a bhaineann le híocaíocht dhéanach. Is é GBRÁ an bord ainmnithe a shainaithnítear chun an muirear bliantúil a bhailiú thar ceann na n-údarás áitiúil. Cé gurbh í 2013 bliain deiridh an mhuirir, lean GBRÁ ag bailiú riaráistí a bhí dlite faoin reachtaíocht.

| | 2022<br>€ | 2021<br>€ |
|---|---|---|
| Bailiúcháin chomhlána | 18,137,846 | 28,935,505 |
| Costais forbartha agus oibriúcháin | (479,743) | (322,910) |
| Glanbhailiúcháin | 17,658,104 | 28,612,596 |
| Íocaíochtaí Amach chuig Údaráis Áitiúla | 17,658,104 | 28,612,596 |

### 3.4.b) Táille clárúcháin Protect our Water:

Leis an tAcht um Sheirbhísí Uisce (Leasú) 2012 rinneadh an tAcht um Sheirbhísí Uisce 2007 a leasú trí phróiseas clárúcháin a thabhairt isteach le haghaidh córas cóireála fuíolluisce tí. Cuireadh tús leis an bpróiseas clárúcháin ar an 26 Meitheamh 2012. Ar feadh tréimhse tosaigh a mhair trí mhí, b'ionann an táille clárúcháin agus €5, ag ardú go €50 ina dhiaidh sin. Eisítear Deimhniú Clárúcháin d'úinéirí a chláraíonn. Tá an clárú bailí ar feadh tréimhse cúig bliana.

Ceapadh GBRÁ mar an ghníomhaireacht chun an próiseas clárúcháin, ar a dtugtar Protect our Water, a riar.

| | 2022<br>€ | 2021<br>€ |
|---|---|---|
| Bailiúcháin chomhlána | 286,603 | 273,626 |
| Costais forbartha agus oibriúcháin | (96,421) | 152,510 |
| Glanbhailiúcháin | 190,182 | 121,115 |
| Íocaíochtaí Amach chuig Údaráis Áitiúla | - | - |
| Ar fáil le híoc amach | 190,182 | 121,115 |

### 3.4.c) Muirear Teaghlaigh

Ba mhuirear €100 é an Muirear Teaghlaigh ar gach maoin chónaithe sa Stát, rud a tugadh isteach leis an Acht Rialtais Áitiúil (Muirear Teaghlaigh) 2011. Ní raibh feidhm leis an muirear ach le haghaidh 2012 agus cuireadh deireadh leis nuair a tugadh isteach an Cháin Mhaoine Áitiúil in 2013.

Ba é GBRÁ an bord ábhartha a ainmníodh chun an Muirear Teaghlaigh a bhailiú agus a riar thar ceann na n-údarás áitiúil. Tá na Coimisinéirí Ioncaim freagrach as an gCáin Mhaoine Áitiúil (LPT) a riar agus as aon riaráistí a bhaineann leis an Muirear Teaghlaigh. Leanann GBRÁ leis an mbonneagar TF a chothabháil agus fiosruithe ó chustaiméirí ar an muirear a bhainistiú. Íocann an DHLGH glanchostas na seirbhíse seo.

| | 2022<br>€ | 2021<br>€ |
|---|---|---|
| Aisíocaíochtaí le linn na bliana | | |
| Costais forbartha agus oibriúcháin | (54,951) | (54,811) |
| Glanchostas ar GBRÁ | (54,951) | (54,811) |
| Éilithe/Inéilithe ó DHPCLG | 54,951 | 54,811 |

## 4 Costais na mBall Foirne

| | 2022<br>€ | 2021<br>€ |
|---|---|---|
| **a) Tá costais na foirne comhdhéanta de na nithe seo a leanas:** | | |
| Pá agus tuarastail | 7,663,266 | 6,984,413 |
| Costais leasa shóisialaigh | 660,030 | 579,656 |
| Fabhrú Pá Saoire - athrú sa bhliain | (2,097) | (43,769) |
| Costais pinsin (baill foirne ar iasacht amháin) | 316,263 | 227,937 |
| Costas na foirne fostaithe | 8,637,462 | 7,748,237 |
| Íocaíochtaí le pinsinéirí | 2,359,243 | 2,076,384 |
| Costais iomlána na foirne | 10,996,705 | 9,824,621 |

Ba é líon coibhéiseach lánaimseartha na bhfostaithe do 2022 ná 120.

Seo a leanas líon na bhfostaithe a raibh sochair iomlána os cionn €60,000 acu:

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| €60,000-€70,000 | 13 | 11 |
| €70,001-€80,000 | 18 | 15 |
| €80,001-€90,000 | 5 | 12 |
| €90,001-€100,000 | 8 | 4 |
| €100,001-€110,000 | 5 | 2 |
| €110,001-€120,000 | 1 | 2 |
| €120,001-€130,000 | - | 0 |
| €130,001-€140,000 | 1 | 0 |
| €140,001-€150,000 | 1 | 1 |
| €150,001-€160,000 | - | 0 |
| €160,001-€170,000 | - | 1 |
| €170,001-€180,000 | 1 | 1 |

**b) Tuarastal agus sochair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin**

Is iad seo a leanas an tuarastal agus na sochair a bhí i bhfeidhm don POF in 2022:

| | € | € |
|---|---|---|
| Tuarastal íoctha sa bhliain (liúntais san áireamh) | 173,418 | 166,802 |
| Ranníocaíochtaí Pinsin (os cionn na scéime caighdeánaí) | Náid | Náid |
| Bónas nó pá a bhaineann le feidhmíocht | Náid | Náid |
| Íocaíocht foirceanta | Náid | Náid |

**c) Cúiteamh Príomhbhainistíochta**

Ba é costas tuarastail na príomhbhainistíochta in 2022 ná €759,345 (2021: €726,171). Tá an phríomhbhainistíocht comhdhéanta den fhoireann bainistíochta feidhmiúcháin. Tá GBRÁ ina ball den Scéim Aoisliúntais Rialtais Áitiúil (LGSS) agus tá gach ball foirne GBRÁ ina mbaill den scéim seo nó den scéim pinsin aonair seirbhíse poiblí.

Ní fhaigheann comhaltaí Boird aon táillí nó luach saothair eile ón GBRÁ as a gcuid oibre.

## 5 Costais oibriúcháin agus forchostais

| | | 2022 € | 2021 € |
|---|---|---|---|
| Anailísithe mar seo a leanas: | | | |
| Taisteal agus cothú | 5.1 | 153,558 | 25,102 |
| Trealamh | | 330,562 | 281,070 |
| Oibriúcháin | 5.2 | 27,008,463 | 23,006,719 |
| Áitreabh | 5.3 | 1,109,530 | 654,560 |
| Riaracháin | 5.4 | 1,468,610 | 1,363,599 |
| | | 30,070,723 | 25,331,050 |

| | 2022 € | 2021 € |
|---|---|---|
| 5.1 **Tá Taisteal agus Cothú comhdhéanta den mhéid seo a leanas:** | | |
| Costais tí - Seirbhísí Gníomhaireachta | 100,573 | 14,135 |
| Costais tí - Seirbhísí Biúró | 473 | 1,732 |
| Costais tí - Seirbhísí Comhroinnte | 50,894 | 9,235 |
| Costais Iomlána Tí | 151,941 | 25,102 |
| Costais idirnáisiúnta - Seirbhísí Gníomhaireachta | 1,334 | - |
| Costais idirnáisiúnta - Seirbhísí Comhroinnte | 284 | - |
| Costais iomlána idirnáisiúnta | 1,617 | - |
| Costais iomlána Taistil agus Cothaithe | 153,558 | 25,102 |

### 5.2 Costais oibriúcháin

Is costais iad seo a bhaineann le seachadadh tionscadal ar mhaithe le hearnáil na nÚdarás Áitiúil. Baineann a bhformhór díobh le forbairt, le cur i bhfeidhm agus le cothabháil réiteach TF don earnáil i ndáil leis na tionscadail seo a leanas:

| | 2022<br>€ | 2021<br>€ |
|---|---|---|
| Córas Bainistíochta Airgeadais | 2,390,848 | 1,363,354 |
| Aeráid, Dramhaíl & Iompar | 2,265,253 | 1,645,898 |
| AD, Párolla & Aoisliúntas | 3,786,673 | 4,146,304 |
| Líonraí GBRÁ, ionad sonraí & straitéis dhigiteach | 1,188,457 | 941,142 |
| Aonad Forbartha Leabharlainne | 5,819,881 | 4,296,915 |
| Seirbhísí Roinnte | 630,061 | 652,288 |
| Athchóiriú ar Theach an Fhionnuisce | - | 116,174 |
| Tithíocht | 596,219 | 574,079 |
| Seirbhísí Biúró | 436,170 | 378,795 |
| i-Reg | 159,613 | 194,153 |
| Pleanáil | 904,114 | 1,097,153 |
| Tuairisceáin LG | 166,087 | 88,117 |
| Ceadúnú TFC | 8,381,080 | 7,102,480 |
| Taighde | 23,381 | - |
| Tionscadail eile agus bainistiú clár | 260,626 | 409,867 |
| | 27,008,463 | 23,006,719 |

### 5.3 Costais áitribh

Baineann siad seo le costais reatha áitribh GBRÁ ag Teach Rialtais Áitiúil, 35-39 Cé Uiséir, Baile Átha Cliath 2 agus ag Teach an Fhionnuisce, 27 Bóthar Conyngham, Baile Átha Cliath 8.

| | 2022<br>€ | 2021<br>€ |
|---|---|---|
| Cíos agus Rátaí & Muirir Sheirbhíse | 187,628 | 205,122 |
| Solas agus teas | 162,769 | 101,935 |
| Cothabháil, deisiúcháin, glantachán agus slándáil | 759,133 | 347,504 |
| | 1,109,530 | 654,560 |

### 5.4 Costais riaracháin

Cuimsíonn siad seo costais oifige, árachas, earcú foirne, táillí gairmiúla etc. Áirítear leo:

| | 2022<br>€ | 2021<br>€ |
|---|---|---|
| Costais phearsanra, earcú san áireamh | 162,219 | 365,560 |
| Teileafóin, postas agus páipéarachas | 768,033 | 389,832 |
| Muirir Bhainc agus Táillí Ceannaithe | 60,513 | 53,375 |
| Táillí Iniúchóireachta, iniúchadh inmheánach san áireamh | 42,949 | 44,542 |
| Táillí gairmiúla, táillí dlí san áireamh | 294,249 | 441,671 |
| Árachais | 116,361 | 59,687 |
| Ilghnéitheach | 24,286 | 8,932 |
| | 1,468,610 | 1,363,599 |

### 5.5 Táillí gairmiúla agus costais eile

Áirítear iad seo a leanas faoi chostais oibriúcháin agus forchostais:

| | 2022<br>€ | 2021<br>€ |
|---|---|---|
| Costas iniúchta reachtúil | 15,500 | 14,461 |
| Costas Iniúchta Inmheánaigh | 25,184 | 30,081 |
| Ús agus muirir a bhaineann le híocaíocht phras | 1,324 | 358 |
| Táillí dlí níos mó ná €10,000 do na gníomhaíochtaí seo a leanas: | | |
| Comhairle ar shaincheisteanna earnála agus ar chonarthaí | 49,845 | 145,926 |
| Costais chorparáide GBRÁ | 19,126 | 25,335 |

Níor íoc GBRÁ aon mhéideanna de chostais socraíochta nó cúitimh maidir le haon saincheisteanna dlí. Táillí comhairliúcháin agus dlí níos mó ná €10,000 do na gníomhaíochtaí seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| Comhairle ar shaincheisteanna na hearnála Rialtais Áitiúil** | 561,530 | 782,451 |
| Caidreamh poiblí | 43,604 | 31,258 |
| Costais chorparáide GBRÁ | 102,445 | 152,427 |

** Áirítear leis seo comhairle ar Theicneolaíocht Faisnéise, Bonneagar Uisce, Tithíocht, Leabharlann agus taighde.

Ba é costas iomlán na ranníocaíochtaí do ghníomhaíochtaí agus imeachtaí sóisialta na foirne in 2022 ná €2,012 (2021: €1,266).

## 6 Íocaíochtaí amach bailiúchán agus clár maoinithe

Le linn 2013, tháinig GBRÁ chun bheith ina chomhlacht atá freagrach as bailiú costas a riar agus éilimh chistithe a dhéanamh chuig an rialtas láir, an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta faoi láthair (DHLGH), thar ceann na n-údarás áitiúil sin atá ina bpríomhúdaráis le haghaidh seirbhísí comhroinnte. Ón GBRÁ a aisíoctar costais cheadaithe a thabhaíonn údaráis áitiúla chun seirbhísí comhroinnte a sholáthar, agus faigheann GBRÁ maoiniú ón DHLGH dá réir sin.

Ina theannta sin, is í GBRÁ an ghníomhaireacht ainmnithe chun NPPR, Muirir Teaghlaigh agus táillí Protect our Water a bhailiú mar a thuairiscítear i nóta 3, agus glanfháltais á íoc amach le hÚdaráis Áitiúla.

Is iad seo a leanas na príomhbhailiúcháin agus maoiniú deontais le híoc amach:

| | 2022<br>€ | 2021<br>€ |
|---|---|---|
| Seirbhísí Leabharlainne* | 1,020,735 | 1,279,501 |
| Glanfháltais NPPR íoctha amach | 17,658,104 | 28,612,595 |
| Glanfháltais Protect our Water | 190,181 | 121,116 |
| Cistí seirbhísí comhroinnte | 1,371,579 | 1116,318 |
| | 20,240,599 | 31,129,530 |

*Áirítear le seirbhísí leabharlainne suim de €200,000 a íoctar le húdair, le maisitheoirí etc. a dtugtar a gcuid leabhar ar iasacht ó leabharlanna poiblí, faoin Scéim Luach Saothair Iasachta Poiblí.

## 7 Sócmhainní Neamh-Reatha - Sócmhainní Inláimhsithe Sceideal maoine, gléasra agus trealaimh

| | Áitribh | Daingneáin & Feistis | Trealamh Ríomhaireachta | Trealamh & Troscán Oifige | Trealamh Oiliúna | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **COSTAS** | € | € | € | € | € | € |
| Costas Carnach amhail 01/01/2022 | 18,778,047 | 1,809,326 | 3,183,625 | 617,423 | 20,902 | 24,409,323 |
| Diúscairtí | - | - | - | - | - | - |
| Breisithe | - | - | 184,288 | 18,931 | - | 203,219 |
| Athluacháil | - | - | - | - | - | - |
| Costas Carnach amhail 31/12/2021 | 18,778,047 | 1,809,326 | 3,367,913 | 636,354 | 20,902 | 24,612,542 |
| **DÍMHEAS** | | | | | | |
| Dímheas Carnach amhail 01/01/20221 | 738,895 | 1,809,326 | 3,097,585 | 606,738 | 20,902 | 6,273,446 |
| Diúscairtí | - | - | - | - | - | - |
| Muirear don Bhliain | 700,966 | - | 124,618 | 3,890 | - | 829,474 |
| Athluacháil | - | - | - | - | - | - |
| Dímheas Carnach amhail 31/12/2022 | 1,439,861 | 1,809,326 | 3,222,203 | 610,628 | 20,902 | 7,102,920 |
| Glanluach de réir na Leabhar amhail 31/12/2021 | 17,338,186 | - | 145,710 | 25,726 | - | 17,509,622 |
| 31/12/2020 | 18,039,151 | - | 86,040 | 10,685 | - | 18,135,877 |

## 8 Airgead Tirim agus Coibhéis Airgid Thirim

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Cuntais oibriúcháin GBRÁ | 2,732,300 | 518,847 |
| Cuntais bhainc NPPR | 1,631,813 | 2,262,129 |
| Muirear Teaghlaigh | 16,017 | 15,943 |
| Protect our Water | 1,720,318 | 1,481,633 |
| | 6,100,448 | 4,278,552 |

## 9 Infháltais

| | | 2022<br>€ | 2021<br>€ |
|---|---|---|---|
| Féichiúnaithe | | 388,720 | 691,794 |
| Iasacht infhála do sheirbhísí comhroinnte | Nóta 11 | 2,992,296 | 2,702,880 |
| Réamhíocaíochtaí & ioncam fabhraithe | | 3,426,757 | 2,986,233 |
| | | 6,807,773 | 6,380,907 |

## 10 Suimeanna iníoctha

| | | 2022<br>€ | 2021<br>€ |
|---|---|---|---|
| Creidiúnaithe trádála | | 1,035,478 | 883,737 |
| Iasacht chistithe dlite taobh istigh de bhliain amháin | Nóta 11 | 505,421 | 430,944 |
| Cáin agus slándáil shóisialach | | 320,963 | 306,211 |
| Creidiúnaithe eile, fabhruithe*** agus ioncam réamhíoctha | | 12,877,295 | 14,773,483 |
| | | 14,739,157 | 16,394,375 |

***Áirítear le fabhruithe soláthar de €152,579 (2021: €271,643) chun seirbhísí TFC GBRÁ a athstruchtúrú.

Tá an clár oibre ar siúl chun dul i ngleic le saincheisteanna agus rioscaí bunúsacha a bhaineann le feidhmiú an eastáit TFC reatha.

## 11 Creidiúnaithe: méideanna a bheidh dlite tar éis bliana amháin ar a laghad

| | 2022<br>€ | 2021<br>€ |
|---|---|---|
| Iasacht chistithe iníoctha | 2,992,296 | 2,702,880 |
| | 2,992,296 | 2,702,880 |

In 2014 fuair GBRÁ cead, thar ceann an ionaid seirbhísí comhroinnte MyPay, maidir le saoráid iasachta €7m chun tacú le feidhmiú céimneach tionscnaimh seirbhísí comhroinnte, an tseirbhís chomhroinnte MyPay, do gach údarás áitiúil. Comhaontaíodh saoráid iasachta leis an nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe in 2014 ag ráta úis 1.75%, téarma 10 mbliana agus le tréimhsí aisíocaíochta leathbhliantúla. Rinneadh íostarraingtí €5,075,000 go dtí seo. Aistrítear cistí íostarraingthe chuig an ionad seirbhísí comhroinnte MyPay a léiríonn an dliteanas don GBRÁ ina gcuntais. Tá aisíocaíochtaí iasachta agus costais úis maoinithe ag an ionad seirbhísí comhroinnte MyPay de réir mar a thagann siad chun cinn.

## 12 Anailís ar Chúlchistí

| | Athluacháil Cúlchiste | Coinnithe Cúlchiste | Cúlchiste Coinnithe Ioncaim | Cúlchiste Speisialta | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € | € |
| Iarmhéid tosaigh ar an 1 Eanáir 2022 | 14,171,699 | 20,536,038 | 34,707,737 | 3,511,787 | 38,219,524 |
| Ranníocaíochtaí Údaráis Áitiúil sa tréimhse | - | - | - | 228,910 | 228,910 |
| Ranníocaíochtaí Eile sa tréimhse | | | | 139,373 | 139,373 |
| Ús tuillte | - | - | - | 7,101 | 7,101 |
| Pinsin chnapshuime íoctha le linn na bliana | - | - | - | (925,741) | (925,741) |
| Barrachas / (Easnamh) don bhliain | - | 14,042 | 14,042 | - | 14,042 |
| Dímheas ar áitribh athluacháilte | (640,478) | 640,478 | - | - | - |
| Athluacháil maoine | - | - | - | - | - |
| Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2022 | 13,531,221 | 21,190,558 | 34,721,779 | 2,961,430 | 37,683,209 |

Baineann an Cúlchiste Athluachála le Teach Rialtais Áitiúil, 35-39 Cé Uiséir, Baile Átha Cliath 8 agus le Teach an Fhionnuisce, 27 Bóthar Conyngham, Baile Átha Cliath 8.

Tá rún ag Bord GBRÁ an ghníomhaireacht a aistriú amach as an spás oifige atá aige faoi láthair agus foirgneamh amháin níos mó a cheannach ina mbeadh an fhoireann ar fad agus a shásódh riachtanais saoráidí. Tá sé seo deacair sa mhargadh reatha; mar sin féin, leanfaimid le Cúlchistí Ginearálta a charnadh chun an cuspóir seo a mhaoiniú.

Cruthaíodh an Cúlchiste Speisialta chun íocaíocht méideanna na cnapshuime scoir a dhéanamh. Léirítear an cúlchiste seo ag an gCuntas Infheistíochta, léirithe faoi Shócmhainní Reatha ar an gClár Comhardaithe.

## 13 Dliteanais Theagmhasacha

Tá gach dliteanas ionchasach de chuid GBRÁ léirithe sna cuntais. Níl an Bord ar an eolas faoi aon dliteanais teagmhasacha ábhartha ag an dáta tuairiscithe.

## 14 Ceangaltais - caipiteal

Ní raibh aon cheangaltais chaipitil ann ag deireadh na bliana.

## 15 Teagmhais tar éis an dáta tuairiscithe

Ní raibh aon teagmhais tar éis an dáta tuairiscithe a d'éileodh coigeartú nó nochtadh sna Ráitis Airgeadais.

## 16 Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Bord na Ráitis Airgeadais ar an 24 Bealtaine, 2023.

LGMA
Local Government Management Agency